# FORAOISÍ LE HAGHAIDH ÁR DTODHCHAÍ









COILLTE

FÁS · BUNATHRAIGH · COTHAIGH

TUARASCÁIL BHLIANTÚIL 2019

# CLÁR ÁBHAR


**4 Cé atá Ionainn**

**5 An Méid a Dhéanaimid**

**6 Ráiteas an Chathaoirligh**

**8 Athbhreithniú an Phríomhfheidhmeannaigh**

**12 Feidhmíocht Airgeadais**

**13 Buaicphointí 2019**

**14 Forbhreathnú ar Ghnó**

14 Foraois

16 Réitigh Talún & Dul i bhFiontar

16 Fuinneamh In-athnuaite

18 MEDITE SMARTPLY

**20 Ár nDaoine**

21 Sláinte agus Sábháilteacht

21 Éagsúlacht agus Ionchuimsitheacht

22 Suirbhé Ar Thuairimí Na Bhfostaithe

22 Dúshlán Sholas na Gealaí

23 An Cogadh ar Phlaisteach

23 Junk Kouture

**24 Ceiliúradh 30 Bliain i mBun Gnó in 2019**

26 Buaicphointí Amlíne 30 Bliain





**28 Foraoisí Le hAghaidh Adhmaid**

29 Bainistíocht Inbhuanaithe Foraoisí

29 Leagan Crann agus Cur Crann

30 Táirgí Adhmaid Bainte

30 Medite Tricoya Extreme






**32 Foraoisí Le hAghaidh Na hAeráide**

33 Fuinneamh In-athnuaite

33 Crainn, Carbón agus an Tathrú Aeráide

34 Seachtain Na Heolaíochta / Seachtain Náisiúnta Na Gcrann

34 Tógáil Tithe Éighníomhacha

35 An Raibh a Fhios Agat?


Grianghraf Clúdaigh: Foraois na Collchoille de chuid Coillte, Co. Shligigh.

**36 Foraoisí Le hAghaidh an Dúlra**
37 Dúlra Choillte
37 Foraois na Collchoille a Athchóiriú
38 Tionscadal na Gcoillte Dúchasacha Lár Tíre
38 Plean Iompaithe Shléibhte Bhaile Átha Cliath
39 Bith-Fhoraois



**40 Foraoisi Le hAghaidh Daoine**
41 Athfhorbairt na Craobhaí
41 Ionaid Conairí RS (Rothaíocht Sléibhe) Náisiúnta
42 Coillte le haghaidh na Sláinte
42 Rith na Ndreoilíní De Chuid Theach Pieta
43 Díolacháin Talún le haghaidh



**44 An Bord Stiúrthóirí**

**47 Ráitis Airgeadais Reachtúla**
48 Tuarascáil na Stiúrthóirí
52 Ráiteas ar Rialú Inmheánach
55 Ráiteas Rialachais agus Tuarascáil Chomhaltaí an Bhoird
60 Tuarascáil an Iniúchóra Neamhspleách do Chomhaltaí Choillte Cuideachta Ghníomhaíochta Ainmnithe
62 Cuntas Brabúis agus Caillteanais an Ghrúpa
63 Ráiteas an Ghrúpa ar Ioncam Cuimsitheach Eile
64 Clár Comhardaithe an Ghrúpa
65 Clár Comhardaithe na Cuideachta
66 Ráiteas an Ghrúpa ar Shreafaí Airgid
67 Ráiteas na Cuideachta ar Shreafaí Airgid
68 Ráiteas an Ghrúpa ar Athruithe ar Chothromas
69 Ráiteas na Cuideachta ar Athruithe ar Chothromas
70 Nótaí a ghabhann leis na Ráitis Airgeadais

**119 Faisnéis Chorparáideach**

# CÉ ATÁ IONAINN

**IS COIMEÁDAÍ COILLTE DE NÍOS MÓ NÁ 440,000 HEICTEÁR DE THAILTE FORAOISE NA HÉIREANN. BAINISTÍMID ÁR BHFORAOISÍ AGUS ÁR NGNÓLACHTAÍ D'FHONN TODHCHAÍ INBHUANAITHE A CHRUTHÚ DO CHÁCH.**



# AN MÉID A DHÉANAIMID

SOLÁTHRAÍMID ÁBHAIR INBHUANAITHE CHUN BAILTE AGUS ÁITEANNA OIBRE A THÓGÁIL

DÉANAIMID RATH TRÁCHTÁLA A SHEACHADADH

COSNAÍMID AGUS FEABHSAÍMID AN COMHSHAOL

GLANAIMID AN TAER A ANÁLAÍONN TÚ

INFHEISTÍMID I BPOBAIL TUAITHE INA BHFUIL ÁR BHFRÉAMHACHA UILE

SOLÁTHRAÍMID SPÁSANNA SLÁINTIÚLA AS A MBAINIMID UILE TAITNEAMH

FORBRAÍMID FUINNEAMH GLAS CHUN BAILTE AGUS GNÓLACHTAÍ A CHUMHACHTÚ

# RÁITEAS AN CHATHAOIRLIGH

**I mo chéad bhliain mar Chathaoirleach in 2019 tugadh chun suntais dom an cion mór ar féidir le Coillte é a dhéanamh thar ceann na hÉireann i roinnt réimsí. Ba bhliain athraithe í ar dhóigheanna éagsúla, le ceapachán POF nua, Imelda Hurley, agus le ceapachán comhaltaí nua don Bhord i gcoinne an chúlra de thimpeallacht margaidh dhúshlánach agus Brexit ag a croílár. Ina dhiaidh sin is uile, bhí an dara feidhmíocht airgeadais is fearr riamh ag an gcuideachta agus roinnt tionscnamh nua eile ann sa bhithéagsúlacht agus i bhfuinneamh in-athnuaite.**







Ba bhliain aistrithe í 2019 do Choillte ar dhóigheanna iomadúla. Mar gheall ar an bhfócas sochaíoch agus eacnamaíoch méadaithe ar inbhuanaitheacht le linn na bliana seo a chuaigh thart rinneadh éilimh nua ar Choillte chun ról níos mó a ghlacadh i dtodhchaí na hÉireann a mhúnlú maidir leis sin. Ag an am céanna, tá a fhios againn go maith go bhfuil freagracht againn as ár bhforaoisí a optamú mar cheann de shócmhainní príomhúla na hÉireann. Leanfaimid chun ár ndícheall a dhéanamh chun cothromaíocht a bhaint amach idir na cláir oibre sin a mbíonn i gcoimhlint le chéile uaireanta, chun a chinntiú gur féidir le hÉirinn agus lena muintir leas a bhaint as tairbhí ár bhforaoisí.

Chonacthas aistriú nach beag laistigh den chuideachta le linn mo chéad bhliana mar Chathaoirleach. Bhí áthas orainn chun a fhógairt gur ceapadh Imelda Hurley mar POF, tar éis do Fergal Leamy éirí as a phost, agus rinneadh roinnt ceapachán nua don Bhord freisin. Bhí luas an athraithe sin go hinmheánach ag teacht leis an neamhchinnteacht sa mhargadh faoi Brexit inár bpríomh-mhargadh sa RA, agus i dtreo dheireadh na bliana, le dúshláin maidir le ceadúnais leagain a aimsiú chun cur ar ár gcumas ár gcuid foraoisí a bhainistiú go héifeachtach. D'ainneoin sin, bhí an dara feidhmíocht airgeadais is fearr riamh ag an gcuideachta, agus is fianaise é sin ar thiomantas agus ar mhianach ár bhfoirne.

NÍ RAIBH AN FHORAOISEACHT CHOMH ÁBHARTHA RIAMH AGUS ATÁ SÍ SA LÁ ATÁ INNIU ANN. LE FORAOISÍ, SOLÁTHRAÍTEAR ÁBHAIR THÓGÁLA INBHUANAITHE, FÉADTAR ÁR MBITHÉAGSÚLACHT A FHEABHSÚ AGUS ÁR NUISCE A GHLANADH AGUS RIOSCA TUILTE A LAGHDÚ.



Tá Foraoisí ag croílár gach ní a dhéanaimid. Is ionann foraoisí na hÉireann agus ár slogaide agus ár stóras carbóin is mó, agus thart ar 4m tona de charbón nua á ngabháil acu gach bliain agus thart ar 55m tona de charbóin san iomlán á stóráil acu. Soláthraítear ábhair thógála inbhuanaithe leo freisin, féadtar ár mbithéagsúlacht a fheabhsú leo, agus ár n-uisce a ghlanadh agus mar gheall orthu laghdaítear an riosca tuilte agus soláthraítear limistéir caithimh aimsire do chách. Ar ndóigh, meastar go dtugtar 18 milliún cuairt ar ár bhforaoisí gach bliain, nó thart ar 4 chuairt in aghaidh an duine ar an meán. Tá an-fhonn ar Choillte a chion a dhéanamh maidir le spriocanna foraoisithe náisiúnta nua a bhaint amach de 8,000 heicteár in aghaidh na bliana faoin bPlean Gníomhaithe ar son na hAeráide, ach is féidir linn sin a dhéanamh ar an mbealach is fearr i gcomhthéacs beartas talamhúsáide náisiúnta nua.

Faoi láthair déantar aon chúigiú dár n-eastát (90,000 heicteár) a bhainistiú chun críocha na bithéagsúlachta. Anuraidh, sheolamar Dúlra Choillte freisin trína gcuirfear mórthionscadail bithéagsúlachta chun feidhme amhail ár dtionscadal i Sléibhte Bhaile Átha Cliath, agus ár gcomhoibriú le Bord na Móna d'fhonn 1,500 heicteár de phortach a iompú ina gcoillte dúchasacha. Tá sé mar aidhm againn freisin ár gcuid talún a optamú maidir le húsáid na gaoithe ar tír, tríd an gcomhaontú dár gcuid le déanaí le BSL (Bord Soláthair an Leictreachais) chun cuideachta forbartha chomhfhiontair a bhunú.

Níorbh fhéidir ceann ar bith de na nithe sin a dhéanamh murach ár ndaoine. Le linn na bliana seo a chuaigh thart ba mhór agam buaileadh le raon leathan den fhoireann ar feadh na heagraíochta agus ba mhaith liom mo bhuíochas a ghabháil leo as a gcuid oibre lena ligtear do Choillte an méid lena raibh sé ag súil a shárú maidir lena bhfuil sé in ann a bhaint amach, go speisialta i láthair na huaire nuair atá muid ag streachailt le dúshláin COVID-19. Ba mhaith liom mo bhuíochas a ghabháil lenár gcustaiméirí, lenár gconraitheoirí agus lenár soláthraithe freisin as ucht a gcuid tacaíochta agus rannpháirtíochta leanúnaí. Thar ceann an Bhoird, ba mhaith liom mo bhuíochas a ghabháil freisin lenár scairshealbhóirí, an tAire Talmhaíochta, Bia agus Mara agus an tAire Caiteachais Phoiblí, agus lena gcuid oifigeach agus comhairleoirí i NewERA, as a gcuid tacaíochta láidre i mbliain aistrithe shuntasaigh.

Beidh iarmhairtí suntasacha ar Éirinn agus ar fud an domhain mar thoradh ar theacht COVID-19 le déanaí. Cuirtear isteach ar Choillte freisin, agus cuirfear isteach air amach anseo in 2020, ach tá ár bhfoireann dírithe ar dhul in oiriúint leis an réadúlacht atá ag teacht chun cinn agus ar thabhairt fúithi. Ní raibh an fhoraoiseacht chomh ábhartha riamh agus atá sí sa lá atá inniu ann agus tá mé ag tnúth le bheith i gceannas ar an mBord agus ar an eagraíocht de réir mar a leanaimid le torthaí a sheachadadh d'Éirinn agus dá saoránaigh sna blianta le teacht.

**Bernie Gray**
Cathaoirleach

# ATHBHREITHNIÚ AN PHRÍOMHFHEID HMEANNAIGH

**Tá lúcháir orm gur ghlac mé leis an ról mar POF sa tréimhse seo atá iontach ach dúshlánach do Choillte.**

**Chuaigh mé leis an gcuideachta ag tús Mhí na Samhna 2019, agus tá sé soiléir dom cheana féin go bhfuil ról tábhachtach ag Coillte maidir le réitigh a sholáthar ar dhúshláin shuntasacha atá os comhair na sochaí, agus Gníomhú ar son na hAeráide agus cosaint na Bithéagsúlachta san áireamh. Tá sé soiléir freisin gurb é an dóigh is fearr chun a chinntiú go mbíonn na hacmhainní airgeadais againn chun cion éifeachtach a dhéanamh sa todhchaí, ná chun leanúint le gnólacht tráchtála láidir, bríomhar a chruthú, lena n-aimsítear cothromaíocht idir gnéithe sóisialta agus comhshaoil na foraoiseachta.**







**Feidhmíocht Airgeadais an Ghrúpa**

Le linn 2019, bhí timpeallacht an mhargaidh dúshlánach, go háirithe sa dara leath den bhliain. Bhí bacainní suntasacha os comhair ár ngnólachtaí Foraoise agus MEDITE SMARTPLY i bpríomh-mhargadh na RA. Ba thoradh é sin ar neamhchinnteacht leanúnach maidir le Brexit comhcheangailte le soláthar iomarcach táirgí foraoise agus damáiste ag ciaróga coirte i Lár na hEorpa ina chúis leis. Léiríodh é sin i mbrú anuas suntasach ar phraghsanna maidir le hadhmad sáfa, clár SMD (clár snáithíneach meándlúis) agus OSB (clár sliseog treoshuite), agus d'fhulaing gach catagóir de tháirgí laghduithe ar phraghsanna díolachán de 15%-20% óna bpointe is airde ag deireadh R1 2019.

D'ainneoin an chúlra dhúshlánaigh sin, sheachaid an gnólacht an dara feidhmíocht airgeadais is fearr riamh. Ghin sé TRÚCDA de €103m mar aon le hAirgead Oibriúcháin de €54m, gar don TRÚCDA de €115m agus Airgead Oibriúcháin de €60m a seachadadh in 2018, méid níos mó ná riamh. Tá láidreacht na feidhmíochta bunaidh in 2019 soiléir go háirithe nuair a chuirimid díolachán mhórchuid ár bhfeirmeacha gaoithe oibriúcháin i Nollaig 2018 san áireamh, mar ba ionann iad agus thart ar €7m mar TRÚCDA athfhillteach agus Airgead Oibriúcháin.

Tá sé sásúil freisin chun a thabhairt faoi deara go bhfuil an Grúpa saor ó fhiachais, don chéad uair riamh. Ag deireadh 2019 bhí glan-iarmhéid airgid de thart ar €4m againn. Cuirtear bunús láidir ar fáil dúinn leis sin le haghaidh na gclár fáis agus infheistíochta atá á mbeartú againn faoinár straitéis nua.

BA GHARSPRIOC FHÍOR-THÁBHACHTACH DON GHRUPA É SEOLADH DÚLRA CHOILLTE I MEITHEAMH 2019. DÍREOFAR DÚLRA CHOILLTE AR THIONSCADAIL SHUNTASACHA A SHEACHADADH I RÉIMSÍ AMHAIL COILLTE DÚCHASACHA NUA A CHRUTHÚ, FEABHSÚ NA BITHÉAGSÚLACHTA AGUS FORAOISÍ UIRBEACHA A IOMPÚ.



**Buaicphointí 2019**

Taifeadadh na díolacháin lomán is mó **ná riamh in 2019.** Sa ghnólacht Foraoise dár gcuid sholáthraíomar níos mó ná 2.7m m3 de snáithín adhmaid dár ngnólacht Medite SmartPly agus do chustaiméirí ár muileann sábhadóireachta. Rinneamar níos mó ná **9,000 heicteár d'fhoraoisí nua a athchur**. Ba é sin an t-athchur den leibhéal is airde riamh agus leis sin atosaítear timthriall na gabhála carbóin agus tháirgeadh adhmaid inbhuanaithe.

Ba gharsprioc fhíor-thábhachtach don Ghrúpa é **seoladh Dúlra Choillte** i Meitheamh 2019. Díreofar Dúlra Choillte ar thionscadail shuntasacha a sheachadadh i réimsí amhail coillte dúchasacha nua a chruthú, feabhsú na bithéagsúlachta agus foraoisí uirbeacha a iompú. Tá sé de rún againn Dúlra Choillte a fhás ina ghnólacht neamhbhrabúis rathúil agus beidh muid ag fiosrú raoin d'fhoinsí maoinithe seachtracha chun cuidiú linn gníomhaíocht a mhéadú sa ghearrthéarma.

In 2019, rinneamar luach caithimh aimsire ár gcoillte a fheabhsú. Tá an **athfhorbairt de thart ar €8m ar Pháirc Foraoise na Craobhaí i gCo. Chill Mhantáin mar "Áit na bhFísithe"** anois sa chéim fhorbartha den phleanáil. Táimid ag súil le dul chun cinn suntasach breise a dhéanamh sa tionscadal sin le linn 2020, atá deartha chun saol mhuintir Parnell agus stair na foraoiseachta in Éirinn a chur os comhair an phobail.

Bhí lúcháir orainn freisin chun na céad 20km dár **Rian Rothaíochta Sléibhe (RS)** de chaighdeán idirnáisiúnta a oscailt. Tá sé de rún againn na 80km atá fágtha den rian sin ar Shliabh Bladhma, chomh maith le 50km breise de rianta agus de shaoráidí ar feadh ár gcúig ionad rothaíochta sléibhe, a oscailt sna trí bliana eile atá le teacht.

Ar feadh 2019, d'oibríomar i ndlúthchomhar le BSL ar chomhfhiontar uaillmhianach. Tá an tionscadal sin dírithe ar níos mó ná 1 GW d'fhuinneamh in-athnuaite nua a sheachadadh (ón ngaoth ar tír den mhórchuid) faoi 2030. Tá áthas mór orm gur chuireamar comhaontuithe deiridh chun feidhme lena gcuirtear taca faoin gcomhfhiontar sin i Samhain 2019, faoi réir ag imréiteach rialála agus ag faomhadh ó na scairshealbhóirí. Baineann fíor-thábhacht leis an gcomhfhiontar forbartha fuinnimh in-athnuaite sin. Creidim go bhfuiltear in ann príomhról a ghlacadh mar gheall air sin sa chéad chéim eile de ghiniúint leictreachais in Éirinn a dhícharbónú agus maidir leis an sprioc a bhaint amach sa Phlean Gníomhaithe ar Son na hAeráide de 70% mar fhoinsí in-athnuaite fuinnimh faoi 2030.

I nDeireadh Fómhair 2019, fuaireamar faomhadh ón mBord **chun dul ar aghaidh le Céim 2 den infheistíocht in Athnuachan SmartPly.** Díreofar é sin ar na Triomadóirí, ar an Gléasra Fuinnimh agus ar Scáileáin, agus nuair a dhéanfar é a chomhcheangal leis an

infheistíocht de €59m a rinneadh cheana féin chun an Brúiteoir agus an deireadh Bailchríche a athsholáthar, cuirfear taca faoi iomaíochas SmartPly amach anseo. Táimid ar lorg faofa ó na scairshealbhóirí faoi láthair le haghaidh na hinfheistíochta, rud lena ndéanfar coigilteas costas suntasach a réadú inár mbarúil féin agus lena ligfear dúinn táirgeacht a mhéadú agus coinneáil suas le pleananna fáis uaillmhianacha ár gcustaiméirí.

Rinneadh dull chun cinn maith ar **thógáil na céad saoráide aicéitilithe sliseanna adhmaid Tricoya ar an domhan** in Hull, sa RA, thar chúrsa R1 2020. Is comhfhiontar an tionscadal sin lenár gcomhpháirtithe BP agus Accsys Technologies, ach bhí roinnt moilleanna ann i dtaca leis le linn 2019. Is é Medite a bheidh ina phríomhghlacadóir den soláthar sliseanna adhmaid ón ngléasra a luaithe agus a bheidh sé faoi lán seoil, rud lena bhfuiltear ag súil faoi dheireadh 2020. Leis sin cuirfear ar ár gcumas díolacháin Medite Tricoya Extreme a mhéadú ar bhonn suntasach, rud atá ag leanúint le héileamh láidir agus forbairt praghais a thaispeáint agus is cuid lárnach é de straitéis breisluacha thodhchaíoch Medite.

Ba bhliain an-tábhachtach í 2019 freisin do dhaoine Choillte. I Meitheamh, bhí **Ceiliúradh na Céad 30 Bliain** ann ar an gCraobhach, imeacht croíúil don fhoireann agus do phinsinéirí. Leis an imeacht ceiliúradh an cion ollmhór a rinne daoine i gCoillte san am a chuaigh thart agus faoi láthair ar son an ghnólachta le linn fiche nó tríocha bliain agus tugadh aitheantas don chion sin. Seoladh **beartas Éagsúlachta agus Ionchuimseachta** nua, ar a dtugadh **"GACH DUINE - Fásaimis Le Chéile"** freisin, in Aibreán.

## Ionchas 2020

Beidh timpeallacht an mhargaidh in 2020 an-dúshlánach. Ar theacht isteach sa bhliain dúinn, bhí an t-éileamh inár bpríomh-mhargaí sa RA agus in Éirinn go measartha láidir, cé go raibh iarmharach an tsoláthair iomarcaigh a tháinig chun cinn in 2019 fós ann, agus leanadh le brú anuas a chur ar phraghsanna. Sa bhreis air sin, thug an Roinn Talmhaíochta, Bia agus Mara ('RTBM') nósanna imeachta nua isteach le déanaí le haghaidh oibríochtaí foraoiseachta ceadúnaithe a scagadh agus a fhaomhadh, lena n-áirítear baint adhmaid agus tógáil bóithre. Mar gheall ar na nósanna imeachta nua sin, a cuireadh i bhfeidhm ar dtús in 2019, moillíodh faomhadh na gceadúnas leagain do chlár bainte 2020 agus bhí iarmhairt acu ar infhaighteacht adhmaid ar féidir le Coillte é a chur sa mhargadh trí cheant. Leanaimid le hidirghabháil a dhéanamh le RTBM maidir le ceadúnú ár gcláir bainte agus chun a chinntiú go gcuirimid an fhaisnéis thacaíochta uile ar fáil a theastaíonn chun ár n-iarratais ar cheadúnú a phróiseáil.

Agus é seo á scríobh, tá neamhchinnteacht eacnamaíoch agus shochaíoch ollmhór á cruthú ag COVID-19 ar fud an domhain. An 12 Márta, fógraíodh an chéad sraith de bhearta in Éirinn chun freagairt ar COVID-19 agus an 27 Márta fógraíodh sraith bhreise de bhearta. Sa mhéid is mó agus is féidir, tá ár bhfócas ar shláinte, ar shábháilteacht agus ar leas ár gcomhghleacaithe, ár gconraitheoirí agus ár gcustaiméirí agus na ndaoine a thugann cuairt ar ár saoráidí caithimh aimsire a chinntiú. Is léir go bhfuil dinimic an mhargaidh athraithe ag an bpaindéim seo agus is dócha go mbeidh iarmhairt dhiúltach an-suntasach aici ar ár ngnó le linn R2 agus R3 2020 ar a laghad.

I gcoinne an chúlra sin, tá feidhmíocht airgeadais réamh-mheasta againn in 2020 a bheidh thar a bheith níos laige ná an fheidhmíocht in 2019. Ach táimid ag dul isteach sa tréimhse seo de chorraíl ghéar sa mhargadh, áfach, agus sinne i suíomh airgeadais láidir agus glanfhiachas nialasach againn. Táimid ag dul isteach inti freisin agus eolas maith againn ar ár n-ábharthacht do na dúshláin fhadtéarma atá os comhair na sochaí. Dá bhrí sin, tá mé muiníneach go rachaimid i ngleic leis na dúshláin reatha agus go sáróimid iad agus go ndéanfaimid ár gcion ar feadh na ngnéithe uile - gnéithe eacnamaíocha, sóisialta agus comhshaoil - le linn na mblianta le teacht.

## Buíochas

Mar fhocal scoir, ba mhaith liom mo bhuíochas a ghabháil le gach duine ag Coillte as ucht na fáilte móire a cuireadh romham nuair a tháinig mé anseo. Tá mé an-bhuíoch den Bhord agus de mo chomhghleacaithe as ucht a gcuid ama agus a léargas, rudaí a bhí ina gcuidiú liom an cuar foghlama a shárú go gasta. Tá buíochas ar leith tuillte do Gerry Britchfield as ucht a chúnaimh san idirthréimhse de mo chuid agus as ucht a cheannasaíocht shármhaith mar Phríomhfheidhmeannach Gníomhach le haghaidh na coda is mó de 2019.


Agus faoi dheireadh, mo bhuíochas leis na daoine go léir atá ag obair i gCoillte, a rinne a ndícheall agus i bhfad níos mó ná sin agus sin fós á déanamh acu, agus athraithe á ndéanamh maidir le conas a oibríonn siad agus cá háit a n-oibríonn siad, agus fócas fós acu ar 'Coillte á Choinneáil ag Dul Ar Aghaidh' le linn laethanta luatha seo de dhúshláin COVID-19. Táimid uile sa bhád céanna maidir leis seo agus tiocfaidh muid tríd an gcás seo le chéile.

**Imelda Hurley**
Príomhfheidhmeannach




# FEIDHMÍOCHT AIRGEADAIS


### Sreabhadh Airgid Oibriúcháin
(€'milliún)





### Láimhdeachas
(€'milliún)




### Airgead/(Glanfhiachas)
(€'milliún)




### TRÚCDA*
(€'milliún)




* idirbhearta talún ar scála mór as an áireamh

 Grianghraf: Foraois na Craobhaí de chuid Choillte i Sléibhte Bhaile Átha Cliath.

# BUAICPHOINTÍ 2019

Infheistíocht athnuachana i SmartPly faofa ag Bord Choillte

**€44m**

**€100m**

agus níos mó mar TRÚCDA arna sholáthar don dara huair riamh i stair Choillte

Buaiteoir an ghradaim 'Éacht Sármhaith sa Tionscal' ag Duaiseanna Gnó & Airgeadais 2019, as ucht ár gcion ar son shochaí na hÉireann

**22 million**

Líon na gcrann a cuireadh, an líon is mó dar gcuid riamh, ar feadh 9,000 heicteár d'fhoraois athstocáilte

Na méideanna is airde riamh de dhíolacháin adhmaid bainte amach againn

**2.72 milliún $m^3$**

'Beart na Bliana' bronnta mar gheall ar dhíol na sócmhainní feirmeacha gaoithe

**€127m**

Comhfhiontar arna idirbheartú le BSL chun fuinneamh in-athnuaite a fhorbairt

**1GW**

An gnólacht neamhbhrabúis seolta

**Dúlra Choillte**

# FORBHREATHNÚ AR GHNÓ

**Tar éis na bliana is fearr ná riamh in 2018, rinneamar ár suíomh airgeadais a chomhdhlúthú in 2019. Don dara huair riamh inár stair, sholáthraíomar TRÚCDA de níos mó ná €100m (olltoradh €103m in 2019 i gcomparáid le €115m in 2018). Sa bhreis air sin, ghineamar olltoradh Airgid Oibriúcháin réasúnta maith de €54m (i gcomparáid le €60m in 2018). Is ábhar misnigh ar leith í láidreacht na feidhmíochta bunaidh in 2019, agus an chorraíl mhéadaithe sa mhargadh a tháinig chun cinn i H2 á tabhairt san áireamh agus caillteanas de thart ar €7m mar TRÚCDA athfhillteach agus Airgead Oibriúcháin in 2019 á áireamh freisin mar thoradh ar dhíol mhórchuid ár bhfeirmeacha gaoithe oibriúcháin i Nollaig 2018.**







Tá sé sásúil freisin chun a thabhairt faoi deara go bhfuil an **Grúpa saor ó fhiachas,** amhail deireadh 2019, don chéad uair riamh (glan-iarmhéideanna airgid de thart ar €4m). Tugtar bonn láidir dúinn mar gheall air sin don chlár fáis agus infheistíochta atá beartaithe thar na blianta le teacht. Sa bhreis air sin, leis sin ligfear dúinn aghaidh a thabhairt ar chorraíl sa mhargadh amach anseo le muinín.

Agus sinne ag féachaint ar aghaidh go dtí 2020, tá dúshláin fós ann sna margaí dár gcuid. Mar gheall ar ghéarchéim COVID-19, beidh iarmhairt ghéar ar éileamh inár bpríomh-mhargaí sa RA agus in Éirinn i R2 agus i R3 ar a laghad in 2020. Sa bhreis air sin, tá bliain eile de neamhchinnteacht maidir le Brexit os ár gcomhair. Dá réir sin, tá feidhmíocht airgeadais á réamh-mheas againn a bheidh thar a bheith níos laige in 2020 ná mar a bhí ann in 2019.

## FORAOIS

**Gnó na Foraoise**

Soláthraíodh feidhmíocht airgeadais thar a bheith láidir trínár ngnó Foraoise in 2019, agus é ag teacht le TRÚCDA na bliana roimhe sin, an ceann is mó riamh.

Spreagadh an fheidhmíocht sin den chuid is mó ag na méideanna díolachán adhmaid is airde riamh dár gcuid, is é sin 2.72 milliún m 3, agus as sin díoladh 1.65 milliún m3 mar lomáin sháfa do chustaiméirí ár muileann sábhadóireachta. Méadaíodh ár ndíolacháin lomán sáfa faoi 8% sa bhliain, méadú ar 1.52 milliún m3 in 2018.

Ba thoradh sármhaith é sin agus an cúlra de mhargadh adhmaid corrach sa RA agus san Eoraip á thabhairt san áireamh.

Ag tús na bliana, chonacthas dúinn go mbeadh an neamhchinnteacht mar thoradh ar Brexit ina príomhcheist. Ach de réir mar a chuaigh an bhliain ar aghaidh, áfach, ba shaincheist níos suntasaí an soláthar iomarcach táirgí adhmaid sháfa ó mhór-roinn na hEorpa.

Bhí na táirgí sin, a raibh margadh na RA plúchta leo, ina dtoradh ar an damáiste suntasach a rinneadh do go leor foraoisí san Eoraip ag an gCiaróg Choirte Sprúis Eorpach (Ips typographus), a bhí ina chúis le méideanna suntasacha de chrainn ghlanleagtha. Sa dara leath den bhliain, laghdaíodh praghsanna adhmaid go suntasach ar fud na hEorpa mar gheall ar mhéadú ar an soláthar.

Tá an t-ionchas don mhargadh adhmaid in 2020 fós dúshlánach. Tá sé réamh-mheasta go bhfeabhsófar an cás maidir le soláthar iomarcach rud beag de réir mar a rachaidh an bhliain ar aghaidh. Ach mar thoradh ar COVID-19 agus ar neamhchinnteacht leanúnach maidir le socruithe trádála na RA leis an Eoraip amach anseo, áfach, beidh cúlra dúshlánach ag baint leis an margadh.

### Bainistíocht Foraoise

Níl táirgeadh agus díolacháin adhmaid ina gcúiseanna imní amháin ar ndóigh don Rannán Foraoise. Bainistíonn sé gnéithe eile ghnó foraoiseachta an Ghrúpa, lena n-áirítear cur crann, bainistíocht agus cosaint na bhforaoisí, cosaint na bithéagsúlachta agus caitheamh aimsire lasmuigh. Bhí roinnt gnóthachtálacha suntasacha ann sna réimsí sin in 2019, lenar áiríodh an líon is mó crann a cuireadh riamh. San iomlán, cuireadh 22 mhilliún crann ar fud 9,000 heicteár d'fhoraois athstocáilte in 2019.

Ba bhliain mhaith í freisin do chosaint ar dhóiteáin foraoise. Tuairiscíodh rud beag níos mó ná 50 dóiteán foraoise, laghdú ar 150 in 2018. Ba ionann é sin agus bliain an-mhaith i dtéarmaí damáiste do na foraoisí. Níor cuireadh isteach ach ar 25 heicteár, toradh ar chomhcheangal d'aimsir mhaith agus den fheachtas feasachta poiblí arna spreagadh ag Coillte.

Ba í 2019 an chéad bhliain ina ndearnadh iniúchadh deimhnithe foraoise FSC®[1] agus PEFC™ ar Choillte. Níor aithníodh gníomhaíochtaí ceartaitheacha móra ar bith, toradh iniúchta a bhí ina fhianaise, dar linn, ar ár mbarr feabhais i mbainistíocht foraoisí.

Rinneadh dul chun cinn maith maidir lenár dtionscadal 'Bith-Fhoraois' le linn na bliana. Is é an aidhm níos mó ná 90,000 heicteár de limistéir na bithéagsúlachta agus an dúlra a rangú inár n-eastát, ionas go mbeidh tuiscint againn ar a luach éiceolaíoch agus go ndéanaimid an luach sin a fhorbairt.

Tá an cleachtas rangaithe bhitheolaíoch curtha i gcrích againn anois chun tábhacht na ngnáthóg sin a chinneadh, agus in 2019 chonacthas tús na forbartha ar phleananna foraoise mionsonraithe chun iad a fheabhsú agus a athchóiriú.

Rinneadh éachtaí suntasacha freisin maidir le caitheamh aimsire lasmuigh. Bogadh athfhorbairt mhór ar Theach agus ar Fhoraois na Craobhaí, d'fhonn ceann scríbe náisiúnta do chuairteoirí a chruthú, trí chéim an dearaidh mhionsonraithe agus cuirfear tús le hoibreacha i ndáiríre in 2020.

Sa bhliain chonacthas forbairt bhonneagar nua na Rothaíochta Sléibhe freisin. Forbraíodh rianta Rothaíochta Sléibhe i gCúil Áine, Co. Shligigh agus ar Shliabh Bladhma i gCo. Laoise agus i gCo. Uíbh Fhailí. Osclófar an dá rian sin go hoifigiúil in 2020 agus tarraingeofar go leor turasóirí agus cuairteoirí breise chuig na limistéir sin.

### Táirgeadh Foraoise

Is é táirgeadh adhmaid ó na foraoisí dá chuid an phríomhghníomhaíocht ghnó de chuid Choillte. Cruthaítear táirgí luachmhara amhail adhmaid tógála, clár SMD, OSB, Pailléid agus Fálú ón adhmad sin, agus ag an am céanna táirgtear é ar bhealach inbhuanaithe agus freagrach.

Cuirimid níos mó crann ná mar a bhainimid gach bliain, rud lena léirítear gur foinse in-athnuaite iontach é adhmad, agus ag an am céanna tá sé ríthábhachtach mar na hábhair thógála a theastaíonn uainn.

Úsáideadh mórchuid an adhmaid a baineadh in 2019 chun táirgí adhmaid luachmhara a chruthú, agus baintear úsáid as beagán mar adhmad fuinnimh. Taispeántar leis sin go bhfuil tionscal adhmaid na hÉireann éifeachtach ní amháin maidir le hadhmad a uasmhéadú le haghaidh táirgí, ach chomh maith leis sin maidir le méid an charbóin a uasmhéadú a dhéantar a ghabháil ón atmaisféar thar an bhfadtéarma.



[1] Cód ceadúnaithe FSC FSC-C005714

# RÉITIGH TALÚN & DUL I BHFIONTAR

Chuaigh an gnólacht Réitigh Talún agus Dul i bhFiontar amach ar bhealach nua in 2019. Is bealach é lena bhfeicfear athrú drámatúil ar a fhócas, mar déanfar an chuid is mó den oibríocht a bhí aige, na tionscadail fuinnimh in-athnuaite dá chuid, ina cuid de chuideachta chomhfhiontair nua in éineacht le BSL in 2020.

Thosaigh an Gnólacht Réitigh Talún agus Dul i bhFiontar chun díriú in 2019 ar chúig réimse:

- Díolacháin agus Ceannacháin Réadmhaoine
- Dúlra Choillte
- Infheistíochtaí Straitéiseacha agus Bainistíocht Sócmhainní
- Dul i bhFiontar
- Inbhuanaitheacht

Mar chuid den athdhíriú, rinneadh athbhreithniú ar struchtúr na foirne d'fhonn saineolas a chur léi i réimsí amhail airgeadas, bainistíocht tionscadail, ceannacháin agus díolacháin. Trí fhorbairt na foirne nua sin cuirfear ar ár gcumas an gnólacht a fhás in 2020.

### Díolacháin agus Ceannacháin Réadmhaoine

Le linn 2019, leanamar le táirgiúlacht fhoriomlán eastát Choillte a fhás trí thalamh neamhthorthúil a dhíol agus trí fhoraoisí neamhaibí agus talamh lom a cheannach. Ar an iomlán, dhíolamar 280 heicteár, lenar réadaíodh €14.9m, agus cheannaíomar 200 heicteár.

### Dúlra Choillte

In 2019, sheolamar Dúlra Choillte. Leis an tionscnamh sin soláthrófar coillte dúchasacha nua agus tabharfar faoi thionscadail athchóirithe bithéagsúlachta ar scála, ar bhonn neamhbhrabúis. Cuireadh foireann nua ar bun, ag a bhfuil saineolas inmheánach agus seachtrach, agus cuireadh tús le hobair ar cheithre phríomhthionscadal. Is iad na buaicphointí obair chun coillte nua a chruthú ar thailte Bhord na Móna, Plean Iompaithe Shléibhte Bhaile Átha Cliath, Tionscadal Athchóirithe na Collchoille agus an gearrliostú do thionscadal AE-LIFE.

### Infheistíochtaí Straitéiseacha agus Bainistíocht Sócmhainní

Leanfaidh an rannán Réitigh Talún le hinfheistíochtaí a dhéanamh agus a bhainistiú ar son Ghrúpa Choillte.

I measc na n-infheistíochtaí atá á mbainistiú faoi láthair tá Feirm Ghaoithe Shliabh Bána i Ros Comáin agus ár n-infheistíocht i bhfiontar Tricoya, lena n-áirítear saoráid sliseanna adhmaid aicéitilithe in Hull, RA.

### Dul i bhFiontar

Cuireadh aonad tiomanta um dhul i bhfiontar ar bun in 2019. Agus teacht chun cinn an bhithgheilleagair atá ag dul i méid á thabhairt san áireamh mar aon leis an deis ionchasach do snáithín adhmaid, déanfaidh an t-aonad deiseanna margaidh amach anseo a mheas don fhoraoiseacht tar éis 2025.

### Inbhuanaitheacht

Le linn 2019, cuireadh tús le hobair ar chreat nua chun cuidiú lenár n-aidhm straitéis a sheachadadh ionas go mbeidh inbhuanaitheacht ag croílár gach ní a dhéanaimid. Táimid ag súil leis an obair sin a chur ar aghaidh, lena dtaispeánfar conas is féidir le Coillte agus le tionscal na foraoiseachta cuidiú le tabhairt faoi ghéarchéim na haeráide agus na bithéagsúlachta, in 2020 agus ina dhiaidh sin.

# FUINNEAMH IN-ATHNUAITE

Cuireadh an idirbheartaíocht idir Coillte agus BSL maidir le comhfhiontar nua a bhunú a bheadh dírithe ar fhuinneamh in-athnuaite i gcrích ag deireadh Mhí na Samhna. Táthar ag súil go mbeidh an t-idirbheart críochnaithe in 2020 faoi réir ag na ceaduithe rialála uile agus ó na scairshealbhóirí atá riachtanach, agus is forbairt iontach é sin do Choillte.

Beidh an chuideachta chomhfhiontair Choillte-BSL nua ina cumasóir tábhachtach maidir le haistriú na hÉireann go todhchaí níos inbhuanaithe i nginiúint leictreachais, príomhchomhpháirt i bPlean Gníomhaithe ar son na hAeráide 2019 de chuid an Rialtais.

Is í an uaillmhian atá ráite chun suas le 1GW de chumhacht nua ó ghaoth ar tír a chruthú faoi 2030. Tá roinnt de na tionscadail trína gcomhlíonfar an sprioc sin suite chun dul isteach sa phróiseas pleanála in 2020 mar gheall ar obair a rinneadh in 2019. Difríonn gach tionscadal óna chéile, ach tá samhail rannpháirtíocht an phobail arna húsáid ag foireann an Fhuinnimh In-athnuaite ina gné choiteann díobh uile go léir. Trí fhorbairt a dhéanamh ar oidhreacht foraoiseachta uathúil na Cuideachta agus ar a nasc le pobail áitiúla, cuireann an fhoireann fócas suntasach ar chaidrimh bhuana a chruthú le pobail ar bhonn iontaoibh, follasachta agus measa. Táimid thar a bheith buíoch as ucht an ama, an fhuinnimh agus na rannpháirtíochta arna dtaispeáint ag go leor pobal ar feadh roinnt tionscadal.



Grianghraf: Tuirbín Gaoithe i bhForaois Shliabh Bána de chuid Choillte, Co. Roscommon.

## MEDITE SMARTPLY

In 2019 sheachaid MEDITE SMARTPLY ceann de na feidhmíochtaí is láidre dá chuid le blianta beaga anuas. Rinneadh forbairt leis sin ar rath 2018, agus baineadh amach é d'ainneoin soláthar iomarcach táirgí inár bpríomh-mhargaí. Mar thoradh ar an soláthar iomarcach sin, in éineacht le neamhchinnnteachtaí thart ar imeacht na Ríochta Aontaithe ón Aontas Eorpach, thit praghsanna le linn na bliana.

Ach mar gheall ar infheistíocht leanúnach inár dtograí táirgí 'Speisialtóireachta agus Teicniúla', áfach, ligeadh dúinn ár ndifreáil sa mhargadh a fhorbairt a thuilleadh agus iarmhairtí na bpraghsanna a bhí ag titim a mhaolú. Mar gheall ar 'bharr feabhais' LEAN sa dá mhuileann sábhadóireachta dár gcuid, spreagamar feabhsuithe leanúnacha ar ár n-éifeachtúlacht déantúsaíochta, agus cuireadh clár sábháilteachta 3 bliana i bhfeidhm ar fud an ghnólachta, ag díriú ar fholláine comhghleacaithe agus custaiméirí.

Táimid ag súil go mbeidh 2020 ina bhliain dhúshlánach mar gheall ar ghéarchéim COVID-19. Is dócha go mbeidh iarmhairt imeacht na RA ón Aontas Eorpach níos soiléire de réir mar a rachaimid trí 2020.

Beidh tógáil lasmuigh de láithreáin ina príomhfhócas do na gníomhaíochtaí tráchtála dár gcuid mar tá sé réamh-mheasta go bhfásfaidh an cion margaidh dá chuid ar fud na hEorpa. Táthar ag súil go mbainfear garsprioc mhór amach lenár n-infheistíocht i MEDITE Tricoya Extreme agus toradh amhábhair ionchasach ón tsaoráid in Hull. Soláthrófar an deis leis sin le haghaidh fás gnó leanúnach agus le haghaidh fairsingiú domhanda.

TRÍ THÁIRGÍ TEICNIÚLA AGUS SPEISIALTÓIREACHTA MEDITE SMARTPLY TÁTHAR AG CUIDIÚ LE TIONSCADAIL THÓGÁLA NUÁLACHA A SHEACHADADH AR FUD NA HEORPA LE RAON DE PHAINÉIL SMD AGUS OSB LENA GCOMHLÍONTAR NA FEIDHMEANNA AGUS NA SONRAÍOCHTAÍ IS DEACRA.


Is príomh-dhéantúsóir margaidh é MEDITE SMARTPLY de phainéil thógála adhmaid a tháirgtear ar bhonn inbhuanaithe agus neamhdhíobhálach don chomhshaol. Mar cheannródaithe aitheanta an tionscail i réimsí chlár SMD agus OSB, tá cáil agus clú ar an mbranda a bhfuil duaiseanna buaite aige as táirgí den chaighdeán is airde, nuáil arna spreagadh ag custaiméirí agus seirbhís cheannródaíoch sa tionscal do chustaiméirí a sholáthar.

Is é MEDITE SMARTPLY an soláthraí dea-bhunaithe is rogha lena lán dáileoirí agus úsáideoirí tionsclaíocha sa RA, i mBenelux agus in Éirinn, agus onnmhairíonn sé chuig níos mó ná 30 tír san Eoraip agus chuig margaí ar fud an domhain. Tá déantúsaíocht ar siúl againn sa dá ghléasra dar gcuid in oirdheisceart na hÉireann, agus is fostóir mór sinne san earnáil déantúsaíochta in Éirinn.

**Straitéis agus Cuspóirí:**
Is é an fhís straitéiseach atá ag MEDITE SMARTPLY le héirí ina phríomhsholáthraí san Eoraip de tháirgí painéil adhmaid atá ardfhorbartha go teicniúil. Is é an príomhfhócas atá againn:

- **Ábharthacht** – chun caidrimh a fhorbairt nuair a theastaíonn ónár gcustaiméirí trádáil linn agus nuair is mian leo trádáil linn
- **Scála** – chun luach a chur lenár gcaidrimh lasmuigh de thorthaí tráchtála
- **Comhoibriú** – chun nasc a dhéanamh agus comhthuiscint a fhorbairt
- **Eispéireas an Chustaiméara** – chun sinn féin a dhéanamh cuntasach don chustaiméir as ár bhfeidhmíocht

Déantar sin a threorú ag straitéis díolachán agus margaíochta atá dírithe ar chur chuige arna threorú ag sonraíocht, agus an cliant, an t-úsáideoir agus an sonraitheoir mar an sprioc. Déanaimid ár ndícheall freisin chun réitigh táirge nuálacha a fhorbairt lena gcruthaítear breisluach, agus chun tacaíocht theicniúil agus uirlisí a thairiscint chun cáilíocht a fheabhsú.



# ÁR NDAOINE

**"Tá díograis, mórtas agus tiomantas follasach inár ndaoine uile, ar fud an Ghrúpa iomláin. Is cúis an-bhróid dom le bheith ag obair i gCoillte."**
**— Tara Flynn, Stiúrthóir Acmhainní Daonna an Ghrúpa**

**Bíonn sé ar intinn ag Coillte lucht saothair inbhuanaithe a tharraingt, a fhostú agus a fhorbairt chun tacú lenár straitéis agus chun riachtanais ár ngnólachta a chomhlíonadh. Le linn 2019, chuireamar roinnt tionscnamh chun feidhme chun cuidiú linn sin a dhéanamh.**








 Grianghraf: Foraoisí Shléibhte Bhaile Átha Cliath de chuid Choilltte.



## SLÁINTE AGUS SÁBHÁILTEACHT

### TÁ COILLTE TIOMANTA DO NA CAIGHDEÁIN SLÁINTE AGUS SÁBHÁILTEACHTA IS AIRDE A CHOIMEÁD DO NA FOSTAITHE AGUS CONRAITHEOIRÍ UILE, AGUS DO PHÁIRTITHE LEASMHARA EILE.

Tá coistí sláinte agus sábháilteachta curtha ar bun againn ar fud an Ghrúpa. Tá siad freagrach as rioscaí sláinte agus sábháilteachta ionchasacha a shainaithint agus a bhainistiú agus as athbhreithniú a dhéanamh ar thimpistí nó ar theagmhais ar bith i gcomhréir le gcaighdeán idirnáisiúnta na Gníomhaireachta Sábháilteachta agus Sláinte Ceirde (OSHA).

Ba é ár bhfeidhmíocht OSHA le haghaidh 2019 1.13 i gcoinne sprioc de 1.5. Léirítear leis sin 7 dteagmhas intaifeadta nuair a bhí cóireáil leighis de dhíth ar dhuine agus nuair a theastaigh uaidh/uaithi am saor a ghlacadh. Cé gurbh fheabhsú é sin ar 2018, leanaimid chun tábhacht an choisc, an mheasúnaithe riosca, agus an oideachais a thabhairt chun suntais d'fhonn cultúr na sábháilteachta a fheabhsú ar bhonn leanúnach ar fud réimsí uile ár ngnólachta.

Mar chuid dár straitéis um Shláinte agus Folláine, cuireadh vacsaíní fliú ar fáil saor in aisce don fhoireann in 2019 agus bhí an deis ag fostaithe freisin chun freastal ar cheardlanna árachais sláinte a reáchtáladh i roinnt oifigí ar fud na tíre.






## ÉAGSÚLACHT AGUS IONCHUIMSITHEACHT

### IN AIBREÁN, SHEOLAMAR STRAITÉIS ÉAGSÚLACHTA AGUS IOMCHUIMSITHEACHTA (E&I), CHUN ÁR NEAGRAÍOCHT A DHÉANAMH NÍOS IOMCHUIMSITHÍ AGUS NÍOS COTHROIME.

Táimid tiomanta do thimpeallacht oibre dhearfach a chothú ina mbíonn 'Cách' in ann a bheith dílis dó/di féin ag an obair agus a lánacmhainneacht a bhaint amach. D'eagraigh ár gcoiste E&I, atá comhdhéanta de bhaill foirne dheonacha ó ar fud an Ghrúpa, roinnt imeachtaí le linn 2019, lenar áiríodh:

- Rannpháirtíocht i gClár Meantóireachta Tras-Chuideachta IMI/Chlub 30%
- Ceardlanna do mháithreacha nua, d'aithreacha nua agus do bhainisteoirí nua
- An Pharáid Mórshiúil an Mhórtais
- Cainteanna ag am lóin maidir le teacht aniar a fhorbairt agus meabhairshláinte a bhainistiú

Rinneamar beartas nua a cheapadh freisin dóibh siúd ar mian leo oibriú níos faide ná aois scoir normálta dár gcuid; rinneamar athbhreithniú ar phróifílí na ról agus ar threoirlínte d'agallaimh chun a chinntiú nach mbíonn aon idirdhealú ar bhonn inscne ann; d'fhorbraíomar prótacal le haghaidh seomraí cruinnithe a rochtain do chuairteoirí inár n-oifigí; agus sholáthraíomar urraíocht agus tacaíocht do 10 mic léinn atá ina gcónaí faoi láthair in Ionaid Soláthar Díreach.

I cúis bróid dúinn an dul chun cinn atá déanta againn sa réimse sin ach aithnímid go bhfuil a lán oibre níos mó le déanamh chun a chinntiú go mbíonn éagsúlacht agus ionchumsitheacht leabaithe i ngach réimse dár nGrúpa.



## SUIRBHÉ AR THUAIRIMÍ NA BHFOSTAITHE

RINNEAMAR SUIRBHÉ AR THUAIRIMÍ NA BHFOSTAITHE IN 2019. AR NDÓIGH CÉ GUR TUGADH DÓIGHEANNA CHUN SUNTAIS LEIS MAIDIR LE FEABHSÚCHÁIN A DHÉANAMH, BA CHÚIS MHISNIGH É.

Dúirt **91%** de na fostaithe a chomhlánaigh an suirbhé go raibh siad ar an eolas maidir le luachanna na cuideachta agus dhearbhaigh níos mó ná **84%** acu go bhfuil siad rannpháirteach ina n-iomláine nó i bpáirt.

Bhí an scóráil i dtaca lenár dtimpeallacht oibre agus sásamh as a bpost an-dearfach freisin, agus dúirt ár bhfostaithe gurbh é an rud is fearr faoi bheith ag obair i gCoillte an chomrádaíocht agus an tacaíocht óna gcomhghleacaithe.

Rinneadh na torthaí a chomhroinnt, agus reáchtáladh níos mó ná 30 ceardlann chun an t-aiseolas a phlé agus a léirmhíniú agus chun comhaontú faoi na réimsí le tabhairt fúthu mar thosaíochtaí. Sa deireadh, ba iad na tosaíochtaí sin:

- Straitéis Cumarsáide Inmheánaí a chruthú don Ghrúpa
- An ghné um Plean Forbartha Pearsanta dar gcóras bainistíochta feidhmíochta a chur chun cinn
- Laethanta 'doras oscailte' a ainmniú nuair nach mbeadh cruinniú ar bith sa dialann agus nuair a bheadh bainisteoirí ar fáil don fhoireann le buaileadh isteach leo
- Clár meantóireachta aisiompaithe a thabhairt isteach
- Fócas ar aitheantas a thabhairt
- An tábhacht a bhaineann le 'ham scíthe' ó ríomhphoist agus ó chruinnithe a thabhairt chun suntais

Mar thoradh ar an Suirbhé, cuireadh foirne um Rannpháirtíocht Fostaithe ar bun i ngach rannán agus tá Plean Gníomhaíochta cuimsitheach á fhorbairt chun freagairt ar bhonn éifeachtach ar na príomhthéamaí.




## DÚSHLÁN SHOLAS NA GEALAÍ

DÉ SATHAIRN AN 9 SAMHAIN 2019, THUG 40 BALL FOIRNE DÚSHLÁN NA HAIMSIRE AR CHNOIC DHORCHA, BHÁISTÍ AGUS GHAOTHFAR CHILL MHANTÁIN D'FHONN PÁIRT A GHLACADH I 10Ú DÚSHLÁN SHOLAS NA GEALAÍ.

Is é Dúshlán Sholas na Gealaí an príomh-imeacht tiomsaithe airgid d'Fhoireann Cuardaigh agus Tarrthála Sléibhe de chuid Chumann na Croise Deirge Ghleann Ó Máil. Is eachtra a chuireann beocht ionat é a théann trí chuid de na radhairc tíre is áille i Sléibhte Chill Mhantáin.

Thosaigh an t-aistear siúil 25k ag Teach Ghleann Dá Loch agus lean sé Bealach Chill Mhantáin trí Bhearna Brusher, Cnoc na Banraí, Foraois na Brocaí agus Gleann Dá Loch. Lean sé feadh Bhealach Naomh Caoimhín, thar Pholl an Easa agus chuaigh sé suas Cnoc Thigh an Tearmainn sular chríochnaigh sé ag Bunáit Tarrthála Ghleann Ó Máil.

D'urraigh Coillte buidéil uisce in-athúsáide don imeacht. Cuireadh iad sin in ionad buidéil aonúsáide agus tugadh iad do gach duine de na 800 rannpháirtithe ar an oíche, ar aon dul lenár dtionscnamh Cogadh ar Phlaisteach.




An íomhá ar barr (ó Chlé go Deas): Philip O'Dea, Irene Grealy, Helen Meaney agus Pat Neville agus Dúshlán Sholas na Gealaí 2019 á chríochnú acu.

An íomhá ar bun (ó Chlé go Deas): Liam Malone, Richard Lowe, Amanda Finnegan, Roisin Kelly agus Gerard Murphy ó Choillte tar éis dóibh Dúshlán Sholas na Gealaí 2019 a chríochnú.



## AN COGADH AR PHLAISTEACH

### LEAN BAILL FOIRNE CHOILLTE LEIS AN 'COGADH AR PHLAISTEACH' DÁ GCUID IN 2019.

Tar éis dúinn cosc a chur ar phlaisteach aonúsáide inár n-oifigí in 2018, bhíomar chun tosaigh cheana féin nuair a d'fhógair an tAire Cumarsáide, Gníomhaithe ar son na hAeráide agus Comhshaoil i Eanáir 2019 go gcuirfí cosc ar gach comhlacht na hearnála poiblí agus leathstáit as earraí plaisteacha aonúsáide áirithe a cheannach le húsáid ina gcuid oibríochtaí lónadóireachta ó Mhárta 2019.

Lean foireann an Chogaidh ar Phlaisteach chun dul chun cinn maith a dhéanamh ar an mbonn láidir sin. Chuir sí monatóireacht fheabhsaithe ar bun ar chleachtais maidir le dramhaíl in oifigí, agus soláthraíonn sí aiseolas do na hoifigí ar fud na tíre i dtaca lena gcleachtais athchúrsála.

Soláthraíodh málaí bruscair in-bhithmhillte do mhórchuid ár n-oifigí in 2019. **Tríd an tionscnamh coinníodh 10,500 málaí bruscair plaisteacha amach as dul isteach i líonadh talún** agus cuirfear an tionscnamh i bhfeidhm ar bhonn céimneach inár n-oifigí uile sa ghrúpa in 2020.

Laghdaíomar earraí plaisteacha aonúsáide freisin ag Imeacht Corparáideach Choillte dár gcuid. Soláthraíodh earraí inmhúirínithe, agus laghdaíodh líon na mbronntanas, rudaí lena ngintear méideanna ollmhóra dramhaíola de ghnáth. Ag imeacht na Nollag don fhoireann, rinneadh gach bréagán ó Dhaidí na Nollag a chlúdach i bpáipéar donn agus corda siúite.

Bhí leibhéal an ratha a bhaineamar amach le linn na bliana soiléir ón méadú ar líon na gcomhghleacaithe a chonacthas agus iad ag tabhairt boscaí lóin agus buidéil in-athúsáidte chun na hoibre. Is breá an rud an oiread sin comhghleacaithe a fheiceáil agus iad ag glacadh le gnásanna nua agus cuimhin á déanamh acu a mbuidéil agus a mboscaí lóin.




## COILLTE SUAS AR AN ARDÁN

### COILLTE TAKE TO THE CATWALK FOR JUNK KOUTURE

Ag deireadh 2019, baineadh úsáid as earraí uaschúrsáilte a tógadh ó phlandlann Choillte i mBaile an Teampaill, Co. Cheatharlach chun cruthúchán faisin iontach a dhearadh agus a chruthú ar a dtugadh 'Filleadh ar do Dhúchas'. Rinne scoláirí ó Scoil Chríost Rí, Port Laoise, an feisteas a dhearadh chun feasacht a mhúscailt ar an athrú aeráide le haghaidh Junk Kouture, comórtas faisin nuálach atá deich mbliana d'aois anois.

Ba iad na scoláirí cruthaitheacha Ciara Brennan, Alison O'Kelly agus Rachel Mannion. Faoi stiúradh saineolaíoch a múinteora Ealaíne Jane Kelly, agus ábhair ó Choillte á n-úsáid acu, bhí fonn orthu a thaispeáint conas is féidir difríochtaí ollmhóra a dhéanamh le crainn trí dhé-ocsaíd charbóin a bhaint ón atmaisféar, an príomhghás atá freagrach as an athrú aeráide. Trí dhearadh na scoláirí, 'Filleadh ar do Dhúchas', taispeántar go sármhaith a bhfeasacht ar na dúshláin a bhaineann leis an athrú aeráide agus ar an ról dearfach a bhaineann le crainn mar chúnamh. Tá sé beartaithe ag na scoláirí a gcruthúchán iontach a chur isteach i Seó Faisin Réigiúnach Junk Kouture in 2020.



Na scoláirí le POF Imelda Hurley

# CEILIÚRADH 30 BLIAIN I MBUN GNÓ IN 2019

**Ba cheiliúradh iontach é imeacht Chomóradh 30 Bliain Choillte i bPáirc Foraoise na Craobhaí ar Choillte san am a chuaigh thart agus inniu. Ar lá álainn, rinneamar cuimhní a chomhroinnt agus thaispeánamar ár dtáirgí, ár n-innealra agus ár dteicneolaíochtaí do thart ar 1,000 fostaithe agus stiúrthóirí ón am atá caite agus den tréimhse reatha. Sholáthraíomar nuashonruithe ar ghnó mar aon le sonraí faoi thionscadail straitéiseacha reatha.**




Ba bhuaicphointe an lae gan amhras an t-aitheantas a tugadh dár 'laochra ciúine'. Ghlac painéal de bhreithiúna ón gCoiste Éagsúlachta agus Ionchuimsitheachta leis an tasc an-deacair de 16 buaiteoirí an-fhiúntacha a roghnú ó níos mó ná 150 comhghleacaithe a ainmníodh. Bronnadh grianghraf frámaithe den iontráil bhuaiteach ar gach faighteoir ón gcomórtas le haghaidh an íomhá is fearr ónár n-eastát a aimsiú. Ar bhonn na freagartha óna raibh i láthair ar an lá, bhí jab sármhaith déanta ag an gcoiste maidir le haitheantas a thabhairt do chomhghleacaithe a oibríonn gan stad sa chúlra gan moladh ná aitheantas á lorg acu. Déanann siad a ndualgas agus i bhfad níos mó ná sin agus is fíor-eiseamláireacha iad sa dóigh a gcuimsítear ár luacha ina saolta.




















Foireann Choillte, ón am atá caite agus den tréimhse reatha, ag ceiliúradh Chomóradh 30 Bliain Choillte ag an imeacht ag Páirc Foraoise na Craobhaí, Meitheamh 2019.

# BUAICPHOINTÍ AMLÍNE 30 BLIAIN

**1989**
Bunaíodh Coillte

**1993**
43 mhilliún planda táirgthe ag plandlanna Choillte

**1998**
50 láithreán do chrainn chumarsáide forbartha ag Coillte ar a eastát

**2000**
Tionscadal Foraoisí Mílaoise na nDaoine seolta ag 16 fhoraois in Éirinn

**2001**
Dámhadh deimhniú FSC (an Chomhairle Maoirseachta Foraoisí) do Choillte as ucht a bhainistíocht inbhuanaithe ar fhoraoisí agus tús curtha aige ar shuirbhéanna éiceolaíocha ar a eastát

**2002**
Úinéireacht iomlán faighte ag Coillte ar oibríochtaí Louisiana Pacific in Éirinn a thosaigh ag trádáil mar SmartPly Europe

**2006**
Medite Europe Ltd ceannaithe ag Coillte

**2007**
Osclaíodh páirc foraoise uasghrádaithe Loch Cé de chuid Choillte



Grianghraf: Páirc Foraoise na Craobhaí de chuid Choillte.

**2010**
An chéad tionscadal feirme gaoithe de chuid Choillte ag Gléib Garbhach

**2012**
Úsáideadh táirgí SMARTPLY chun Staid Oilimpeach Londan a thógáil

**2014**
Mar thoradh ar Stoirm Darwin rinneadh damáiste dár bhforaoisí, sa Deisceart go

**2015**
Talamh ceannaithe ag Center Parcs ó Choillte d'fhonn sráidbhaile saoire den chéad scoth a fhorbairt ag Baile Uí Mhatháin, Co. Longfort

**2015**
Gnólacht crann cumarsáide díolta ag Coillte le haghaidh níos mó ná €60m

**2018**
Cead pleanála deonaithe d'athfhorbairt Pháirc Foraoise na Craobhaí de chuid Coillte

**2018**
Na feirmeacha gaoithe oibriúcháin dá chuid díolta ag Coillte le haghaidh €127m

**2019**
Dúlra Choillte seolt

# FORAOISÍ LE HAGHAIDH ADHMAID

**Is táirgeoir lomán cruinne is mó in Éirinn é Coillte, an t-amhábhar a phróiseálann ár gcustaiméirí muileann sábhadóireachta agus MEDITE SMARTPLY ina adhmad agus ina tháirgí adhmaid ardchaighdeáin. Leis an táirgeadh adhmaid sin cuirtear taca faoi earnáil foraoiseachta bhríomhar in Éirinn agus faoi láthair tacaítear le níos mó ná 12,000 post, go príomha i dtuathlimistéir na hÉireann. Cuireann sé thart ar €2.3 billiún leis an ngeilleagar náisiúnta.**

**Tá ár n-adhmad deimhnithe i gcomhréir le FSC® (Forest Stewardship Council®) agus PEFC™ (An Clár le haghaidh scéimeanna Deimhnithe Foraoisí a Fhormhuiniú) agus oibríonn ár bpríomhchustaiméirí i muilinn sábhadóireachta, i bpainéil bunaithe ar adhmad, in easair d'ainmhithe, i mbithmhais agus in adhmad tine.**









Grianghraf: Baint adhmaid ag Foraois Choillte, Co. Chill Mhantáin in 2019.



## BAINISTÍOCHT INBHUANAITHE FORAOISÍ

### BAINEANN BAINISTÍOCHT INBHUANAITHE AR FHORAOISI LE COTHROMAÍOCHT CHEART A DHÉANAMH IDIR GNÉITHE COMHSHAOIL, SÓISIALTA AGUS EACNAMAÍOCHA FORAOISÍ.

Oibríonn ár mbainisteoirí go crua chun an chothromaíocht sin a sheachadadh. Téimid i gcomhairle le héiceolaithe neamhspleácha chun na foraoisí sin a shainaithint is fearrde iad a bhainistiú le haghaidh an dúlra. Is chun tairbhe na sochaí ár bpolasaí um fhoraoisí oscailte agus 18 milliún cuairt á n-óstáil againn gach bliain, agus tacaítear le thart ar 12,000 post trínár dtionscal foraoiseachta bríomhar, i dtuathlimistéir na hÉireann go príomha.

Trí iniúchtaí ar dheimhnithe foraoisí soláthraítear fíordheimhniú neamhspleách agus deimhnítear ár gcleachtais bainistíochta mar chleachtais inbhuanaithe ag an gComhairle Maoirseachta Foraoisí (FSC) agus ag an gClár le haghaidh scéimeanna Deimhnithe Foraoisí a Fhormhuiniú (PEFC).

In 2019, rinneadh iniúchtaí FSC agus PEFC araon le chéile don chéaduair riamh. Bhí siad ar siúl in Aonad Limistéar Gnó na Mumhan Láir de chuid Choillte.

Sa bhreis air sin, rinneadh iniúchadh Sláinte agus Sábháilteachta ISO 18001 (OHSAS) ar oibríochtaí foraoise agus ar chórais bhainistíochta Choillte. Is é an tÚdarás um Chaighdeáin Náisiúnta na hÉireann (NSAI) a rinne an t-iniúchadh sin in Aonad Limistéar Gnó Oirdheisceart Laighean de chuid Choillte in Aibreán 2019.

Sa ghrianghraf thuas: (ó Chlé go Deas): OHSAS 2019 – An Conraitheoir Bóithre Innealtóireachta, an tIniúchóir NSAI agus Bainisteoir Sláinte agus Sábháilteachta Choillte.



## LEAGAN CRANN AGUS CUR CRANN

### CUIREADH 22 MHILLIÚN CRANN AR FUD 9,000 HEICTEÁR DE FHORAOISI ATHSTOCÁILTE IN 2019, AN LÍON IS MÓ CRANN NÁ RIAMH.

DIOLADH 2.72 MILLIÚN MÉADAR CIÚBACH DE LOMÁIN CHRUINNE IN 2019 na méideanna is mó de dhíolacháin adhmaid riamh.

---

Dhéantúsaigh ár gcustaiméirí NÍOS MÓ NÁ 1 MHILLIÚN MEADAR CIÚBACH d'adhmad sáfa le húsáid mar tháirgí tógála inbhuanaithe.

---

Déantúsaíodh 700K MÉADAR CIÚBACH DE MEDITE SMARTPLY mar tháirgí adhmaid innealta, agus onnmhairíodh an chuid is mó de chuig níos mó ná 30 tír.





## TÁIRGÍ ADHMAID BAINTE

### IS TÁIRGEOIR LOMÁN CRUINNE IS MÓ IN ÉIRINN É COILLTE, AN TAMHÁBHAR A PHRÓISEÁLANN ÁR GCUSTAIMÉIRÍ MUILEANN SÁBHADÓIREACHTA AGUS MEDITE SMARTPLY INA ADHMAD AGUS INA THÁIRGÍ ADHMAID ARDCHAIGHDEÁIN.

Is é Sprús Sitceach ár bpríomhspeiceas de chrann tráchtála. Lenár dtáirgeacht bhliantúil de thart ar 2.7 méadar ciúbach de lomáin chruinne gintear ioncam de níos mó ná €140 milliún.

Tá ár n-adhmad deimhnithe i gcomhréir le FSC® (Forest Stewardship Council®) agus PEFC™ (Programme for the Endorsement of Forest Certification Scheme) agus oibríonn ár bpríomhchustaiméirí i muilinn sábhadóireachta, i bpainéil bunaithe ar adhmad, in easair d'ainmhithe, i mbithmhais agus in adhmad tine.

Aimsíonn ár gcustaiméirí raon leatha d'úsáidí dár lomáin chruinne, ar féidir iad a chatagóiriú ina dtrí phríomhréimse:

- **Laíon Adhmaid**
  Éagsúlacht leathan d'úsáidí lena n-áirítear táirgí painéil bunaithe ar adhmad (clár SMD, OSB), táirgí mar easair d'ainmhithe, bithmhais agus adhmad tine
- **Lomáin Sháfa Bheaga**
  Táirgí de chineál pailléid agus fálaithe a úsáideadh i margaí na hÉireann agus na RA
- **Lomáin Sháfa Mhóra**
  Adhmad de ghrád creatlaithe tógála le húsáid i margaí tógála na hÉireann agus na RA



## MEDITE TRICOYA EXTREME

### IS ÁBHAR TÓGÁLA CEANNRÓDAÍOCH É MEDITE TRICOYA EXTREME ARNA FHORBAIRT AG MEDITE SMARTPLY.

Agus adhmad arna fhoinsiú ar bhonn inbhuanaithe á úsáid, déantar MEDITE TRICOYA EXTREME agus roisín ardfheidhmíochta á úsáid a bhfuil formaildéad ar bhonn nialasach ina fhoirmliú. Leis sin cinntítear go mbíonn an táirge oiriúnach do limistéir atá íogair ó thaobh an chomhshaoil de.

Léirítear buanfas sármhaith agus cobhsaíocht thoiseach sna painéil, rudaí lena ligtear dá n-úsáid i bhfeidhmeanna a bhí teoranta lá den saol do tháirgí amhail coincréit, plaisteach nó miotail. Agus na tairbhí breise de mheáchan éadrom, d'amhábhar inbhuanaithe agus de ráthaíocht de suas le 50 bliain os cionn na talún agus 25 bliana faoi thalamh ag baint leo, soláthraítear ábhar tógála úrnua d'ailtirí, do shonraitheoirí agus do dhearthóirí leis na painéil sin rud lena ligtear do sholúbthacht níos mó sa dearadh mar aon le deiseanna gan teorainn le haghaidh cruthaitheachta.

Mar gheall ar an gcomhcheangal de snáithín adhmaid aicéitilithe le teicneolaíocht déantúsaíochta MEDITE MDF is féidir MEDITE TRICOYA EXTREME a úsáid anois i gcásanna agus i bhfeidhmeanna nuair nach féidir gnáthphainéil SMD a úsáid. Ach coimeádann MEDITE TRICOYA EXTREME an dearadh, an feistiú agus an tsolúbthacht mheaisínithe a bhaineann le cláir snáithíneacha mheándlúis.



Grianghraf: Úsáideadh MTX don chumhdra lasmuigh agus cuma ghualaithe air

# FORAOISÍ LE HAGHAIDH NA HAERÁIDE

**"Is acmhainn thar a bheith in-athnuaite adhmad agus déantar tairbhe do na foraoisí agus don domhan araon as é a bhaint ó fhoraoisí arna mbainistiú ar bhonn maith, ach ní féidir an t-adhmad uile a theastaíonn uainn a tháirgeadh ó fhoraoisí nádúrtha. Dá bhrí sin ní mór dúinn feirmeoireacht a dhéanamh le haghaidh crann, agus glúin nua de phlandlanna a chruthú. Tá plandlanna lena ligtear don fhiadhúlra dul trí chonairí sna foraoisí nádúrtha chun tairbhe na bpobal áitiúil agus na ngeilleagar áitiúil. Má dhéanaimid na rudaí uile sin, beidh na rudaí a leanas déanta againn: beidh ár bhforaoisí nádúrtha ársa cosanta againn, beimid in ann an t-adhmad uile a theastóidh uainn go deo a bhaint; beidh ár n-aeráid cobhsaithe againn, agus beidh níos mó foraoisí nádúrtha againn ná mar a bhí le feiceáil againn riamh".**

— Sir David Attenborough, sliocht ó 'Our Planet', 2019.









Grianghraf: Tuirbíní Gaoithe i bhforaois an Ráithín Léith de chuid Choillte, Co. Chill Mhantáin



## FUINNEAMH IN-ATHNUAITE

### BA BHLIAIN Í 2019 NUAIR A THÁINIG GLÚIN NUA DE GHNÍOMHAITHE ÓN NGLUAISEACHT IDIRNÁISIÚNTA AR SON NA HAERÁIDE A THARRAING AIRD NÍOS MÓ AR AN TSAINCHEIST SIN.

Chonacthas athruithe suntasacha freisin i réimse fuinnimh na hÉireann. Áirítear leis sin foilsiú Phlean Gníomhaithe ar son na hAeráide de chuid an Rialtais, an dearadh a bhaineann leis an RESS nua (An Scéim Tacaíochta um Fhuinneamh In-athnuaite, atá sceidealaithe don chéad cheant in 2020) agus rialacha nua agus straitéis bhunaidh a bhaineann leis an eangach in Éirinn. Tuilleann an Plean Gníomhaithe ar son na hAeráide tagairt ar leith, mar aon lena sprioc uaillmhianach go mbainfidh Éire fuinneamh in-athnuaite de 70% amach faoi 2030, mar táthar ag súil go mbeidh 4GW de ghaoth nua ar tír agus 4GW de ghaoth amach ón gcladach in Éirinn sa deich mbliana le teacht mar thoradh air.

Mar an t-úinéir talún is mó in Éirinn, tá príomhról le glacadh ag Coillte maidir le seachadadh na straitéise uaillmhianaí sin a chumasú. Má tá Éire chun a cuid tiomantas náisiúnta atá ina gceangal uirthi a bhaint amach maidir leis an athrú aeráide a chomhrac agus an geilleagar a dhícharbónú. ní mór dúinn tionscadail fuinnimh in-athnuaite rathúla a fhorbairt. Bhí Coillte chun tosaigh maidir leis an iarracht sin agus tá sé ar intinn aige chun déanamh amhlaidh amach anseo.

Bhíomar inár dtacadóir le fuinneamh gaoithe ó na laethanta is luaithe den earnáil in Éirinn sna 1990í. As líon na bhfeirmeacha gaoithe trína ngintear 4GW atá ag oibriú faoi láthair anseo, is linn féin na tailte, nó ba linne roimhe seo iad, ar a bhfuil níos mó ná 30% acu suite. Cuimsítear leo Páirc Gaoithe na Gaillimhe, an fheirm gaoithe is mó in Éirinn, agus láithreáin ar an mionchóir amhail An Corrán Mór (0.5MW).



## CRAINN, CARBÓN AGUS AN TATHRÚ AERÁIDE

### TÁ CRAINN RÍTHÁBHACHTACH SA CHOMRAC I GCOINNE DÉ-OCSAÍD CHARBÓIN, AN PRÍOMHGHÁS ATÁ FREAGRACH AS AN ATHRÚ AERÁIDE.

Agus iad ag fás, baineann crainn dé-ocsaíd charbóin ón aer. Tiontaíonn siad an carbón sin ina adhmad agus ag an am céanna scaoileann siad ocsaigin íon ar ais isteach san atmaisféar. Is rud thar a bheith luachmhar é sin, trína gcinntítear go mbíonn foraoisí ina bhfuil na mílte crann ina stóras carbóin éifeachtach agus ina slogaide carbóin araon.

De réir mar a fhásann foraois níos gasta, is mó an carbón a bhaintear ón atmaisféar. Fásann buaircínigh ag ráta níos gasta ná crainn eile, agus sin an chúis a bhfuil siad foirfe le haghaidh carbón a ghabháil. Tá ráta fáis ag ár mbuaircínigh is mó fás ar an meán de 18 méadar chiúbacha in aghaidh na bliana i gcomparáid le 4 mhéadar chiúbacha ar an meán maidir le crainn leathanduilleacha is lú fás.

Má dhéantar iad a bhainistiú go hiomchuí, d'fheadfadh buntáiste a bheith ag foraoisí tráchtála thar fhoraoisí nádúrtha i dtéarmaí carbón a bhaint agus a stóráil.

Is féidir le crainn atá ag aibiú i bhforaois nádúrtha an oiread sin carbóin a chailliúint don atmaisféar trí lobhadh agus a shúnn siad agus iad ag fás. Leanfaidh foraois bhainistithe, áfach, le carbón a shú thar ghlúnta iolracha, de réir mar a bhaintear crainn aibí agus crainn óga nua á gcur ina n-ionad. Leis sin, coimeádtar ráta mear de ghabháil carbóin.

Leis na táirgí adhmaid a dhéantar as adhmad foraoise déantar carbóin a ghlasáil, rud a chiallaíonn go mbíonn laghdú glan breise ar astaíochtaí carbóin freisin mar gheall ar tháirgí adhmaid a úsáid in ionad ábhar atá dian ó thaobh carbóin de amhail brící, coincréit agus cruach.




## SEACHTAIN NA HEOLAÍOCHTA / SEACHTAIN NÁISIÚNTA NA GCRANN

IN 2019 BHÍ COILLTE RANNPHÁIRTEACH I SEACHTAIN NÁISIÚNTA NA GCRANN I MÁRTA AGUS I SEACHTAIN NA HEOLAÍOCHTA I SAMHAIN. LEIS AN DÁ IMEACHT TAISPEÁNADH AN RÓL TÁBHACHTACH A BHAINEANN LE CRAINN AGUS LE FORAOISÍ DEA-BHAINISTITHE MAIDIR LEIS AN ATHRÚ AERÁIDE A CHOMHRAC.

Ba é téama Sheachtain Náisiúnta na gCrann "Crainn a Chur ar son ár nDomhain". Dheonaigh Coillte 15,000 crann trí chúnamh na gcomhairlí contae chuig scoileanna agus chuig pobail ar fud na tíre le haghaidh imeachtaí curtha crann.

Agus forbairt á déanamh ar an rath sin, i Mí na Samhna d'oibríomar le Fondúireacht Eolaíochta Éireann maidir le Seachtain na hEolaíochta. Dheonaíomar 30,000 crann le haghaidh imeachtaí curtha crann ar fud na tíre iomláine, agus uair amháin arís feasacht á múscailt againn ar an ról tábhachtach a bhaineann le crainn agus le foraoisí maidir leis an athrú aeráide a chomhrac.




Sa ghrianghraf (ó Chlé go Deas): Conor Barry, Coillte, Hugh Carrigan, OPW, Colm Mangan, OPW, John Paul Phelan, TD, An Dr. Abigail Ruth Freeman, Fondúireacht Eolaíochta Éireann.



## TÓGÁIL TITHE ÉIGHNÍOMHACHA

LE SMARTPLY PROPASSIV SOLÁTHRAÍTEAR RÉITEACH ATÁ TÍOSACH AR FHUINNEAMH AR THIONSCADAL PASSIVHAUS INNEALTÓIRÍ COMHSHAOIL.

Agus é neadaithe i mbuirg fhaiseanta, airdeallach Camden i Londain, tógadh Teach Max Fordham ardfheidhmíochta ar na caighdeáin is airde um choigilt fuinnimh agus SMARTPLY PROPASSIV á úsáid.

Is 'Pasivhaus' uile-leictreach, comhaimseartha, le trí sheomra leapa lena mbaineann úsaid ultra-íseal fuinnimh é Teach Max Fordham, atá deartha go sonrach ag bere: architects agus clúdach teirmeach ina ghné de atá dírithe ar chaillteanas teasa a laghdú.

Dá laghad teasa a chailltear ó fhoirgneamh, is mó an éifeachtacht chomhshaoil fhoriomlán a bhaineann leis. Is é bealach amháin chun an caillteanas teasa is lú agus is féidir a bhaint amach ná tríd an foirgneamh a dhéanamh aer-obach, agus is é sin aidhm an chórais Passivhaus.

Is é SMARTPLY PROPASSIV an chomhpháirt ríthábhachtach sa tionscadal sin, painéal OSB struchtúrach le rialú gaile comhtháite arna fhorbairt ag MEDITE SMARTPLY go speisialta le húsáid i dtógáil PASSIVHAUS. Arna shonrú ag an gcuideachta a bhfuil duaiseanna buaite aici, Bow Tie Construction, le SMARTPLY PROPASSIV soláthraítear bac úrscothach, innealta ar ghal agus frithsheasmhacht ard i rith an ama aige i gcoinne gaile thar an dromchla iomlán.



## AN RAIBH A FHIOS AGAT?

1. **TÁ DÉ-OCSAÍD CHARBÓIN INA CÚIS LEIS AN ATHRÚ AERÁIDE TRÍ CHRAINN**
   Trí chrainn a chur baintear dé-ocsaíd charbóin go gníomhach ón atmaisféar agus tiontaítear go hadhmad í agus ag an am céanna ocsaigin íon á scaoileadh.

2. **IS FÉIDIR LE BAINISTÍOCHT FORAOISÍ CUIDIÚ LEIS AN ATHRÚ AERÁIDE A MHAOLÚ**
   Mar gheall ar chleachtais bainistíochta foraoisí inbhuanaithe Choillte cuirimid crainn in ionad na gcrann arna mbaint i gcónaí, ag cuidiú le dé-ocsaíd charbóin níos mó a bhaint.

3. **STÓRÁILTEAR CARBÓN IN ADHMAD AGUS I DTÁIRGÍ ADHMAID**
   Trí adhmad agus táirgí adhmaid a roghnú in ionad táirgí atá dian ar fhuinneamh neamh-inathnuaite agus breoslaí iontaise cuidítear le héifeachtaí an athraithe aeráide a laghdú.

4. **TÁ RÓL TÁBHACHTACH AG FORAOISÍ CHOILLTE MAIDIR LE HÉIFEACHTAÍ AN ATHRAITHE AERÁIDE A LAGHDÚ**
   Is ionann foraoisí na hÉireann agus an tslogaide carbóin náisiúnta is mó, trína ndéantar thart ar 4m tona de charbón nua a ghabháil gach bliain agus trína stóráiltear thart ar 55m tona de charbón san iomlán.

Grianghraf: Radharc ón aer ar Fhoraois na Collchoille de chuid Choillte i gCo. Shligigh.

# FORAOISÍ LE HAGHAIDH AN DÚLRA

**D'fhéadfaí a rá gurb iad na géarchéimeanna aeráide agus bithéagsúlachta na dúshláin is mó le bheith os comhair an chine daonna riamh. Mar úinéir talún is mó na hÉireann, tá deis uathúil ag Coillte réitigh straitéiseacha a sholáthar lena gcuidítear leis an dúlra a athchóiriú agus le hiomláine ár gcóras tacaíochta beatha a fheabhsú. Faoi láthair, déantar 20% dár bhforaoisí uile a bhainistiú le haghaidh speicis fhiáine agus gnáthóga a chosaint agus i Meitheamh 2019 sheolamar Dúlra Choillte - gnólacht neamhbhrabúis nua atá tiomanta do réitigh ar an mórchóir a sheachadadh ar ghéarchéimeanna aeráide agus bithéagsúlachta.**







COILLTE
NATURE

## DÚLRA CHOILLTE

### AG IMEACHT CHOMÓRADH 30 BLIAIN CHOILLTE I MEITHEAMH D'FHÓGRAÍOMAR BUNÚ DHÚLRA CHOILLTE.

Baineann luach bunúsach leis an dúlra agus is réamhriachtanais iad bithéagsúlacht shláintiúil agus aeráid chobhsaí le haghaidh sochaí rathúil. Thug Coillte aitheantas dó sin ag an imeacht comórtha 30 bliain dá chuid trí bhunú Dhúlra Choillte a fhógairt - gnólacht neamhbhrabúis nua atá tiomanta do réitigh ar an mórchóir a sheachadadh mar fhreagairt ar na géarchéimeanna aeráide agus bithéagsúlachta.

Trí dhlúthchomhar le comhpháirtithe inmheánacha agus seachtracha, tabharfaidh Dúlra Choillte faoi thionscadail scála lena soláthraítear tionchar dearfach ó thaobh an chomhshaoil de trí chur chuige bainistíochta oiriúnaithí gar don dúlra a ghlacadh arna threorú ag dea-chleachtas éiceolaíoch. Díreofar a chuid oibre ar na ceithre théama straitéiseacha a leanas:

1) Coillte dúchasacha nua a **chruthú**
2) Foraoisí uirbeacha a **athchóiriú**
3) Gnáthóga bithéagsúlachta suntasacha a **athchóiriú**
4) Seirbhísí um éiceachórais ríthábhachtacha a **athshlánú**

Rinneadh dul chun cinn mear cheana féin. I nDeireadh Fómhair 2019, ceapadh foireann éagsúil ó laistigh agus ó lasmuigh den eagraíocht agus i Mí Eanáir 2020 cuireadh tús le hobair ar feadh roinnt tionscadal tosaíochta amhail Plean Iompaithe Shléibhte Bhaile Átha Cliath, Tionscadal Coillte Dúchasacha Lár na Tíre, agus Tionscadal Athchóirithe Fhoraois na Collchoille.



## FORAOIS NA COLLCHOILLE A ATHCHÓIRIÚ

### AG AN GCOMHDHÁIL BITHÉAGSÚLACHTA NÁISIÚNTA I FEABHRA, THIOMNAIGH COILLTE É FÉIN DO €500,000 A INFHEISTIÚ IN ATHCHÓIRIÚ FHORAOIS NA COLLCHOILLE.

Tá Foraois na Collchoille ag croílár cheantar Yeats ar chladach Loch Gile i gCo. Shligigh, os cionn Oileán Locha Inis Fraoigh. Is tírdhreach crann leathnádúrtha de 130 heicteár é, agus ceann de na coillte gláracha is breá in Éirinn uile ann. Tá an ghnáthóg sin atá cosanta ag an AE lán de speicis crann dúchasach uisce-iarrthach amhail saileach, fearnóg agus fuinseog, agus fágtar í faoi uisce ar bhonn tréimhsiúil ag abhainn na Garbhóige. Ach faoi láthair, áfach, tá sí buailte ag fás fairsing an róshlabhrais, tor coimhthíoch ionrach lena gcuirtear cosc ar choillte as iad féin a athnuachan. Leis an infheistíocht déantar na nithe a leanas:

- Baint speiceas coimhthíoch a mhaoiniú
- Athbheochan nádúrtha na gnáthóige gláraí a chumasú
- Tacaíocht a thabhairt do luach bithéagsúlachta na gcoillte níos leithne trí iar-fháschoill thráchtála a athfhoraoisiú le speicis de chrainn dhúchasacha

Ós rud é go bhfuil an láithreán speisialta sin cosanta faoi reachtaíocht chaomhantais náisiúnta agus idirnáisiúnta, teastaíonn ceadanna chun na hoibreacha a chur chun feidhme. Iarrfar iad sin i R1 agus R2 2020, d'fhonn gníomhaíocht a chur chun cinn ar an láthair i R3. Táthar ag súil go gcríochnófar mórchuid na hoibre caomhnaithe faoi 2024.



## TIONSCADAL NA GCOILLTE DÚCHASACHA

### AR FUD LÁR NA TÍRE, TEASTAIONN ATHSHLÁNÚ LEOCHAILEACH Ó LAGPHORTAIGH D'FHONN IAD A CHUR AR AIS INA RIOCHT FOLLÁIN.

Ciallaíonn sé sin tacaíocht a thabhairt d'athfhliuchadh na bportach nuair is féidir. I gcásanna nuair nach bhfuil sé sin indéanta - mar shampla, i limistéir níos airde agus níos tirime ina bhfuil móin níos tanaí - d'fhéadfadh crainn dhúchasacha a bheith ina gcuidiú le caillteanais carbóin bhreise ón ithir a íoslaghdú agus ina dtacaíocht le gnáthóg bhithéagsúil a bhunú. Pobal a bheadh ina bhaile d'éin, d'fheithidí, do mhamaigh, do phlandaí agus d'orgánaigh bheo eile.

Tá comhpháirtíocht á déanamh ag Dúlra Coillte le Bord na Móna chun na bealaí a fhiosrú trínar féidir a leithéid de ghnáthóg a chruthú. Leis sin, táimid ag súil go ndéanfar athbheochan nádúrtha na gcoillte dúchasacha a luathú - cuid nádúrtha de mheascán éiceachóras na talún portaigh - ar fud limistéir mhóra d'eastát Bhord na Móna.

I R1 2020, déanfar cineálacha cur chuige gar don dúlra a thástáil leis an tionscadal sin maidir le coillte a phlandú ar limistéir bheaga trí aithris a dhéanamh ar an ngnáthóg choille a tharlaíonn go nádúrtha ar an bportach.

Chomh maith leis sin in 2020, tá sé beartaithe leis an tionscadal Measúnacht Tionchair Timpeallachta (MTT) dhomhan a sholáthar don tSeirbhís Foraoiseachta. Déanfar é sin d'fhonn ceadanna a aimsiú chun an obair sin a shíneadh feadh limistéir de níos mó ná 300 heicteár ag Portach an Bhaile Bhig, ar theorainn Chontae Chill Chainnigh agus Chontae Thiobraid Árann. Dá mbeadh rath ar an MTT, cuirfear tús le hoibríochtaí in 2021.



## PLEAN IOMPAITHE SHLÉIBHTE BHAILE ÁTHA CLIATH

### NUAIR A CUIREADH NA CHÉAD FHORAOISÍ I SLÉIBHTE BHAILE ÁTHA CLIATH SNA 1930Í, BHÍ AN CHATHAIR IARGÚLTA AR BHONN GEOGRAFACH AGUS Ó THAOBH NA MOTHÚNACH DE ARAON.

Athraíodh rudaí áfach, agus sa lá atá inniu ann is limistéir chaithimh aimsire fhíor-thábhachtacha iad na foraoisí sin do dhaonra uirbeach ar lorg aer glan agus spás glas.

Tugtar níos mó ná 550 cuairt in aghaidh an lae ar ár bhforaois is mó a thaitníonn leis an bpobal, Tigh an Chnoic. Trí Iompú Shléibhte Bhaile Átha Cliath, tá sé beartaithe go n-athrófar fócas naoi bhforaois de chuid Choillte, agus Tigh an Chnoic san áireamh, d'fhonn daoine a mhealladh isteach sa dúlra go príomha. Déanfar samhail thraidisiúnta na foraoiseachta de leagan crann agus d'athchur crann a mhionathrú d'fhonn córais neamhdhíobhálacha na crainneolaíochta a chuimsiú, amhail Foraoiseacht an Leanúnachais Foraoise (FLF).

Faoi phrionsabail FLF, coimeádfar ceannbhrat glas na bhforaoisí ó ghlúin go glúin ar bhonn buan, agus i limistéir nuair nach bhfuil sé sin indéanta, bainfear crainn sprúis Sitceach agus crainn péine chontórtaigh neamhdhúchasacha agus athchuirfear speicis dhúchasacha ina n-ionad amhail beith, saileach, fearnóg agus péine Albanach. Soláthrófar gnáthóga leis sin don dúlra agus cruthófar na dathanna fómhair áille ar na cnoic.

Tá sé beartaithe go gcuirfear tús le hobair in 2020 agus go leanfar leis an obair le blianta fada le teacht. Is próiseas mall agus cúramach a bheidh i gceist leis an 'nuamhaisiú' sin agus déanfar é ar bhealach lena ndéanfar cur isteach ar úsáideoirí caithimh aimsire a íoslaghdú. Déanfar tairbhí a choinneáil leis freisin don dúlra agus don tírdhreach a mbeidh na glúnta le teacht de Bhaile Átha Cliathaigh in ann taitneamh a bhaint astu.



## Bith-Fhoraois

TÁ EASTÁT CHOILLTE INA BHAILE DO GO LEOR GNÁTHÓG AGUS SPEICEAS LUACHMHAR AGUS CUIRFIMID DUA MÓR ORAINN FÉIN AIRE A THABHAIRT DÓIBH. DÉANAIMID NA CINN IS FEARR DE NA GNÁTHÓGA SIN A LÉARSCÁILIÚ MAR LIMISTÉIR NA BITHÉAGSÚLACHTA, AGUS DEANAIMID IAD A BHAINISTIÚ AR BHEALACH LENA BHFEABHSAÍTEAR A LUACH DON DÚLRA.

In 2019, rinneamar ár gcleachtais a athbhreithniú agus a nuashonrú. Rinneamar comhpháirtíocht a thionscnamh leis an Ionad Náisiúnta le Sonraí Bithéagsúlachta (NBDC) atá lonnaithe i bPort Láirge. Faoi láthair tá níos mó ná 85,000 taifead ar speicis éagsúla ainmhithe agus plandaí ar feadh 40% dár láithreáin i seilbh ag an Ionad Náisiúnta le Sonraí Bithéagsúlachta. Bailíodh na taifid sin ó 2000 ag suirbhéirí gairmiúla agus ag an bpobal i gcoitinne freisin.

Agus cur chuige atá bunaithe ar luachanna éiceolaíocha, ach a bhí cothromaithe le táirgeadh adhmaid nuair is gá, de dhíth orainn, chuamar i gcomhairle le foireann de shaor-éiceolaithe agus foraoiseoirí, gairmiúla ag a bhfuil an-taithí..

Mar thoradh air sin rinneadh roinnt smaointeoireachta nuálaí, agus na héiceolaithe ag aithint go bhféadfadh tairbhí do bhithéagsúlacht a bheith ag baint le foraois fháschoille mheasctha a bhainistiú agus a chothabháil, agus d'fhéach na foraoiseoirí ar bhealaí nua chun bithéagsúlacht a chorprú i bhforaoiseacht agus i mbainistíocht foraoisí.

Rinneamar imscrúdú ar úsáid Fhoraoiseacht an Leanúnachais Foraoise (FLF) mar uirlis bhainistíochta le haghaidh caomhnú an dúlra a chomhcheangal le táirgeadh adhmaid agus rinneamar ceann amháin de chleachtóirí príomhúla FLF na hÉireann a choimisiúnú, Purser Tarleton Russell, in éineacht le Andreas Schuck, Taighdeoir Sinsearach le EFI Bonn, chun cúrsa oiliúna a fhorbairt dár bhfoireann agus do shainchomhairleoirí an tionscadail.

Áirítear leis príomhghnóthachtálacha Bhith-Fhoraois le linn 2019:


- Teimpléad nua do Phlean Bainistíochta Limistéir na Bithéagsúlachta (BAMPlan), lena ndéantar éiceolaíocht agus foraoiseacht a chomhcheangal
- Pleananna Bainistíochta Limistéir na Bithéagsúlachta do 101 limistéar ar fud an eastáit
- Oiliúint um bithéagsúlacht FLF do 27 ball foirne agus do shainchomhairleoirí an tionscadail
- Tairseach don fhoireann ionas gur féidir leo an bhithéagsúlacht a thaifeadadh (plandaí, ainmhithe, fungais) ar láithreáin Choillte chomhcheangal le táirgeadh adhmaid agus rinneamar ceann amháin de chleachtóirí príomhúla FLF na hÉireann



Sa ghrianghraf (ó Chlé go Deas): Éiceolaí Fionnula O'Neill agus saineolaí FLF Paddy Purser le Aileen O'Sullivan, Liam Malone, Peter McGloin agus Ken Sweeney, Coillte, agus pleananna bainistíochta do láithreán Tionscadal Bhith-Fhoraoise i nGleann Abhóca, Co. Chill Mhantáin, á bplé acu.

# FORAOISI LE HAGHAIDH DAOINE

**Tá polasaí foraoise oscailte ag Coillte agus cuireann sé fáilte roimh cuairteoirí uile ar ár bhforaoisí i gcomhréir leis na prionsabail de 'Ná Fágtar Lorg'. Agus 12 pháirc foraoise, 300 foraois caithimh aimsire agus níos mó ná 3,000 km de rianta slí-mharcáilte iontu, cuirtear fáilte roimh líon measta de 18 milliún cuairteoirí chuig foraoisí Choillte gach bliain.**





Grianghraf: Carraig na bhFiach in aice le Foraois Ghleann Crí de chuid Choillte, Co. Chill Mhantáin.



## ATHFHORBAIRT NA CRAOBHAÍ

TÁ SÉ BEARTAITHE AG COILLTE GO MBEIDH ÁR NEASTÁT SUAITHEANTAIS, PÁRC FORAOISE NA CRAOBHAÍ, INA TARRAINGT 'NACH MÓR A FHEICEÁIL' DO THURASÓIRI AGUS DO CHUAIRTEOIRÍ FAOI 2022. IN 2019, IN ÉINEACHT LE FÁILTE ÉIREANN, FAOMHADH AN INFHEISTIOCHT €8 MILLIÚN LENA GCINNTEOFAR GO DTARLÓIDH SÉ SIN.

Agus réimse de spásanna súgartha agus imeachta nádúrtha, rianta athbheoite agus caifé nua in aice le gairdín múrtha ann, is é an aidhm go mbeifear in ann eispéireas laistigh agus lasmuigh fíor-shásúil a thairiscint le háit bhaile Charles Stewart Parnell.

Beidh an t-eispéireas 'Cónaí le Muintir Parnell' i dTeach na Craobhaí ina eispéireas 'staire beo'. Beidh cuairteoirí in ann dul siar go dtí na 1880í agus cuirfidh Charles Stewart, a theaghlach agus a chomhaoisigh fáilte rompu.

Cuirfear beocht i scéal na Foraoiseachta in Éirinn in eastát atá ina bhaile do sheanchrainn fhásta ag dul siar go dtí na 1700í agus do cheapacha turgnamhacha a leagadh síos nuair a thosaigh foraoiseacht Stáit go luath sna 1900í. Beidh a lán limistéar ann do chuairteoirí chun na speicis dhúchasacha agus choimhthíocha a iniúchadh agus chun taitneamh a bhaint astu atá ag fás ar an gCraobhach, agus is í tarraingt lárnach na Páirce Foraoise a bheidh ann siúlbhealach uathúil trínar féidir le cuairteoirí saolré crainn a eispéiriú.

Cuirfear tús leis an siúlóid faoi thalamh in aice le fréamhacha ollmhóra crainn agus bogfaidh sé suas chuig ceannbhrat iontach na gcrann ina mbeidh radharc iontach ar abhainn Abhóca ó Ionad Faire na Leannán.



## IONAID CONAIRÍ RS NÁISIÚNTA

IN 2019 CHUIR COILLTE TÚS LE TIONSCADAL €13.5M TRÍNA NÉIREOIDH ÉIRE INA CEANN DE NA CINN SCRÍBE PHRÍOMHÚLA DO ROTHAÍOCHT SLÉIBHE SAN EORAIP.

Is é atá i gceist leis an tionscadal níos mó ná 150km de rianta nua a thógáil lena ndéanfar freastal ar dhaoine gan eagla, ar rothaithe fóillíochta agus ar pháistí. Osclófar don phobal é sin ina dheighleoga de réir mar chuirfear i gcrích iad thar na 3 bliana le teacht.

I gcomhpháirtíocht le Fáilte Éireann agus le maoiniú ón Rialtas, tá cúig láthair beartaithe do rianta RS. Beidh an cumas ag gach ceann acu bheith ina cheann scríbe saoire gairide ann féin, lena mbainfidh seirbhísí tacaíochta amhail rothair ar cíos, cóiríocht, agus bia agus miondíol ag cinn rianta nua agus i mbailte agus i sráidbhailte áitiúla.

Is í an aidhm leis na lárionaid nua ar Shliabh Bladhma, i Sligeach, i mBaile Átha Cliath agus i gCill Mhantáin, go ndéanfar forbairt leo ar rath rianta RS Bhealach Eabhra, go bhfásfaidh siad an tarraingt do rothaithe ón tír seo agus go soláthrófar an mhais chriticiúil leo chun cuairteoirí ó thar lear a mhealladh. Le rian Bhealach Eabhra spreagtar caiteachas ó chuairteoirí sa gheilleagar áitiúil dar luach níos mó ná €1.5m gach bliain.






## COILLTE LE HAGHAIDH NA SLÁINTE

### TÁ FIANAISE LÁIDIR ANN GO MBAINEANN ÉIFEACHTAÍ DEARFACHA LE SIÚL I DTIMPEALLACHTAÍ COILLEARNAÍ AR MHEABHAIRSHLÁINTE AGUS IN 2019 LEAN COILLTE LENA CHION A DHÉANAMH MAIDIR LEIS SIN.

I mBealtaine rinneamar an 8ú feachtas 'Ribín Glas - Labhróimis agus Siúlaimis'. Is é an Ribín Glas an tsiombail idirnáisiúnta maidir le feasacht ar mheabhairshláinte, agus i gcomhpháirtíocht le See Change agus le Meabhairshláinte Éireann, d'eagraíomar sraith siúlóidí inár bhforaoisí chun feachtas an Ribín Ghlais a chur chun cinn. Eagraíodh na siúlóidí, ar a mbíonn tóir níos mó orthu gach bliain, i gcomhar le feachtas Siúil agus Cainte Fheirmeoirí Aontaithe na hÉireann agus bhí siad dírithe ar leithlisiú tuaithe a laghdú.

Leanadh le leathnú an Chláir um Theiripe Éiceolaíochta, 'Coillte le haghaidh Sláinte' arna fhorbairt ag Coillte i gcomhpháirtíocht le FSS, le Meabhairshláinte Éireann, le Comhlacha Meabhairshláinte Chill Mhantáin agus le Comhpháirtíocht Spóirt Chill Mhantáin.

Is é a bhí i gceist leis an gclár in 2019 12 sheachtaine de shiúlóidí i dtimpeallachtaí coilearnaí éagsúla ag an am céanna agus ar an lá céanna gach seachtain. Méadaíodh líon na gcontaetha ina ndéantar siúlóidí coillearnaí a éascú faoi chúig le linn na bliana. Tá an clár ordaithe ag gairmithe leighis agus is é atá cuimsithe leis gníomhaíochtaí bunaithe ar an bhforaois d'othair mheabhairshláinte. Comhlánaíonn sé forbairt na Seirbhísí Meabhairshláinte Pobail agus cur chuige um 'théarnamh', ceann amháin de phrionsabail bhunúsacha bheartas meabhairshláinte na hÉireann 'Fís le haghaidh Athraithe' (2006-2016). Trí mheasúnaithe ar an tionscadal ag FSS agus ag an gColáiste Ollscoile, Baile Átha Cliath, fuarthas amach gur feabhsaíodh giúmar na rannpháirtithe faoi 75% agus an codladh dá gcuid faoi 66%.

Sa bhreis air sin, tuairiscíodh gur laghdaíodh smaointe faoi fhéinmharú faoi 82%.




## RITH NA NDREOILÍNÍ DE CHUID THEACH PIETA

### AR LÁ FHÉILE STÍOFAIN, THÁINIG NÍOS MÓ NÁ 2,000 DUINE GO DTÍ AN GHRÁIG, CO. NA GAILLIMHE, DO RITH NA NDREOILÍNÍ DE CHUID THEACH PIETA ARNA URRÚ AG COILLTE.

Leis an rith spraoi carthanachta, a thosaigh i sráidbhaile na Gráige, tugadh rogha de bhealaí foraoise 3km nó 6km agus rinneadh freastal ar gach aois agus ar gach cumas. Tiomsaíodh €10,000 do Theach Pieta leis mar aon le €6,000 breis do chúiseanna áitiúla.

Ó thosaigh sé in 2015, d'fhás Rith na nDreoilíní go mór. In 2019 tharraing sé rannpháirtithe ón gClár, ó Luimneach, ó Thiobraid Árann, ó Uíbh Fhailí, ón Iarmhí, ó Ros Comáin agus ó Mhaigh Eo agus, ar ndóigh, ó Chontae na Gaillimhe freisin.

Tá tarraingtí eile chun an rith a chomhlánú, amhail ceoltóirí áitiúla ag seinm san fhoraois de réir mar a ritheann na rannpháirtithe thart. Chomh maith leis sin thug siad a gcuid ama agus gcuid tallainne chun Éirí an Dreoilín a óstáil, cnuasach de sheisiúin cheoil thraidisiúnta ar fud an tsráidbhaile.




Sa ghrianghraf (ó chlé go deas): Cathal O'Byrne, Roderick Whyte, James Porter, Declan Carroll, Brian Fogarty, Mark O'Loughlin, Christopher Loughrey.



## DÍOLACHÁIN TALÚN LE HAGHAIDH POBAL

### TRÍD AN NGNÓLACHT RÉITIGH TALÚN DÁ CHUID, CEANNAÍONN AGUS DÍOLANN COILLTE TALAMH FORAOISE, D'FHONN A CHINNTIÚ GO MBÍONN AN TEASTÁT FORAOISE NÁISIÚNTA FÓS INBHUANAITHE AGUS TÁIRGIÚIL, AGUS CHUN TACÚ LE POBAIL ÁITIÚLA FREISIN.

In 2019 cheannaigh Réitigh Talún 200 heicteár de thalamh foraoise, agus ag an am céanna roinnt tionscnamh pobail tábhachtach á gcumasú aige trí roinnt dáileachtaí talún a scaoileadh.

I gContae Chill Mhantáin cuireadh heicteár amháin de thalamh ar fáil do charrchlós do Locha Fheartraí Thóchair. Beidh an pháirceáil bhreise ina buntáiste ollmhór do chuairteoirí ar an gceantar mar tá na 20km de rianta an-álainn agus fiadhúlra rathúil, flóra, fána agus radhairc sléibhe le fáil iontu.

I gContae Dhún na nGall, chuir Coillte ar chumas Chlub Peile Dhún Fionnachaidh athlonnú chuig láithreán nua dhá heicteár. Leis sin ligtear do pháirceanna imeartha feabhsaithe agus páirceanna traenála agus le síneadh an Chlub.

I gCo. Chorcaigh chuir an fhoireann Réitigh Talún ar chumas na bunscoile áitiúla i mBaile Theas saoráidí carrchlóis nua a thógáil. Leo sin, feabhsófar sábháilteacht don fhágáil agus don phiocadh suas ag an scoil agus ní bheidh sé riachtanach do thuismitheoirí níos mó stopadh ar thaobh an bhóthair.







# AN BORD STIÚRTHÓIRÍ



**Bernie Gray**, Cathaoirleach

Ceapadh Bernie ina Cathaoirleach ar Bhord Choillte i Márta 2019. Tá céim (BSc) i Riarachán Poiblí Deimhnithe ag Bernie ó TCD mar aon le Dioplóma Iarchéime i gcóitseáil Feidhmiúcháin ó COBÁC. Bhí sí ina Cathaoirleach ar EirGrid ó 2006 go 2013 agus roimhe sin d'oibrigh sí le Eircom idir 1984 agus 2002 agus poist bhainistíochta aici in Airgeadas agus Acmhainní Daonna agus ise ina Stiúrthóir ar Acmhainní Daonna. Faoi láthair tá Bernie ina ball de Bhord Cuntasachta na Státseirbhíse, d'Údarás Rialaithe Ollscoil Chathair Bhaile Átha Cliath (DCU) agus de Choiste Iniúchóireachta agus Riosca Náisiúnta an CLG.

Líon na gcruinnithe Boird ag a raibh sí i láthair 9/9



**Julie Murphy-O'Connor**

Ceapadh Julie don Bhord in 2013 agus is comhpháirtí i Roinn Réitigh Díospóidí le Matheson. Is é atá cuimsithe lena cleachtas comhairle a thabhairt do pháirtithe leasmhara maidir le díospóidí idir scairshealbhóirí agus athstruchtúrú corparáideach. Is comh-údar í den Treoir do Chleachtóirí ar an gCúirt Tráchtála in Éirinn de chuid Chumann an Dlí Tráchtála agus den Lámhleabhar um Dhócmhainneacht de chuid an Chumainn Dlí.

Cruinnithe an Bhoird ag a raibh sé i láthair 10/10



**Eleanor O'Neill**

Ceapadh Eleanor do Bhord Choillte in 2019. Tá Ról Feidhmiúcháin aici i Symantec Corporation mar Stiúrthóir Sinsearach na Teicneolaíochta Faisnéise. Tá taithí 30 bliain aici ar earnáil na teicneolaíochta i mbunathrú digiteach le cuideachtaí ilnáisiúnta, amhail Digital (HP anois), Visio, Microsoft agus cuideachta nuathionscanta Marrakech. Tá céim B. Eng aici ó Ollscoil na hÉireann, Gaillimh, mar aon le Dioplóma i Stiúradh Cuideachtaí (IOD). Faoi láthair tá Eleanor ina suí ar roinnt Bord agus tógann sí saibhreas de thaithí agus d'eolas chuig Bord Choillte.

Cruinnithe an Bhoird ag a raibh sí i láthair 5/5



**Jerry Houlihan**

Ceapadh Jerry don Bhord in 2014 tar éis dó imeacht ar scor ó Kerry Group tar éis beagnach 40 bliain leis an gcuideachta. Le linn na tréimhse sin bhí se freagrach as brabús agus oibríochtaí do roinnt gnólachtaí éagsúla laistigh de ghnó foriomlán na gcomhábhar.

Cruinnithe an Bhoird ag a raibh sé i láthair 10/10



**Patrick Eamon King**

Ceapadh Patrick Eamon don Bhord in 2018. Chaith sé 13 bliana mar Cheann ar Fhorbairt Chorparáideach le Ardagh Group SA agus anois tá an post aige de Shainchomhairleoir Forbartha Corparáidí le Paragon Group Ltd.

Cruinnithe an Bhoird ag a raibh sé i láthair 10/10



**Gerry Gray**

Ceapadh Gerry don Bhord in 2018. Tá níos mó ná 35 bliana de thaithí aige ar obair i róil airgeadais agus straitéise shinsearacha in eagraíochtaí gormshlise idirnáisiúnta lena n-áirítear PwC, Ford Motor Company agus Pilkington. Ar scor anois, tá poist neamhfheidhmiúcháin iolracha ag Gerry sa RA agus in Éirinn.

Cruinnithe an Bhoird ag a raibh sé i láthair 9/10



**Gerard Murphy**

Ceapadh Gerard don Bhord in 2019. Tá taithí fhairsing ag Gerry ar obair in éagsúlacht de róil shinsearacha laistigh de Choillte. Bhí an post de Stiúrthóir Bainistíochta aige i Rannán Foraoise Choillte le 9 mbliana agus le déanaí bhí se ina Stiúrthóir Bainistíochta le Réitigh Talún agus an Gnólacht Dul i bhFiontar laistigh de Choillte. Tá B. Agr. Sci (Foraoiseacht) ag Gerry mar aon le MBA ó COBÁC.

Cruinnithe an Bhoird ag a raibh sé i láthair 1/1



Grianghraf: Radharc ón aer ar pháirc súgartha ag Páirc Foraoise an Rosa Mhóir de chuid Choillte i gCo. Muineacháin.



# CUNTAIS

**Ráitis Airgeadais Reachtúla de chuid Choillte, Cuideachta Ghníomhaíochta Ainmnithe**

Don bhliain airgeadais dar críoch an 31 Nollaig 2019

# Tuarascáil na Stiúrthóirí

**Tá áthas ar na Stiúrthóirí chun an tuarascáil bhliantúil dá gcuid a chur i láthair in éineacht leis na ráitis airgeadais iniúchta don bhliain airgeadais dar críoch an 31 Nollaig 2019.**

## An Chuideachta

Corpraíodh an Chuideachta an 8 Nollaig 1988 agus thosaigh sé ag trádáil an 1 Eanáir 1989 nuair a ghlac sí seilbh ar an ngnólacht foraoiseachta a bhí á chur chun feidhme roimhe sin ag an Roinn Talmhaíochta, Bia agus Mara. Fuarthas na sócmhainní gaolmhara agus glacadh leis an dliteanais amhail an 1 Eanáir 1989.

Tá gnáthscair amháin ag an Aire Talmhaíochta, Bia agus Mara agus tá an chuid eile den scairchaipiteal eisithe i seilbh an Aire Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe.

## Príomhghníomhaíochtaí, athbhreithniú ar an ngnólacht agus na rioscaí agus neamhchinnteachtaí príomhúla

Is iad príomhghníomhaíochtaí an Ghrúpa foraoiseacht agus gníomhaíochtaí a bhaineann le foraoiseacht, painéil bunaithe ar adhmad, fuinneamh in-athnuaite agus forbairt talún. Tá an t-athbhreithniú ar an ngnólacht, lena n-áirítear na rioscaí agus neamhchinnteachtaí príomhúla mar a éilítear ag alt 326 agus ag alt 327 d'Acht na gCuideachtaí 2014, san áireamh le Ráiteas an Chathaoirligh, le hAthbhreithniú an Phríomhfheidhmeannaigh agus le codanna um Athbhreithniú ar an nGnólacht de chuid na Tuarascála Bliantúla.

## Torthaí agus díbhinní

Tá sonraí thorthaí an Ghrúpa leagtha amach sa chuntas brabúis agus caillteanais agus sna nótaí gaolmhara. Le láimhdeachas an Ghrúpa de €327.4m in 2019, laghdú de thart ar 1% ar 2018, léirítear iarmhairt an rósholáthair i margadh na RA arna chomhcheangal le neamhchinnteacht sa mhargadh a bhaineann le Brexit. Méadaíodh costais oibriúcháin faoi €8.4m bliain ar bhliain go príomha mar thoradh ar chostais mhéadaithe snáithín agus roisín sa rannán MEDITE SMARTPLY. Taifeadadh gnóthachain oibriúcháin eile le linn na bliana, lena léirítear an cion ó dhíolacháin sócmhainní eile de €12.2m (2018: €9.2m). Laghdaíodh brabús oibriúcháin (roimh mhíreanna eisceachtúla agus gnóthachain athluachála) ó €71.5m in 2018 go €63.3m in 2019. Ní raibh aon mhíreanna eisceachtúla i dtorthaí 2019 (2018: gnóthachan €86.1m). Bhain an gnóthachan eisceachtúil in 2018 go príomha le diúscairt leas tromlaigh an Ghrúpa sna sócmhainní feirmeacha gaoithe oibriúcháin dá chuid a raibh gnóthachan de €92.9m ina thoradh. Sa bhreis air sin, fuair an Grúpa €1.5m (2018: €8.7m) i ndáileacháin óna infheistíochtaí sna feirmeacha gaoithe le linn 2019.

D'fhaomh an Bord díbhinn de €0.02060 in aghaidh na scaire, €13.0m san iomlán, agus íocadh í i Nollaig 2019. Bhí €15.0m sna díbhinní iomlána a íocadh sa bhliain dar críoch an 31 Nollaig 2018, agus íocadh iad in 2018.

Aistríodh an toradh iomlán don bhliain tar éis na díbhinne chuig an gcúlchiste.

## Stiúrthóirí agus Rúnaí na Cuideachta

Is é an tAire Talmhaíochta, Bia agus Mara a cheap gach Stiúrthóir na Cuideachta.

Bhí na Stiúrthóirí a leanas in oifig le linn na bliana airgeadais dar críoch an 31 Nollaig 2019:

Bernie Gray (Cathaoirleach)
Fergal Leamy
Thomas O'Malley
Julie Murphy-O'Connor
Patrick Eamon King
Gerard Murphy
Jerry Houlihan
Dermot Mulvihill
Roisin Brennan
Gerard Gray
Eleanor O'Neill

Ceapadh **Bernie Gray** (Cathaoirleach) don Bhord an 13 Márta 2019.

D'éirigh **Jerry Houlahan** as a phost ar bhonn uainíochta an 30 Aibreán 2019 agus athcheapadh é don Bhord an 24 Bealtaine 2019 le haghaidh 2 bhliain.

D'éirigh **Roisin Brennan** as a post ar bhonn uainíochta an 30 Aibreán 2019.

D'éirigh **Fergal Leamy** as a phost mar POF agus Stiúrthóir na Cuideachta an 24 Meitheamh 2019.

D'éirigh **Dermot Mulvihill** as a phost ar bhonn uainíochta an 10 Iúil 2019.

Ceapadh **Eleanor O'Neill** don Bhord an 24 Iúil 2019.

Chuaigh **Thomas O'Malley** ar scor ar bhonn uainíochta an 25 Meán Fómhair 2019.

# Tuarascáil na Stiúrthóirí

Ceapadh **Gerard Murphy** don Bhord an 13 Nollaig 2019.

Níl aon leas ag na Stiúrthóirí ná ag an Rúnaí i scaireanna na Cuideachta nó de chuid a fochuideachtaí amhail an 31 Nollaig 2019.

## Ráiteas maidir le freagrachtaí na Stiúrthóirí i dtaca le Tuarascáil na Stiúrthóirí agus na ráitis airgeadais

Tá na Stiúrthóirí freagrach as tuarascáil na Stiúrthóirí agus na ráitis airgeadais a ullmhú i gcomhréir leis an dlí agus na rialacháin is infheidhme.

Éilítear ar Stiúrthóirí le dlí na gcuideachtaí chun ráitis airgeadais a ullmhú do gach bliain airgeadais. Faoin dlí sin roghnaigh na Stiúrthóirí chun na ráitis airgeadais Ghrúpa agus Chuideachta a ullmhú i gcomhréir le FRS 102 "An Caighdeán Tuairiscithe Airgeadais is infheidhme sa Ríocht Aontaithe agus i bPoblacht na hÉireann" de réir mar a chuirtear i bhfeidhm é i gcomhréir le forálacha Acht na gCuideachtaí 2014.

Faoi Dhlí na gCuideachtaí níl cead ag Stiúrthóirí na ráitis airgeadais Ghrúpa agus Chuideachta a fhaomhadh mura bhfuil siad sásta go dtugtar léargas fírinneach cóir leo ar shócmhainní, ar dhliteanais agus ar staid airgeadais an Ghrúpa agus na Cuideachta amhail deireadh na bliana airgeadais agus ar bhrabús nó caillteanas an Ghrúpa don bhliain airgeadais.

Agus na ráitis airgeadais seo á n-ullmhú acu, éilítear ar na Stiúrthóirí na nithe a leanas a dhéanamh:

- Beartais chuntasaíochta oiriúnacha a roghnú agus ansin iad a chur i bhfeidhm go comhsheasmhach;
- Breithiúnais agus meastacháin a dhéanamh atá réasúnta agus stuama;
- Chun a lua cé acu an ndearnadh nó nach ndearnadh na ráitis airgeadais i gcomhréir le caighdeáin chuntasaíochta is infheidhme agus na caighdeáin atá i gceist a ainmniú, faoi réir ag aon imeacht ábhartha ó na caighdeáin sin a nochtadh agus a mhíniú sna nótaí agus leis na ráitis airgeadais; agus
- Na ráitis airgeadais a ullmhú ar bhonn an ghnóthais leantaigh mura bhfuil sé iomchuí chun a thoimhdiú go leanfaidh an Grúpa agus an Chuideachta i mbun gnó.

Tá na Stiúrthóirí freagrach as taifid chuntasaíochta imleora a choimeád atá dóthanach chun na nithe a leanas a chinntiú:

- Idirbhearta an Ghrúpa agus na Cuideachta a thaifeadadh agus a mhíniú ar bhonn ceart;
- Socrú shócmhainní, dhliteanais, staid airgeadais agus brabús nó caillteanas an Ghrúpa agus na Cuideachta a chumasú, ag am ar bith, agus le beachtas réasúnta; agus
- Cur ar chumas na Stiúrthóirí chun a chinntiú go gcloíonn na ráitis airgeadais le hAcht na gCuideachtaí 2014 agus iniúchadh na ráiteas airgeadais sin a chumasú.

Tá na Stiúrthóirí freagrach freisin as sócmhainní an Ghrúpa a chosaint agus de bharr sin as céimeanna réasúnta a ghlacadh le haghaidh calaois agus mírialtachtaí eile a chosc agus a bhrath.

Tá na Stiúrthóirí freagrach as Tuarascáil na Stiúrthóirí a ullmhú lena gcomhlíontar riachtanais Acht na gCuideachtaí 2014.

Admhaíonn na Stiúrthóirí an fhreagracht atá acu, i gcomhréir le hAlt 225(2) d'Acht na gCuideachtaí 2014, as a chinntiú go gcomhlíonann an Chuideachta na hoibleagáidí ábhartha dá cuid atá sonraithe san alt sin a eascraíonn as Acht na gCuideachtaí 2014 agus as reachtaíocht chánach na hÉireann ("oibleagáidí ábhartha"). D'fhonn a chinntiú go gcomhlíontar na hoibleagáidí sin rinne na Stiúrthóirí na nithe a leanas:

- D'eisigh siad ráiteas um beartas comhlíontachta lena leagtar amach beartais na Cuideachta maidir le comhlíonadh oibleagáidí ábhartha na Cuideachta.
- Chinntigh siad go bhfuil socruithe agus struchtúir iomchuí i bhfeidhm agus go bhfuil siad sásta go soláthraíonn siad dearbhú réasúnta maidir le comhlíonadh na n-oibleagáidí sin ar gach slí ábhartha.
- Rinne siad na socruithe agus struchtúir reatha a athbhreithniú le linn na bliana d'fhonn a chinntiú go leanann siad le dearbhú réasúnta a sholáthar maidir le comhlíonadh na n-oibleagáidí sin ar gach slí ábhartha.

# Tuarascáil na Stiúrthóirí

Tá na Stiúrthóirí freagrach as ionracas na faisnéise corparáidí agus airgeadais atá san áireamh ar láithreán gréasáin an Ghrúpa agus as an bhfaisnéis sin a chothabháil. D'fhéadfadh reachtaíocht in Éirinn lena rialáiltear ullmhú agus scaipeadh ráiteas airgeadais a bheith éagsúil ó reachtaíocht i ndlínsí eile.

## Rialachas Corparáideach

Tá Bord Choillte CGA tiomanta do na caighdeáin is airde de rialachas corparáideach agus tá sé cuntasach dá scairshealbhóirí as na caighdeáin sin. Leis an gCód Cleachtais chun Comhlachtaí Stáit a Rialú (eagrán 2016), arna eisiúint ag an Roinn Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe, leagtar amach prionsabail an rialachais chorparáidigh atá infheidhme leis an nGrúpa agus tacaíonn na Stiúrthóirí le prionsabail agus le forálacha an Chóid.

## An Bord Stiúrthóirí

Le linn na bliana bhí an Bord comhdhéanta de Chathaoirleach neamhfheidhmiúcháin, seachtar mar Stiúrthóirí neamhfheidhmiúcháin agus an Príomhfheidhmeannach ag dul as oifig.
Tá an Cathaoirleach agus na comhaltaí boird neamhfheidhmiúcháin neamhspleách ar an bPríomhfheidhmeannach agus ar an mbainistíocht shinsearach. Is é an tAire Talmhaíochta, Bia agus Mara a cheapann na Stiúrthóirí uile don Bhord le haghaidh tréimhse nach faide ná 5 bliana airgeadais agus leagtar amach a thréimhsí oifige i scríbhinn. Is é an tAire a chinneann leibhéal an luacha saothair do Bhord na Stiúrthóirí freisin agus níl luach saothair na Stiúrthóirí neamhfheidhmiúcháin nasctha le feidhmíocht.

Tagann an Bord le chéile go foirmiúil ar bhonn rialta. Tháinig sé le chéile ar dheich n-ócáid in 2019. Tá sceideal ábhar aige atá forchoimeádta go sainiúil dó le cinneadh agus tá sé sásta go bhfuil stiúradh agus rialú an Ghrúpa ina lámha féin go daingean. Déanann an Bord buiséad bliantúil agus plean airgeadais chúig bliana rollach an Ghrúpa a athbhreithniú agus a fhaomhadh. Faigheann an Bord cuntais bhainistíochta mhíosúla go prap ina mbíonn comparáid shonraithe idir cuntais iarbhír agus an buiséad. Tacaítear le soláthar na gcuntas bainistíochta trí láithreoireachtaí a dhéanann an lucht bainistíochta sinsearaí don Bhord ar bhonn rialta. Bíonn conarthaí suntasacha, nach ndéantar i ngnáthchúrsa an ghnó, infheistíochtaí móra agus caiteachas caipitiúil faoi réir freisin ag faomhadh an Bhoird. Baineann gach Stiúrthóir neamhfheidhmiúcháin leas as breithiúnas neamhspleách maidir le gnóthaí uile a bhíonn faoi phlé ag an mBord lena n-áirítear gnóthaí a bhaineann le straitéis, le feidhmíocht, le hacmhainní agus le caighdeáin iompair.

Tá rochtain ag gach comhalta an Bhoird ar Rúnaí na Cuideachta agus ar shainchomhairleoirí gairmiúla an Ghrúpa agus na Cuideachta de réir mar is gá. Cinntítear leis sin go leantar nósanna imeachta an Bhoird agus go gcomhlíontar rialacha agus rialacháin is infheidhme. Tugadh faisnéis iomchuí do gach Stiúrthóir ar a cheapachán don Bhord.

## Taifid chuntasaíochta

Mar bheartas chun a chinntiú go gcomhlíontar oibleagáid an Ghrúpa agus na Cuideachta chun taifid chuntasaíochta imleora a choimeád, úsáideann na Stiúrthóirí córais agus nósanna imeachta iomchuí agus fostaíonn siad daoine inniúla. Coinnítear na taifid chuntasaíochta ag ceannoifig an Ghrúpa ag Bóthar Bhaile Átha Cliath, Baile an Chinnéidigh, Co. Chill Mhantáin.

## Tuarascáil faoi alt 22 den Acht um Nochtadh Cosanta, 2014

Tá Beartas um Nochtadh Cosanta curtha i bhfeidhm ag an nGrúpa ar aon dul le riachtanais an Achta um Nochtadh Cosanta, 2014.

Éilítear ar an nGrúpa le halt 22 den Acht um Nochtadh Cosanta, 2014 Tuarascáil Bhliantúil a fhoilsiú a bhaineann le nochtadh cosanta a dhéantar faoin Acht um Nochtadh Cosanta, 2014. I gcomhréir leis an riachtanas sin, dearbhaíonn na Stiúrthóirí nach ndearnadh aon nochtadh cosanta le linn na bliana airgeadais dar críoch an 31 Nollaig 2019.

# Tuarascáil na Stiúrthóirí

### Taighde agus forbairt

Le linn na bliana airgeadais, lean an Grúpa lena chlár taighde agus forbartha maidir lena chuid gníomhaíochtaí foraoiseachta agus maidir le cur i bhfeidhm a chuid táirgí MEDITE SMARTPLY a leathnú.

### An rialachán íocaíochtaí prasa

Admhaíonn na Stiúrthóirí an fhreagracht atá acu as comhlíonadh fhorálacha an Achta um Íoc Pras Cuntas, 1997, ar an uile dhóigh ábhartha, mar a leasaíodh ag na Comhphobail Eorpacha (Íoc Déanach as Idirbhearta Tráchtála) (I.R. Uimh. 580 de 2012 ('na Rialacháin').

Cuireadh nósanna imeachta i bhfeidhm chun na dátaí a shainaithint ar a mbíonn sonraisc dlite le haghaidh íocaíochta agus d'fhonn íocaíochtaí a dhéanamh faoi dhátaí dá leithéid.

Dá réir sin, tá na Stiúrthóirí sásta gur chomhlíon an Chuideachta riachtanais na Rialachán.

### Ghnóthais fhochuideachta, chomhfhiontair agus chomhlacha

Tá liosta de ghnóthais fhochuideachta, chomhfhiontair agus chomhlacha amhail an 31 Nollaig 2019 leagtha amach i nóta 18.

### Síntiúis pholaitíochta

Ní dhearnadh aon síntiúis pholaitíochta óna dteastaíonn nochtadh faoin Acht Toghcháin, 1997.

### Teagmhais ó dheireadh na bliana airgeadais

De réir mar a pléadh i Ráiteas an Chathaoirligh agus in athbhreithniú an Phríomhfheidhmeannaigh, tá an Grúpa ag dul i ngleic le hiarmhairt phaindéim Covid-19 ar oibríochtaí an Ghrúpa. Toisc gur teagmhas neamh-choigeartaithe tar éis an chláir chomhardaithe í an ráig, níl iarmhairt ar bith ar aithint agus ar thomhas shócmhainní agus dhliteanais an Ghrúpa amhail an 31 Nollaig 2019. Ní raibh aon teagmhais shuntasacha eile ann ó dheireadh na bliana airgeadais.

### Faisnéis iniúchóireachta ábhartha

Creideann na Stiúrthóirí gur ghlac siad na céimeanna riachtanacha uile chun iad féin a chur ar an eolas maidir le faisnéis iniúchóireachta ábhartha ar bith agus dheimhnigh siad go bhfuil iniúchóirí reachtúla an Ghrúpa feasach ar an bhfaisnéis sin. Sa mhéid go bhfuil na Stiúrthóirí ar an eolas, níl faisnéis iniúchóireachta ábhartha ar bith ann nach bhfuil iniúchóirí reachtúla an Ghrúpa ar an eolas fúithi.

### Iniúchóirí

Léirigh an tIniúchóir, KPMG, go bhfuil siad toilteanach leanúint in oifig.

Thar ceann an Bhoird

| | |
|---|---|
| Bernie Gray | Gerard Gray |
| Cathaoirleach | Stiúrthóir |

Dáta: 30 Márta 2020

# Ráiteas ar Rialú Inmheánach

## Raon feidhme na Freagrachta

Thar ceann Choillte CGA admhaíonn an Bord an fhreagracht atá aige chun a chinntiú go ndéantar córas rialaithe inmheánaigh a choimeád chomh maith leis an bhfreagracht fhoriomlán as bainistíocht riosca atá aige. Cinntíonn an Bord go bhfanann neamhchosaint an Ghrúpa ar riosca i gcomhréir le tabhairt faoina chuspóirí straitéiseacha agus lena sprioc níos fadtréimhsí de luach a chruthú do scairshealbhóirí. Tugtar riachtanais an Chóid Chleachtais le haghaidh Comhlachtaí Stáit a Rialú (2016) san áireamh leis an bhfreagracht sin.

Tá an lucht bainistíochta freagrach as rioscaí suntasacha a shainaithint agus a mheas is infheidhme lena réimsí gnó, mar aon le rialuithe inmheánacha oiriúnacha a chur i bhfeidhm. Déantar na rioscaí sin a mheasúnú ar bhonn leanúnach agus féadfaidh siad tarlú mar thoradh ar chlistí rialaithe, ar chur isteach ar chórais TF, ar shaincheisteanna dlí agus rialála, ar dhálaí margaidh agus ar thubaistí nádúrtha. Tuairiscíonn an lucht bainistíochta don Bhord freisin maidir le hathruithe móra ar an dtimpeallacht ghnó agus sheachtrach a théann i bhfeidhm ar riosca. Nuair a shainaithnítear réimsí le haghaidh feabhsaithe sa chóras, breithníonn an Bord ar mholtaí an lucht bainistíochta agus an Choiste Iniúchóireachta agus Riosca.

## Cuspóir an Chórais Rialaithe Inmheánaigh

Tá an córas rialaithe inmheánaigh deartha chun riosca a bhainistiú ar leibhéal infhulaingthe seachas chun é a dhíothú. Ní féidir, mar sin, ach dearbhú réasúnta agus ní dearbhú iomlán a sholáthar leis an gcóras go ndéantar sócmhainní a chosaint, go n-údaraítear agus go dtaifeadtar idirbhearta go ceart agus go ndéantar earráidí nó neamhrialtachtaí ábhartha a chosc nó a bhrath ar bhonn tráthúil.

Bhí an córas rialaithe inmheánaigh, atá i gcomhréir leis an treoir atá sa Chód Cleachtais chun Comhlachtaí Stáit a Rialú, i bhfeidhm i gCoillte CGA don bhliain dar críoch an 31 Nollaig 2019 agus suas go dáta fhaomhadh na ráiteas airgeadais.

## An Cumas Riosca a Láimhseáil

Tá Coiste Iniúchóireachta agus Riosca ag Coillte CGA atá comhdhéanta de cheathrar atá ina gcomhaltaí neamhfheidhmiúcháin den Bhord, agus is é an Cathaoirleach duine amháin acu. Bhunaigh Coillte CGA feidhm iniúchta inmheánaigh freisin dá dtugtar acmhainní imleora agus lena ndéantar clár oibre arna chomhaontú leis an gCoiste Iniúchóireachta agus Riosca.

Oibríonn an Coiste Iniúchóireachta agus Riosca faoi théarmaí tagartha lena sonraítear go soiléir na freagrachtaí atá aige maidir le rialuithe inmheánacha agus córais bainistíochta riosca.

## An Creat Riosca agus Rialaithe

Chuir Coillte CGA córas bainistíochta riosca i bhfeidhm lena sainaithnítear agus lena dtuairiscítear príomhrioscaí agus na gníomhaíochtaí bainistíochta arna nglacadh chun tabhairt fúthu agus, sa mhéid is féidir, chun iad a mhaolú.

Tá an córas rialaithe inmheánaigh deartha chun a chinntiú go gcuireann lucht bainistíochta gnó an Ghrúpa chun feidhme ar bhealach ordúil, go gcosnaíonn siad na sócmhainní dá chuid agus, sa mhéid is féidir, go gcinntíonn siad cruinneas agus iontaofacht na dtaifead dá chuid. Seo a leanas príomhghnéithe an chórais:

- Struchtúr eagraíochta lena mbaineann nósanna imeachta oibriúcháin agus tuairiscithe soiléire, teorainneacha ar údarú, dealú cúraimí agus údaruithe tarmligthe.
- Córas cuimsitheach de thuairisciú airgeadais.
- Buiséid bhliantúla agus pleananna fadtéarma don ghnó lena sainaithnítear príomhrioscaí agus deiseanna.
- Monatóireacht ar fheidhmíocht i gcoinne buiséad agus tuairisciú ina leith don Bhord ar bhonn rialta.
- Cód iompair foirmiúil don ghnó is infheidhme leis an ngnó agus arna chur in iúl don fhoireann.
- Feidhm iniúchta inmheánaigh lena ndéantar athbhreithniú ar chóras na rialuithe inmheánacha ar bhonn rialta.
- Coiste Iniúchóireachta agus Riosca a dhéanann athbhreithniú ar éifeachtacht chóras rialaithe inmheánaigh an Ghrúpa ar bhonn bliantúil.

# Ráiteas ar Rialú Inmheánach

Cuireadh clár rioscaí le chéile lena sainaithnítear na rioscaí is suntasaí atá os comhair an Ghrúpa agus rinneadh iad sin a shainaithint, a mheasúnú agus a ghrádú de réir a dtábhachta. Déanann an Bord na príomhrioscaí a athbhreithniú agus a nuashonrú ar bhonn rialta. Baintear úsáid as toradh na measúnuithe sin chun acmhainní a phleanáil agus a leithdháileadh d'fhonn a chinntiú go ndéantar rioscaí a bhainistiú ar leibhéal inghlactha.

Le linn athbhreithniú a dhéanamh ar na rioscaí sin, iarradh ar bhainisteoirí chun aird ar leith a thabhairt ar na nithe a leanas:

- Na frithbhearta atá i bhfeidhm chun an riosca a mhaolú.
- An riosca glan iarmharach agus aird á tabhairt ar na próisis agus na rialuithe atá i bhfeidhm.
- Na gníomhaíochtaí a theastaíonn nó atá á ndéanamh chun an riosca a mhaolú a thuilleadh.

Rinneadh na rioscaí arna sainaithint a rangú i dtéamaí a n-iarmharta agus cosúlacht an tarlaithe agus tugadh treoir do bhainisteoirí chun a chinntiú go gcuirtear na rioscaí sin san áireamh agus pleananna gnó agus pleananna feidhmíochta bainisteoirí aonair á bhforbairt. Is próiseas leanúnach é seo agus leanfar le hathbhreithniú a dhéanamh ar phróifíl riosca agus ar phróiseas bainistíochta riosca an Ghrúpa ar bhonn tréimhsiúil.

Sa chlár rioscaí sonraítear na rialuithe agus na gníomhaíochtaí a theastaíonn chun rioscaí a mhaolú agus sanntar freagracht as na rialuithe a oibriú do bhaill foirne shainiúla. Dearbhaímid go bhfuil timpeallacht rialaithe curtha i bhfeidhm ina bhfuil na gnéithe a leanas:

- rinneadh nósanna imeachta maidir le príomhphróisis ghnó uile a dhoiciméadú,
- sannadh freagrachtaí airgeadais ar leibhéal bainistíochta le cuntasacht chomhfhreagrach,
- tá córas buiséadaithe iomchuí ann le buiséad bliantúil a choimeádtar faoi athbhreithniú ag an lucht bainistíochta sinsearaí,
- tá córais ann atá dírithe ar shlándáil na gcóras faisnéise agus teicneolaíochta a chinntiú,
- tá córais i bhfeidhm chun sócmhainní a chosaint.

I measc na bpríomhrioscaí arna sainaithint ag an lucht bainistíochta tá na nithe a leanas:

### Bainistíocht Riosca Airgeadais

Déantar oibríochtaí cistíochta an Ghrúpa a bhainistiú ar aon dul le beartais atá faofa ag an mBord. Soláthraítear prionsabail leis na beartais sin le haghaidh bainistíocht riosca airgeadais fhoriomlán agus clúdaítear réimsí sainiúla leo amhail riosca um ráta úis, leachtacht agus airgeadra eachtrach. Mar gheall ar oibríochtaí an Ghrúpa fágtar é gan chosaint ar éagsúlacht de rioscaí airgeadais lena n-áirítear iarmhairtí athruithe ar phraghsanna an mhargaidh fiachas, riosca um airgeadra eachtrach, riosca creidmheasa, riosca um leachtacht agus ráta úis. Tá clár bainistíochta riosca i bhfeidhm ag an nGrúpa lena ndéantar iarracht neamhchosaintí airgeadais an Ghrúpa a bhainistiú trí mhonatóireacht a dhéanamh ar leibhéil an mhaoinithe i dtaca le fiachas agus na costais mhaoinithe ghaolmhara.

D'fhonn cobhsaíocht eis-sreafaí airgid agus an riosca um ráta úis a bhainistiú, tá sé mar bheartas ag an nGrúpa 50% ar a laghad den fhiachas dá chuid a choinneáil ar ráta seasta. Déanann an Grúpa iarracht freisin chun an riosca de mhaoiniú neamhchinnte ina chuid oibríochtaí a íoslaghdú trí iasachtaíocht a dhéanamh laistigh de raon de thréimhsí aibíochta. Baintear úsáid as ionstraimí airgeadais chun riosca ráta úis agus riosca airgeadais a bhainistiú. Ní ghlacann an Grúpa páirt i ngníomhaíocht amhantrach agus is beartas atá drogallach roimh rioscaí a bheartas oibriúcháin ciste.

### Praghasriosca

Mar thoradh ar a chuid oibríochtaí bíonn an Grúpa neamhchosanta ar phraghasriosca tráchtearraí. Ach mar gheall ar mhéid na n-oibríochtaí de chuid an Ghrúpa, áfach, sáraíonn na costais a bhaineann le neamhchosaint ar phraghasriosca tráchtearraí a bhainistiú aon tairbhí ionchasacha. Déanfaidh na Stiúrthóirí oiriúnacht an bheartais sin a athbhreithniú dá n-athrófaí oibríochtaí an Ghrúpa ina méid nó ina nádúr.

# Ráiteas ar Rialú Inmheánach

### Riosca um Airgeadra Eachtrach

Bíonn an Ghrúpa neamhchosanta ar rioscaí um airgeadra eachtrach i ngnáthchúrsa an ghnó, go príomha maidir le díolacháin atá ainmnithe i Steirling. Is é beartas an Ghrúpa d'fhonn iarmhairt na neamhchosanta um airgeadra sin a íoslaghdú ná chun Steirling a fhálú trí dhul isteach i réamhchonarthaí i malairt eachtrach bunaithe ar dhíolacháin lena bhfuiltear ag súil sa mhargadh RA.

### Riosca Creidmheasa

Chuir an Grúpa beartais i bhfeidhm lena n-éilítear seiceálacha creidmheasa iomchuí ar chustaiméirí ionchasacha sula ndéantar díolacháin. Sa bhreis air sin, cuirtear árachas i bhfeidhm le haghaidh custaiméirí níos mó an Ghrúpa.

### Riosca um Leachtacht

Tá an Grúpa gníomhach maidir le meascán de mhaoiniú fiachais fadtéarma agus gearrthéarma a choimeád, rud atá deartha chun a chinntiú go mbíonn cistí imleora ar fáil don Ghrúpa le haghaidh oibríochtaí agus méaduithe beartaithe.

### Monatóireacht agus Athbhreithniú Leanúnach

Bunaíodh nósanna imeachta foirmiúla chun próisis rialaithe a mhonatóiriú agus cuirtear easnaimh sa rialú in iúl dóibh siúd atá freagrach as gníomh ceartaitheach a dhéanamh agus don lucht bainistíochta agus don Bhord, nuair is ábhartha, ar bhonn trathúil. Dearbhaímid go bhfuil na córais monatóireachta leanúnaí a leanas i bhfeidhm:

- sainaithníodh príomhrioscaí agus rialuithe gaolmhara agus cuireadh próisis i bhfeidhm chun monatóireacht a dhéanamh ar oibriú na bpríomhrialuithe sin agus chun aon easnaimh arna sainaithint a thuairisciú,
- bunaíodh socruithe tuairiscithe ar gach leibhéal dá bhfuil freagracht as bainistíocht airgeadais sannta, agus
- déanann an lucht bainistíochta sinsearaí athbhreithnithe rialta ar fheidhmíocht thréimhsiúil agus bhliantúil agus tá tuarascálacha airgeadais ann lena léirítear feidhmíocht i gcoinne buiséad/ réamhaisnéisí.

### Soláthar

Dearbhaíonn an Bord go bhfuil nósanna imeachta curtha i bhfeidhm ag Coillte CGA chun comhlíonadh rialacha agus treoirlínte reatha um sholáthar a éascú agus, le linn na bliana dar críoch an 31 Nollaig 2019, gur chomhlíon Coillte CGA na nósanna imeachta sin.

### Athbhreithniú ar Éifeachtacht

Dearbhaíonn an Bord go bhfuil nósanna imeachta curtha i bhfeidhm ag Coillte CGA chun monatóireacht a dhéanamh ar éifeachtacht na nósanna imeachta bainistíochta agus rialaithe riosca dá chuid. Déantar monatóireacht agus athbhreithniú Choillte CGA ar éifeachtacht an chórais rialaithe airgeadais inmheánaigh a threorú ag obair na n-iniúchóirí inmheánacha agus seachtracha, ag obair an Choiste Iniúchóireachta agus Riosca a dhéanann maoirseacht ar a gcuid oibre, agus ag an lucht bainistíochta sinsearaí laistigh de Choillte CGA atá freagrach as an gcreat um rialú airgeadais inmheánach a fhorbairt agus a chothabháil.

### Saincheisteanna Rialaithe Inmheánaigh

Níor sainaithníodh aon laigí sa rialú inmheánach le linn na bliana dar críoch an 31 Nollaig 2019 óna dteastaíonn nochtadh sna ráitis airgeadais.

| | |
|---|---|
| Bernie Gray | Gerard Gray |
| Cathaoirleach | Stiúrthóir |

# Ráiteas ar Rialachas agus Tuarascáil Chomhaltaí an Bhoird

### Rialachas

Bunaíodh Bord Choillte CGA faoin Acht Foraoiseachta, 1988. Tá an Bord freagrach don Aire Talmhaíochta, Bia agus Mara agus tá sé freagrach as dea-rialachas a chinntiú agus feidhmíonn sé an tasc sin trí chuspóirí agus spriocanna straitéiseacha a shocrú agus as cinntí straitéiseacha a dhéanamh maidir le príomhshaincheisteanna gnó uile. Is é an Príomhoifigeach Feidhmiúcháin (POF) agus an fhoireann bainistíochta sinsearaí atá freagrach as bainistíocht laethúil, rialú agus stiúradh rialta Choillte CGA. Leanann an POF agus an fhoireann bainistíochta sinsearaí an treoir straitéiseach leathan arna leagan síos ag an mBord, agus cinntíonn siad go mbíonn tuiscint shoiléir ag na comhaltaí Boird uile ar na príomhghníomhaíochtaí agus cinntí a bhaineann leis an nGrúpa, agus ar aon rioscaí suntasacha ar dhócha go dtarlóidh siad. Gníomhaíonn an POF mar idirghabhálaí díreach idir an Bord agus lucht bainistíochta Choillte CGA.

### Freagrachtaí an Bhoird

Tá gnóthaí atá forchoimeádta do chinntí an Bhoird leagtha amach i gClár an Údaráis Tharmligthe lena n-áirítear an méid a leanas:

- Éadálacha agus diúscairt réadmhaoine agus sócmhainní talún Choillte nó na bhfochuideachtaí dá chuid dar luach €2,000,000 nó níos mó a fhaomhadh;
- Infheistíochtaí agus caiteachas tionscadail caipitiúil níos mó ná €3,000,000;
- Leibhéil an údaráis tharmligthe, beartais ciste agus beartais bainistíochta riosca a fhaomhadh;
- Téarmaí conarthaí móra dar luach níos mó ná €1,500,000 agus níos faide ná 3 bliana ina dtréimhse a fhaomhadh;
- Caiteachas lasmuigh de ghnáthchúrsa an ghnó atá níos mó ná €500,000 a fhaomhadh;
- Beartas maidir le cinneadh um luach saothair an lucht bainistíochta sinsearaí a fhaomhadh;
- An POF a cheapadh, luach saothair a chinneadh ina leith agus a f(h)eidhmíocht a mheasúnú agus pleanáil comharbais a dhéanamh ina leith;
- Buiséid bhliantúla agus pleananna corparáideacha a fhaomhadh;
- Beartas um dhíbhinní a fhaomhadh;
- Díolacháin sócmhainní le Stiúrthóirí nó lena dteaghlaigh nó
- Gnóthaí forchoimeádta uile na scairshealbhóirí a fhaomhadh roimh ré;
- Saoráidí iasachta uile a fhaomhadh;
- Sínitheoirí údaraithe uile Shéala na Cuideachta a fhaomhadh; agus
- Treoirlínte rialachais chorparáidigh uile a fhaomhadh.

Áirítear le míreanna seasta a bhreithníonn an Bord ag gach cruinniú:

- dearbhú leasanna,
- tuarascálacha ó choistí,
- tuarascálacha airgeadais/cuntais bhainistíochta agus
- tuarascálacha feidhmíochta.

Tá an Bord freagrach as taifid chuntasaíochta imleora a choimeád lena nochtar, le cruinneas réasúnta ag am ar bith, an staid airgeadais dá chuid agus lena gcuirtear ar a chumas chun a chinntiú go gcomhlíontar Alt 281 – 285 d'Acht na gCuideachtaí, 2014. Tá an Bord freagrach as ionracas na faisnéise corparáidí agus airgeadais ar láithreán gréasáin Choillte CGA agus as an bhfaisnéis sin a chothabháil.

Tá an Bord freagrach as an bplean bliantúil agus as an mbuiséad bliantúil a fhaomhadh. Rinneadh measúnú ar fheidhmíocht Choillte CGA trí thagairt do phlean bliantúil agus do bhuiséad bliantúil 2019 i mí Eanáir 2020.

Tá an Bord freagrach freisin as na sócmhainní dá chuid a chosaint agus de bharr sin as céimeanna réasúnta a ghlacadh le haghaidh calaois agus mírialtachtaí eile a chosc agus a bhrath.

Measann an Bord go dtugtar léargas fírinneach cóir le ráitis airgeadais Choillte CGA ar fheidhmíocht airgeadais Choillte CGA don bhliain dar críoch an 31 Nollaig 2019 agus ar a fheidhmíocht airgeadais amhail an dáta sin.

### Struchtúr an Bhoird

Tá an Bord comhdhéanta de Chathaoirleach agus seisear ar gnáthchomhaltaí iad agus ceapann an tAire Talmhaíochta, Bia agus Mara gach duine acu. Ceapadh comhaltaí an Bhoird le haghaidh thréimhse chúig bliana, mura bhfuil a mhalairt luaite, agus tagann siad le chéile ar bhonn rialta. Sonraítear leis an tábla thíos an dáta ceapacháin le haghaidh na gcomhaltaí reatha:

# Ráiteas ar Rialachas agus Tuarascáil Chomhaltaí an Bhoird

| An Comhalta Boird | Ról | Dáta an Cheapacháin |
|---|---|---|
| Bernie Gray | Cathaoirleach | 13 Márta 2019 |
| Julie Murphy-O'Connor | Gnáthchomhalta | 24 Meitheamh 2018 (athcheaptha) |
| Jerry Houlihan | Gnáthchomhalta | 24 Bealtaine 2019 (athcheaptha le haghaidh 2 bhliain) |
| Gerard Gray | Gnáthchomhalta | 26 Feabhra 2018 |
| Patrick Eamon King | Gnáthchomhalta | 26 Feabhra 2018 |
| Eleanor O'Neill | Gnáthchomhalta | 24 Iúil 2019 |
| Gerard Murphy | Gnáthchomhalta | 13 Nollaig 2019 |

Chuir an Bord tús le hAthbhreithniú ar Éifeachtacht agus ar Mheasúnú an Bhoird i nDeireadh Fómhair 2019 agus cuireadh i gcrích é i Nollaig 2019.

Bhí dhá choiste de chuid an Bhoird ann le linn 2019, mar a leanas:

### An Coiste Iniúchóireachta agus Riosca

Baill dá chuid le linn 2019: Gerard Gray (Cathaoirleach), Julie Murphy- O'Connor, Jerry Houlihan agus Patrick Eamon King (arna cheapadh i Márta 2019).

Tá an Coiste Iniúchóireachta agus Riosca comhdhéanta de Stiúrthóirí neamhfheidhmiúcháin agus oibríonn sé faoi théarmaí tagartha foirmiúla. Tháinig sé le chéile ar chúig ócáid in 2019. Is e ról an Choiste Iniúchóireachta agus Riosca tacaíocht a thabhairt don Bhord maidir lena chuid freagrachtaí as saincheisteanna riosca, rialaithe agus rialachais agus dearbhú gaolmhar. Tá an Coiste Iniúchóireachta agus Riosca neamhspleách ar bhainistíocht airgeadais na heagraíochta. Go sainiúil, cinntíonn an Coiste Iniúchóireachta agus Riosca go ndéantar monatóireacht ghníomhach agus neamhspleách ar na córais rialaithe inmheánaigh, lena n-áirítear gníomhaíochtaí iniúchta inmheánaigh. Tuairiscíonn an Coiste Iniúchóireachta agus Riosca ar bhonn foirmiúil don Bhord tar éis gach cruinnithe.

Is féidir leis an gCoiste Iniúchóireachta agus Riosca athbhreithniú a dhéanamh ar ábhar ar bith a bhaineann le gnóthaí airgeadais an Ghrúpa, go háirithe, na ráitis airgeadais bhliantúla, an creat rialaithe inmheánaigh, an fheidhm um Dhearbhú agus Comhlíontacht (agus iniúchadh inmheánach), tuarascálacha na n-iniúchóirí seachtracha agus inmheánacha agus athruithe a mholtar ar bheartais chuntasaíochta. De ghnáth, tugtar cuireadh don Phríomhfheidhmeannach, don Phríomhoifigeach Airgeadais agus don Stiúrthóir Comhlíontachta agus do bhainisteoirí sinsearacha eile chun freastal ar na cruinnithe sin de réir mar is iomchuí. Tá an Coiste Iniúchóireachta agus Riosca freagrach as na hiniúchóirí seachtracha a cheapadh agus as a gcuid táillí a íoc agus buaileann sé leo chun an t-iniúchadh bliantúil a phleanáil agus na torthaí ina dhiaidh sin a athbhreithniú. Buaileann na hiniúchóirí seachtracha leis an gCoiste Iniúchóireachta agus Riosca ar bhonn príobháideach freisin. Tuairiscíonn an Stiúrthóir um Dhearbhú agus Comhlíontacht go díreach don Choiste Iniúchóireachta agus Riosca agus tá an Coiste Iniúchóireachta agus Riosca freagrach as an bplean iniúchta inmheánaigh a fhaomhadh. Buaileann an Stiúrthóir um Dhearbhú agus Comhlíontacht leis an gCoiste Iniúchóireachta agus Riosca ar bhonn príobháideach freisin.

Bunaíodh creat chun riosca a shainaithint go foirmiúil agus chun éifeachtacht na rialuithe inmheánacha a mheasúnú. Tríd an bhfeidhm um Dhearbhú agus Comhlíontacht déantar monatóireacht ar chórais rialaithe an Ghrúpa trí thuarascálacha airgeadais a scrúdú, trí chruinneas an tuairiscithe ar idirbhearta a thástáil agus trí dhearbhú a fháil ar shlí eile go bhfuil na córais ag oibriú i gcomhréir le cuspóirí an Ghrúpa. Déantar measúnú freisin ar fhreagairt an lucht bainistíochta ar rioscaí suntasacha arna sainaithint agus ar na nósanna imeachta tuairiscithe dá gcuid.

### An Coiste Luacha Saothair

Is é ról an Choiste Luacha Saothair comhairle a thabhairt don Bhord maidir le beartas i dtaca le luach saothair feidhmiúcháin laistigh den Ghrúpa agus chun treoir agus comhairle a sholáthar don POF maidir le cur i bhfeidhm bheartas an Bhoird de réir mar a chuirtear i bhfeidhm é maidir leis an lucht bainistíochta sinsearaí.

Ba iad baill an Choiste le linn 2019 Roisin Brennan (a d'éirigh as an gCoiste Luacha Saothair in Aibreán 2019), Patrick Eamon King agus Bernie Gray (arna cheapadh don Choiste Luacha Saothair i Márta 2019). Tháinig sé le chéile ar cheithre ócáid in 2019.

# Ráiteas ar Rialachas agus Tuarascáil Chomhaltaí an Bhoird

## Sceideal an Tinrimh, Táillí agus Speansas

Tá sceideal an tinrimh ag cruinnithe an Bhoird do 2019 leagtha amach thíos, lena n-áirítear táillí agus speansais a fuair gach comhalta:

| | Cruinnithe an Bhoird ar a bhfreastalaíodh | Táillí | Tuarastal | Ranníocaíocht Pinsin | Sochair Inchánach | Iomlán 2019 | Iomlán 2018 |
|---|---|---|---|---|---|---|---|
| **Stiúrthóirí** | **(10 arna dtionól)** | **€'000** | **€'000** | **€'000** | **€'000** | **€'000** | **€'000** |
| Bernie Gray[1] | 9/9 | 18 | - | - | - | 18 | - |
| Julie Murphy - O'Connor[2] | 10/10 | - | - | - | - | - | - |
| Roisin Brennan[3] | 3/3 | 4 | - | - | - | 4 | 13 |
| Jerry Houlihan | 10/10 | 13 | - | - | - | 13 | 13 |
| Dermot Mulvihill[4] | 3/4 | 6 | - | - | - | 6 | 13 |
| Gerard Gray | 9/10 | 13 | - | - | - | 13 | 13 |
| Patrick Eamon King | 10/10 | 13 | - | - | - | 13 | 13 |
| Thomas O'Malley[5] | 5/5 | 9 | 39 | 3 | - | 51 | 50 |
| Fergal Leamy (CEO)[6] | 3/4 | - | 109 | 25 | 16 | 150 | 315 |
| Eleanor O'Neill | 5/5 | 6 | - | - | - | 6 | - |
| Gerard Murphy | 1/1 | 1 | - | - | - | 1 | - |
| | | **83** | **148** | **28** | **16** | **275** | **430** |
| **Príomhfheidhmeannach** | | | | | | | |
| Imelda Hurley[7] | | - | 35 | 9 | 3 | 47 | - |
| | | **83** | **183** | **37** | **19** | **322** | **430** |

*1 Ceapadh an tUasal Gray don Bhord an 13 Márta 2019 agus dá bhrí sin ní bhfuair sí aon táillí, speansais ná luachanna saothair le linn na bliana dar críoch an 31 Nollaig 2018.*
*2 Rinne an tUasal Murphy-O'Connor gach luach saothair in 2019 agus in 2018 a tharscaoileadh.*
*3 D'éirigh an tUasal Brennnan as an mBord Stiúrthóirí in Aibreán 2019.*
*4 D'éirigh an tUasal Mulvihill as an mBord Stiúrthóirí i Mí Iúil 2019.*
*5 D'éirigh an tUasal O'Malley as an mBord Stiúrthóirí i Meán Fómhair 2019.*
*6 D'éirigh an tUasal Leamy as a phost mar POF agus as an mBord Stiúrthóirí i Meitheamh 2019.*
*7 Ceapadh an tUasal Hurley ina Príomhfheidhmeannach i Samhain 2019.*

## Athruithe ar Phríomhphearsanra Bainistíochta

Ceapadh an tUasal Imelda Hurley ina Príomhfheidhmeannach ón 4 Samhain 2019. Ceapadh an tUasal Mark Carlin (SB Foraoise) don Fheidhmeannas Oibriúcháin ón 1 Eanáir 2019, ceapadh an tUasal Peter Lynch (S.B. Fuinneamh In-athnuaite) don Fheidhmeannas Oibriúcháin ón 16 Iúil 2019 agus ceapadh an tUasal David Feeney (S.B. Réitigh Talún & Dul i bhFiontar) don Fheidhmeannas Oibriúcháin ón 16 Meán Fómhair 2019. Chuaigh an tUasal Gerard Murphy (S.B. Réitigh Talún & Dul i bhFiontar) ar scor ón gCuideachta an 13 Meán Fómhair 2019.

# Ráiteas ar Rialachas agus Tuarascáil Chomhaltaí an Bhoird

## Nochtadh a Éilítear leis an gCód Cleachtais le haghaidh Comhlachtaí Stáit a Rialú (2016)

Tá an Bord freagrach as a chinntiú go gcomhlíonann Coillte CGA riachtanais an Chóid Chleachtais chun Comhlachtaí Stáit a Rialú ("an Cód"), de réir mar atá foilsithe ag an Roinn Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe i Lúnasa 2016. Éilítear an nochtadh a leanas faoin gCód:

### Sochair Ghearrthéarmacha Fostaithe

Déantar sochair ghearrthéarmacha fostaithe níos mó ná €50,000 a chatagóiriú sna bandaí a leanas:

| **Réimse** | | **Líon na bhFostaithe** | |
|---|---|---|---|
| **Ó** | **Go** | **2019** | **2018** |
| €50,000 | €74,999 | **313** | 296 |
| €75,000 | €99,999 | **134** | 127 |
| €100,000 | €124,999 | **32** | 35 |
| €125,000 | €149,999 | **10** | 8 |
| >€150,000 | | **8** | 9 |

*Nóta: Chun críocha an nochta seo áirítear tuarastal, liúntais ragoibre agus íocaíochtaí eile a dhéantar ar son an fhostaí le sochair ghearrthéarmacha fostaithe maidir le seirbhísí i gcúiteamh comhair le linn na tréimhse tuairiscithe, ach níl ÁSPC fostóra san áireamh leo. Déantar luach saothair do phríomhphearsanra bainistíochta, eadhon na daoine sin a bhfuil an t-údarás agus an fhreagracht acu as pleanáil, stiúradh agus rialú ghníomhaíochtaí an Ghrúpa, a nochtadh go leithleach i Nóta 8 agus níl sé san áireamh thuas.*

### Costais Chomhairleachta

Áirítear le costais chomhairleachta costas comhairle seachtraí don lucht bainistíochta lena gcuirtear le cinnteoireacht nó le ceapadh beartas agus níl feidhmeanna 'gnó mar is gnách' seachfhoinsithe san áireamh leo.

| | **2019 €'000** | 2018 €'000 |
|---|---|---|
| Comhairle dlí | **325** | 408 |
| Comhairle airgeadais/achtúireach | **197** | 226 |
| Margaíocht | **637** | 567 |
| Acmhainní Daonna | **88** | 85 |
| Feabhsú Gnó | **564** | 168 |
| Eile | **203** | 664 |
| **Comhairleacht Iomlán*** | **2,014** | 2,118 |

**Níl costais chomhairleachta eisceachtúla de €3,745,000 a bhaineann le diúscairt sócmhainní feirmeacha gaoithe san áireamh le costais chomhairleachta.*

| | **2019 €'000** | 2018 €'000 |
|---|---|---|
| Costais chomhairleachta arna gcaipitliú | **510** | 194 |
| Costais chomhairleachta curtha chun dochair an chuntais brabúis agus caillteanais | **1,504** | 1,924 |
| | **2,014** | 2,118 |

# Ráiteas ar Rialachas agus Tuarascáil Chomhaltaí an Bhoird

## Nochtadh a Éilítear leis an gCód Cleachtais le haghaidh Comhlachtaí Stáit a Rialú (2016)

### Imeachtaí Dlí agus Socraíochtaí

Leis an tábla thíos soláthraítear anailís ar mhéideanna arna n-aithint mar chaiteachas sa tréimhse tuairiscithe maidir le himeachtaí dlí, socraíochtaí agus le himeachtaí réitigh agus eadrána a bhaineann le conarthaí le tríú páirtithe. Ní áirítear leis sin caiteachas a thabhaítear maidir le comhairle dlí ghinearálta arna fáil ag Coillte CGA, atá nochta i gcostais Chomhairleachta thuas.

| | **2019 €'000** | 2018 €'000 |
|---|---|---|
| Imeachtaí dlí | **130** | 334 |
| Íocaíochtaí réitigh agus eadrána | **8** | - |
| Socraíochtaí | **162** | 136 |
| | **300** | 470 |

*Rinne Gas Networks Ireland imeachtaí dlí a thionscnamh i gcoinne na cuideachta maidir le damáiste líomhnaithe do phíblíne gáis a théann trí réadmhaoin Choillte. Tá ár n-árachóirí ag déanamh cosaint i gcoinne na caingne dlí sin. D'fhonn cur chuige stuama a ghlacadh sna ráitis airgeadais, rinneamar foráil do mhéid laistigh den chatagóir imeachtaí dlí thuas, atá comhionann leis an mbarrachas faoinár bpolasaí árachais maidir leis an ábhar seo. Amhail an 31 Nollaig 2019 tá foráil de €212,000 (2018: €212,000) ag an nGrúpa a bhaineann leis an ábhar seo.*

### Caiteachas Taistil & Cothaithe

Ba ionann an caiteachas taistil agus cothaithe a tabhaíodh le linn na tréimhse tuairiscithe agus:

| | **2019 €'000** | 2018 €'000 |
|---|---|---|
| **Intíre** | | |
| - Bord* | **22** | 23 |
| - Fostaithe | **1,991** | 1,931 |
| **Idirnáisiúnta** | | |
| - Bord* | **-** | - |
| - Fostaithe | **397** | 418 |
| | **2,410** | 2,372 |

**Cuimsítear taisteal agus cothú leis sin de mhéideanna iníoctha go díreach le comhaltaí an Bhoird.*

### Caiteachas Fáilteachais

Seo a leanas an caiteachas fáilteachais a tabhaíodh le linn na tréimhse tuairiscithe:

| | **2019 €'000** | 2018 €'000 |
|---|---|---|
| Fáilteachas don Fhoireann | **94** | 62 |
| Fáilteachas do Chliaint | **224** | 222 |
| | **318** | 284 |

### Comhlíonadh an Chóid Chleachtais chun Comhlachtaí Stáit a Rialú

Comhlíonann Coillte CGA an Cód Cleachtais chun Comhlachtaí Stáit a Rialú, lena leagtar amach prionsabail an rialachais chorparáidigh a n-éilítear ar Bhoird Comhlachtaí Stáit cloí leo.

| Bernie Gray | Gerard Gray |
|---|---|
| Cathaoirleach | Stiúrthóir |

Dáta: 30 Márta 2020

# Tuarascáil an Iniúchóra Neamhspleách do Chomhaltaí Choillte Cuideachta Ghníomhaíochta Ainmnithe

## Tuarascáil ar an iniúchadh ar na ráitis airgeadais

### Tuairim

Rinneamar iniúchadh ar ráitis airgeadais de chuid Choillte Cuideachta Ghníomhaíochta Ainmnithe ("an Chuideachta") agus de chuid na fochuideachtaí dá chuid ("an Grúpa"), don bhliain dar críoch an 31 Nollaig 2019, lena gcuimsítear na nithe a leanas:

- cuntas brabúis agus caillteanais an Ghrúpa don bhliain dar críoch ansin;
- ráiteas an Ghrúpa ar ioncam cuimsitheach eile don bhliain dar críoch ansin;
- cláir chomhardaithe an Ghrúpa agus na Cuideachta ag an dáta sin;
- ráitis sreafaí airgid thirim an Ghrúpa agus na Cuideachta don bhliain dar críoch ansin;
- ráitis an Ghrúpa agus na Cuideachta ar athruithe ar chothromas don bhliain dar críoch ansin; agus
- na nótaí gaolmhara, lena n-áirítear an achoimre ar bheartais chuntasaíochta shuntasacha atá leagtha amach i nóta 3.

Is ionann an creat tuairiscithe airgeadais a cuireadh i bhfeidhm chun iad a ullmhú agus Dlí na hÉireann agus FRS 102 *An Caighdeán Tuairiscithe Airgeadais is infheidhme sa RA agus i bPoblacht na hÉireann.*

Seo a leanas ár dtuairim faoi ráitis airgeadais an Ghrúpa agus na Cuideachta:

- tugtar léargas fírinneach cóir leo ar shócmhainní, ar dhliteanais agus ar staid airgeadais an Ghrúpa agus na Cuideachta amhail ar 31 Nollaig 2019 agus ar bhrabús an Ghrúpa don bhliain dar críoch ansin;
- ullmhaíodh iad go ceart i gcomhréir le FRS 102, *an Caighdeán Tuairiscithe Airgeadais is infheidhme sa RA agus i bPoblacht na hÉireann;* agus
- ullmhaíodh iad go ceart i gcomhréir le riachtanais Acht na gCuideachtaí, 2014.

### Bonn na Tuairime

Rinneamar ár n-iniúchadh i gcomhréir le Caighdeáin Idirnáisiúnta Iniúchóireachta (Éire) (ISAnna (Éire)) agus leis an dlí is infheidhme. Cuirtear síos a thuilleadh ar ár bhfreagrachtaí faoi na caighdeáin sin sa chuid dár dtuarascáil Freagrachtaí an Iniúchóra as na Ráitis Airgeadais a Iniúchadh. Táimid neamhspleách ar an nGrúpa agus ar an gCuideachta i gcomhréir le riachtanais eiticiúla atá ábhartha dár n-iniúchadh ar ráitis airgeadais in Éirinn, lena n-áirítear an Caighdeán Eiticiúil arna eisiúint ag Údarás Maoirseachta Iniúchta agus Cuntasaíochta na hÉireann (IAASA), agus tá ár bhfreagrachtaí eiticiúla eile comhlíonta againn i gcomhréir leis na riachtanais sin.

Creidimid go bhfuil an fhianaise iniúchta atá faighte againn imleor agus iomchuí chun bonn a sholáthar dár dtuairim.

### Níl aon rud le tuairisciú againn maidir le gnóthas leantach

Éilítear orainn a thuairisciú daoibh más é an tátal atá bainte amach againn go bhfuil úsáid bhonn an ghnóthais leantaigh de chuntasaíocht mhíchuí nó má tá neamhchinnteacht ábhartha nach bhfuil nochta lena bhféadfaí amhras suntasach a chur ar úsáid an bhoinn sin do thréimhse dhá mhí déag ar a laghad ó dháta fhaomhadh na ráiteas airgeadais. Níl aon rud eile le tuairisciú againn maidir leis sin.

### Faisnéis Eile

Tá na stiúrthóirí freagrach as an bhfaisnéis eile a chuirtear i láthair sa Tuarascáil Bhliantúil in éineacht leis na ráitis airgeadais. Cuimsítear leis an bhfaisnéis eile an fhaisnéis atá san áireamh leis na codanna a leanas: Feidhmíocht Airgeadais, Buaicphointí 2019, Ráiteas an Chathaoirligh, Athbhreithniú an Phríomhfheidhmeannaigh, Forbhreathnú an Ghnó, Tuarascáil na Stiúrthóirí, an Ráiteas ar Rialú Inmheánach, agus an Ráiteas ar Rialachas. Níl na ráitis airgeadais agus ár dtuarascáil iniúchóra ina leith ina gcuid den fhaisnéis eile. Níl an fhaisnéis eile clúdaithe lenár dtuairim ar na ráitis airgeadais agus, dá réir sin, ní chuirimid tuairim iniúchta in iúl nó, seachas mar atá luaite go sainráite thíos, ní chuirimid aon fhoirm de chonclúid dearbhaithe in iúl ina taobh.

Is é ár bhfreagracht an fhaisnéis eile a léamh agus, trí sin a dhéanamh, machnamh a dhéanamh, bunaithe ar an obair iniúchta dár gcuid ar na ráitis airgeadais, cé acu an bhfuil nó nach bhfuil an fhaisnéis atá ann míshonraithe nó neamhchomhsheasmhach go hábhartha leis na ráitis airgeadais nó lenár gcuid eolais ón iniúchadh. Bunaithe ar an obair sin amháin níl aon mhíshonruithe ábhartha sainaitheanta againn san fhaisnéis eile.

Bunaithe ar an obair sin dár gcuid ar an bhfaisnéis eile amháin táimid in ann an méid a leanas a thuairisciú:

- níor shainaithníomar míshonruithe ábhartha i dtuarascáil na stiúrthóirí;

# Tuarascáil an Iniúchóra Neamhspleách do Chomhaltaí Choillte Cuideachta Ghníomhaíochta Ainmnithe

- inár dtuairim, tá an fhaisnéis atá tugtha i dtuarascáil na stiúrthóirí comhsheasmhach leis na ráitis airgeadais;
- inár dtuairim, ullmhaíodh tuarascáil na stiúrthóirí i gcomhréir le hAcht na gCuideachtaí 2014.

### Tuairimí ar ábhair eile arna leagan amach ag Acht na gCuideachtaí 2014

Fuaireamar an fhaisnéis agus na míniúcháin uile a mheasaimid riachtanach chun críocha ár n-iniúchta.

Inár dtuairim ba leordhóthanach taifid chuntasaíochta an Ghrúpa chun ligean d'iniúchadh gan mhoill agus ceart a dhéanamh ar na ráitis airgeadais agus tá na ráitis airgeadais ag teacht leis na taifid chuntasaíochta.

### Ábhair nach mór dúinn tuairisciú orthu d'eisceacht

Éilítear orainn le hAcht na gCuideachtaí 2014 chun tuairisciú daoibh más é an cás, inár dtuairim, nach nochtar luach saothair agus idirbhearta na stiúrthóirí atá riachtanach faoi Alt 305 go hAlt 312 den Acht. Níl aon rud le tuairisciú againn maidir leis sin.

Sa bhreis ar sin, faoin gCód Cleachtais chun Comhlachtaí Stáit a Rialú ("an Cód"), éilítear orainn a thuairisciú daoibh maidir leis an ráiteas a bhaineann leis an gcóras rialaithe inmheánaigh a éilítear faoin gCód ar leathanaigh 52 go 54 mura léirítear leis comhlíonadh mhír 13.1 (iii) den Chód ag an nGrúpa nó mura bhfuil sé comhsheasmhach leis an bhfaisnéis a bhfuilimid ar an eolas uirthi ón ár n-obair iniúchta ar na ráitis airgeadais agus tuairiscíonn muid más é sin an cás.

## Freagrachtaí faoi seach agus srianta ar úsáid

### Freagrachtaí na stiúrthóirí as na ráitis airgeadais

De réir mar atá mínithe go mionsonraithe sa ráiteas maidir le freagrachtaí na stiúrthóirí atá leagtha amach ar leathanach 49, tá na stiúrthóirí freagrach as na ráitis airgeadais a ullmhú agus áirítear leis sin go mbíonn siad sásta go dtugtar léargas fírinneach cóir leo; as a leithéid de rialú inmheánach agus a mheasann siad riachtanach chun ullmhú ráiteas airgeadais a chumasú atá saor ó mhíshonrú ábhartha, cibé acu mar gheall ar chalaois nó ar earráid; as cumas an Ghrúpa leanúint mar ghnóthas leantach a mheasúnú; as ábhair a nochtadh, de réir mar is infheidhme, a bhaineann le gnóthas leantach agus as bonn gnóthais leantaigh na cuntasaíochta a úsáid mura bhfuil sé ar intinn ag na Stiúrthóirí an Grúpa a leachtú nó scor d'oibríochtaí, nó mura a bhfuil aon rogha réadúil eile acu ach chun sin a dhéanamh.

### Freagrachtaí an iniúchóra as na ráitis airgeadais a iniúchadh

Is iad ár gcuspóirí dearbhú réasúnta a aimsiú maidir le cé acu an bhfuil nó nach bhfuil na ráitis airgeadais ina n-iomláine saor ó mhíshonrú ábhartha, cibé acu mar gheall ar chalaois nó ar earráid, agus chun tuarascáil iniúchóra a eisiúint lena n-áirítear ár dtuairim. Is ardleibhéal dearbhaithe é dearbhú réasúnta ach ní ráthaíocht é go mbraithfear míshonrú ábhartha i gcónaí nuair a bhíonn sé ann le hiniúchadh arna chur chun feidhme i gcomhréir le ISAnna (Éire). Féadfaidh míshonruithe teacht chun cinn ó chalaois nó ó earráid agus meastar ábhartha iad dá mbeifí ag súil go réasúnta go mbeadh tionchar acu, ina n-aonar nó trí chéile, ar chinntí eacnamaíocha úsáideoirí a dhéantar ar bhonn na ráiteas airgeadais seo.

Tá cur síos níos iomláine ar na freagrachtaí dár gcuid tugtha ar láithreán gréasáin IAASA ag: https://www.iaasa.ie/getmedia/b2389013-1cf6-458b-9b8f-a98202dc9c3a/Description_of_auditors_responsiblities_for_audit.pdf

### Cuspóir ár n-oibre iniúchta agus iad siúd a bhfuil ár bhfreagrachtaí dlite dóibh

Déantar ár dtuarascáil do chomhaltaí na Cuideachta amháin, mar chomhlacht, i gcomhréir le hAlt 391 d'Acht na gCuideachtaí 2014. Cuireadh ár n-obair iniúchta chun feidhme ionas gur féidir linn na hábhair sin a chur in iúl do chomhaltaí na Cuideachta a n-éilítear orainn iad a chur in iúl dóibh i dtuarascáil iniúchóra agus chun críocha eile ar bith. Sa mhéid is iomláine atá ceadaithe faoin dlí, ní ghlacaimid nó ní ghabhaimid le freagracht do dhuine ar bith eile seachas don Chuideachta agus do chomhaltaí na Cuideachta, mar chomhlacht, as ár gcuid oibre iniúchta, as an tuarascáil seo nó as na tuairimí ar a bhfuilimid tagtha.

**David Meagher**
**ar son agus thar ceann**
**KPMG**

**Cuntasóirí Cairte**
**Gnólacht Iniúchta Reachtúil**
1 Plás an Stócaigh,
Faiche Stiabhna,
Baile Átha Cliath 2

Dáta: 30 Márta 2020

# Cuntas Brabúis agus Caillteanais an Ghrúpa

| An bhliain airgeadais dar críoch an 31 Nollaig 2019 | Nótaí | 2019 €'000 | 2018 €'000 |
|---|---|---|---|
| Láimhdeachas | 5 | **327,435** | 330,332 |
| Costas díolachán | | **(209,191)** | (199,586) |
| **Brabús comhlán** | | **118,244** | 130,746 |
| Costais dáileacháin | | **(31,207)** | (28,413) |
| Caiteachas riaracháin | | **(35,931)** | (39,983) |
| Gnóthachain oibriúcháin eile | 10 | **12,205** | 9,177 |
| **Brabús Oibriúcháin roimh mhíreanna eisceachtúla agus gnóthachain athluachála** | | **63,311** | 71,527 |
| Gnóthachan ar athluacháil reádmhaoine infheistíochta | 16 | **-** | 5,221 |
| Míreanna eisceachtúla | 9 | **-** | 86,106 |
| **Brabús oibriúcháin** | 6 | **63,311** | 162,854 |
| Sciar de bhrabúis ó chomhfhiontair | 18 | **-** | 4,034 |
| Sciar de chaillteanais na ngnóthas comhlach | 18 | **(26)** | (362) |
| **Brabús roimh ús agus roimh cháin** | | **63,285** | 166,526 |
| Ús infhála agus ioncam cosúil | 11 | **32** | - |
| Ús iníoctha agus muirir chosúla | 11 | **(1,843)** | (3,959) |
| **Brabús ar ghníomhaíochtaí gnáthúla roimh cháin** | | **61,474** | 162,567 |
| Cáin ar bhrabús ar ghníomhaíochtaí gnáthúla | 13 | **(2,906)** | (6,164) |
| **Brabús don bhliain airgeadais** | | **58,568** | 156,403 |

# Ráiteas an Ghrúpa ar Ioncam Cuimsitheach Eile

| An bhliain airgeadais dar críoch an 31 Nollaig 2019 | Nótaí | 2019 €'000 | 2018 €'000 |
|---|---|---|---|
| **Brabús don bhliain airgeadais** | | **58,568** | 156,403 |
| **Ioncam/(caiteachas) cuimsitheach eile:** | | | |
| Tomhas an athuair ar ghlandliteanas pinsin le sochar sainithe | 14 | **2,227** | 16,281 |
| Gluaiseacht ar cháin iarchurtha a bhaineann le dliteanas pinsin le sochar sainithe | 13 | **(281)** | (1,333) |
| Cion éifeachtach na n-athruithe ar luach cóir na bhfáluithe ar an sreabhadh airgid | | | |
| Gluaiseacht an luacha chóir ar fháluithe ar an sreabhadh airgid | 23 | **(2,604)** | 807 |
| Fáluithe ar an sreabhadh airgid - athaicmiú chuig an gcuntas brabúis agus caillteanais | 23 | **(398)** | (1,345) |
| Éifeacht na cánach iarchurtha ar ghluaiseacht luacha cóir ar fháluithe ar an sreabhadh airgid | 13 | **30** | 48 |
| Cion chaiteachais chuimsitheacha eile na gcomhpháirtithe | 18 | **(110)** | - |
| Sciar an ioncaim chuimsithigh eile ó chomhfhiontair | 18 | **-** | 2,366 |
| **Ioncam/(caiteachas) cuimsitheach eile don bhliain airgeadais, gan cáin a áireamh** | | **(1,136)** | 16,824 |
| **Ioncam cuimsitheach iomlán don bhliain airgeadais** | | **57,432** | 173,227 |

# Clár Comhardaithe an Ghrúpa

| **Amhail an 31 Nollaig 2019** | Nótaí | **2019 €'000** | 2018 €'000 |
|---|---|---|---|
| **Sócmhainní Seasta** | | | |
| Sócmhainní doláimhsithe | 15 | **12,128** | 11,968 |
| Sócmhainní inláimhsithe | 16 | **615,154** | 611,286 |
| Sócmhainní bitheolaíocha | 17 | **848,445** | 829,827 |
| Infheistíochtaí | 18 | **11,330** | 10,709 |
| | | **1,487,057** | 1,463,790 |
| **Sócmhainní reatha** | | | |
| Stoic | 19 | **23,934** | 24,146 |
| Féichiúnaithe | 20 | **114,952** | 115,082 |
| Airgead sa bhanc agus ar láimh | | **93,517** | 75,217 |
| | | **232,403** | 214,445 |
| **Creidiúnaithe - méideanna atá dlite laistigh den bhliain airgeadais** | 21 | **(64,476)** | (56,019) |
| **Glansócmhainní reatha** | | **167,927** | 158,426 |
| **Sócmhainní iomlána lúide dliteanais reatha** | | **1,654,984** | 1,622,216 |
| Creidiúnaithe - méideanna atá dlite tar éis níos mó ná bliain airgeadais amháin | 22 | **(89,536)** | (89,292) |
| Forálacha do dhliteanais | 24 | **(50,475)** | (55,394) |
| Deontais rialtais iarchurtha | 25 | **(124,064)** | (125,660) |
| **Glansócmhainní roimh dhliteanas pinsin** | | **1,390,909** | 1,351,870 |
| Glandliteanas pinsin le sochar sainithe | 14 | **(49,720)** | (55,113) |
| **Glansócmhainní** | | **1,341,189** | 1,296,757 |
| **Caipiteal agus cúlchistí** | | | |
| Scairchaipiteal glaoite arna chur i láthair mar chothromas | 26 | **795,060** | 795,060 |
| Caipiteal gan ainmniú | 27 | **6,145** | 6,145 |
| Cúlchiste um fhálú ar an sreabhadh airgid | 27 | **(2,203)** | 769 |
| Tuilleamh coinnithe | 27 | **542,187** | 494,783 |
| **Cistí scairshealbhóirí** | | **1,341,189** | 1,296,757 |

*Tá na nótaí ar leathanach 70 go leathanach 118 ina gcuid dhílis de na ráitis airgeadais seo. Rinne an Bord Stiúrthóirí na ráitis airgeadais ar leathanach 62 go leathanach 118 a údarú le haghaidh eisiúna an 30 Márta 2020 agus shínigh na daoine a leanas iad thar a cheann:*

Bernie Gray
Cathaoirleach

Gerard Gray
Stiúrthóir

# Clár Comhardaithe na Cuideachta

| **Amhail an 31 Nollaig 2019** | Nótaí | **2019** €'000 | 2018 €'000 |
|---|---|---|---|
| **Sócmhainní Seasta** | | | |
| Sócmhainní doláimhsithe | 15 | **12,047** | 11,839 |
| Sócmhainní inláimhsithe | 16 | **517,025** | 514,136 |
| Sócmhainní bitheolaíocha | 17 | **848,445** | 829,827 |
| Infheistíochtaí | 18 | **79,740** | 79,740 |
| | | **1,457,257** | 1,435,542 |
| **Sócmhainní reatha** | | | |
| Stoc | 19 | **3,673** | 3,318 |
| Féichiúnaithe | 20 | **173,281** | 174,365 |
| Airgead sa bhanc agus ar láimh | | **78,427** | 72,916 |
| | | **255,381** | 250,599 |
| **Creidiúnaithe - méideanna atá dlite laistigh de bhliain airgeadais amháin** | 21 | **(109,646)** | (105,044) |
| **Glansócmhainní reatha** | | **145,735** | 145,555 |
| **Sócmhainní iomlána lúide dliteanais reatha** | | **1,602,992** | 1,581,097 |
| Creidiúnaithe - méideanna atá dlite tar éis níos mó ná bliain airgeadais amháin | 22 | **(89,536)** | (89,292) |
| Forálacha do dhliteanais | 24 | **(46,982)** | (51,861) |
| Deontais rialtais iarchurtha | 25 | **(124,064)** | (125,660) |
| **Glansócmhainní roimh dhliteanas pinsin** | | **1,342,410** | 1,314,284 |
| Glandliteanas pinsin le sochar sainithe | 14 | **(49,454)** | (53,904) |
| **Glansócmhainní** | | **1,292,956** | 1,260,380 |
| **Caipiteal agus cúlchistí** | | | |
| Scairchaipiteal glaoite arna chur i láthair mar chothromas | 26 | **795,060** | 795,060 |
| Caipiteal gan ainmniú | 27 | **6,145** | 6,145 |
| Cúlchiste um fhálú ar an sreabhadh airgid | 27 | **(1,042)** | 371 |
| Tuilleamh coinnithe | 27 | **492,793** | 458,804 |
| **Cistí scairshealbhóirí** | | **1,292,956** | 1,260,380 |

*Tá na nótaí ar leathanach 70 go leathanach 118 ina gcuid dhílis de na ráitis airgeadais seo. Rinne an Bord Stiúrthóirí na ráitis airgeadais ar leathanach 62 go leathanach 118 a údarú le haghaidh eisiúna an 30 Márta 2020 agus shínigh na daoine a leanas iad thar a cheann:*

Bernie Gray
Cathaoirleach

Gerard Gray
Stiúrthóir

# Ráiteas an Ghrúpa ar Shreafaí Airgid

| An bhliain airgeadais dar críoch an 31 Nollaig 2019 | Nótaí | 2019 €'000 | 2018 €'000 |
|---|---|---|---|
| **Glan-insreabhadh airgid ó ghníomhaíochtaí oibriúcháin roimh íoc cánach** | 31 | **85,397** | 85,704 |
| Cáin íoctha | | **(5,870)** | (6,738) |
| **Glan-insreabhadh airgid ó ghníomhaíochtaí oibriúcháin** | | **79,527** | 78,966 |
| **Sreafaí airgid ó ghníomhaíochtaí infheistíochta** | | | |
| Breiseanna le sócmhainní doláimhsithe | 15 | **(2,202)** | (2,927) |
| Breiseanna le sócmhainní inláimhsithe | 16 | **(24,834)** | (25,230) |
| Breiseanna le sócmhainní bitheolaíocha | 17 | **(33,828)** | (28,478) |
| Breiseanna le sócmhainní airgeadais | 18 | **(984)** | - |
| Fáltais ó dhiúscairt infheistíochtaí i | | **-** | 116,700 |
| gcomhfhiontair Dáileacháin ó ghnóthais | | **1,500** | - |
| chomhlacha Dáileacháin ó ghnóthais | | **-** | 8,749 |
| Fáltais ó dhiúscairt sócmhainní inláimhsithe agus doláimhsithe | | **12,370** | 9,472 |
| Mír airgid eisceachtúil eile | | **-** | (582) |
| Fáil deontais rialtais caipitil | 20/25 | **218** | 531 |
| **Glan-insreabhadh/(eis-sreabhadh glan) airgid ó ghníomhaíochtaí infheistíochta** | | **(47,760)** | 78,235 |
| **Sreafaí airgid ó ghníomhaíochtaí maoinithe** | | | |
| Méadú/(laghdú) ar iasachtaí | 22 | **244** | (72,742) |
| Ús glan íoctha | 31 | **(711)** | (2,674) |
| Díbhinní íoctha | 12 | **(13,000)** | (15,000) |
| **Eis-sreabhadh glan ó ghníomhaíochtaí maoinithe** | | **(13,467)** | (90,416) |
| **Glanmhéadú ar airgead agus ar choibhéisí airgid** | | **18,300** | 66,785 |
| **Airgead agus coibhéisí airgid amhail an 1 Eanáir** | | **75,217** | 8,432 |
| **Airgead agus coibhéisí airgid amhail an 31 Nollaig** | | **93,517** | 75,217 |

# Ráiteas na Cuideachta ar Shreafaí Airgid

| An bhliain airgeadais dar críoch an 31 Nollaig 2019 | Nótaí | 2019 €'000 | 2018 €'000 |
|---|---|---|---|
| **Glan-insreabhadh airgid ó ghníomhaíochtaí oibriúcháin roimh íoc cánach** | 32 | **58,454** | 53,721 |
| Cáin íoctha | | **(4,646)** | (4,046) |
| **Glan-insreabhadh airgid arna ghiniúint ó ghníomhaíochtaí oibriúcháin** | | **53,808** | 49,675 |
| **Sreafaí airgid ó ghníomhaíochtaí infheistíochta** | | | |
| Breiseanna le sócmhainní doláimhsithe | 15 | **(2,202)** | (2,795) |
| Breiseanna le sócmhainní inláimhsithe | 16 | **(12,252)** | (14,221) |
| Breiseanna le sócmhainní bitheolaíocha | 17 | **(33,828)** | (28,478) |
| Méideanna dlite ó/(ag) gnóthais fhochuideachta | 20/21 | **(569)** | 15,874 |
| Fáltais ó dhiúscairt infheistíochtaí i | | **-** | 116,700 |
| gcomhfhiontair Dáileacháin ó ghnóthais | | **1,500** | - |
| chomhlacha Dáileacháin ó ghnóthais chomhfhiontair | | **-** | 8,749 |
| Fáltais ó dhiúscairt sócmhainní inláimhsithe | | **12,302** | 9,333 |
| Míreanna airgid eisceachtúla eile | | **-** | (582) |
| Fáil deontais rialtais caipitil | 20/25 | **218** | 531 |
| **Glan-insreabhadh/(eis-sreabhadh glan) airgid ó ghníomhaíochtaí infheistíochta** | | **(34,831)** | 105,111 |
| **Sreafaí airgid ó ghníomhaíochtaí maoinithe** | | | |
| Méadú/(laghdú) ar iasachtaí | 22 | **244** | (72,742) |
| Ús glan íoctha | | **(710)** | (2,667) |
| Díbhinní íoctha | 12 | **(13,000)** | (15,000) |
| **Eis-sreabhadh glan ó ghníomhaíochtaí maoinithe** | | **(13,466)** | (90,409) |
| **Glanmhéadú ar airgead agus ar choibhéisí airgid** | | **5,511** | 64,377 |
| **Airgead agus coibhéisí airgid amhail an 1 Eanáir** | | **72,916** | 8,539 |
| **Airgead agus coibhéisí airgid amhail an 31 Nollaig** | | **78,427** | 72,916 |

# Ráiteas an Ghrúpa ar Athruithe ar Chothromas

| An bhliain airgeadais dar críoch an 31 Nollaig 2019 | Nótaí | Scairchaipiteal glaoite arna chur i láthair mar chothromas | Caipiteal gan ainmniú | Cúlchiste um fhálú ar an sreabhadh airgid | Cuntas Brabúis agus Caillteanais | Iomlán |
|---|---|---|---|---|---|---|
| | | €'000 | €'000 | €'000 | €'000 | €'000 |
| **Amhail an 1 Eanáir 2019** | | **795,060** | **6,145** | **769** | **494,783** | **1,296,757** |
| **Brabús don bhliain airgeadais** | | **-** | **-** | **-** | **58,568** | **58,568** |
| **Ioncam/(speansas) cuimsitheach eile don bhliain airgeadais** | | **-** | **-** | **(2,972)** | **1,836** | **(1,136)** |
| **Ioncam/(speansas) cuimsitheach iomlán don bhliain airgeadais** | | **-** | **-** | **(2,972)** | **60,404** | **57,432** |
| **Idirbhearta le scairshealbhóirí arna dtaifeadadh go díreach i gcothromas:** | | | | | | |
| **Díbhinní íoctha** | 12 | **-** | **-** | **-** | **(13,000)** | **(13,000)** |
| **Amhail an 31 Nollaig 2019** | | **795,060** | **6,145** | **(2,203)** | **542,187** | **1,341,189** |
| Amhail an 1 Eanáir 2018 | | 795,060 | 6,145 | 1,259 | 336,066 | 1,138,530 |
| Brabús don bhliain airgeadais | | - | - | - | 156,403 | 156,403 |
| Ioncam/(speansas) cuimsitheach eile don bhliain airgeadais | | - | - | (490) | 17,314 | 16,824 |
| Ioncam/(speansas) cuimsitheach iomlán don bhliain airgeadais | | - | - | (490) | 173,717 | 173,227 |
| Idirbhearta le scairshealbhóirí arna dtaifeadadh go díreach i gcothromas: | | | | | | |
| Díbhinní íoctha | 12 | - | - | - | (15,000) | (15,000) |
| Amhail an 31 Nollaig 2018 | | 795,060 | 6,145 | 769 | 494,783 | 1,296,757 |

# Ráiteas na Cuideachta ar Athruithe ar Chothromas

| An bhliain airgeadais dar críoch an 31 Nollaig 2019 | Nótaí | Scairchaipiteal glaoite arna chur i láthair mar chothromas | Caipiteal gan ainmniú | Cúlchiste um fhálú ar an sreabhadh airgid | Cuntas Brabúis agus Caillteanais | Iomlán |
|---|---|---|---|---|---|---|
| | | €'000 | €'000 | €'000 | €'000 | €'000 |
| **Amhail an 1 Eanáir 2019** | | **795,060** | **6,145** | **371** | **458,804** | **1,260,380** |
| **Brabús don bhliain airgeadais** | | **-** | **-** | **-** | **45,438** | **45,438** |
| **Ioncam/(speansas) cuimsitheach eile don bhliain airgeadais** | | **-** | **-** | **(1,413)** | **1,551** | **138** |
| **Ioncam/(speansas) cuimsitheach iomlán don bhliain airgeadais** | | **-** | **-** | **(1,413)** | **46,989** | **45,576** |
| **Idirbhearta le scairshealbhóirí arna dtaifeadadh go díreach i gcothromas:** | | | | | | |
| **Díbhinní íoctha** | 12 | **-** | **-** | **-** | **(13,000)** | **(13,000)** |
| **Amhail an 31 Nollaig 2019** | | **795,060** | **6,145** | **(1,042)** | **492,793** | **1,292,956** |
| Amhail an 1 Eanáir 2018 | | 795,060 | 6,145 | 382 | 322,697 | 1,124,284 |
| Brabús don bhliain airgeadais | | - | - | - | 134,797 | 134,797 |
| Ioncam/(speansas) cuimsitheach eile don bhliain airgeadais | | - | - | (11) | 16,310 | 16,299 |
| Ioncam/(speansas) cuimsitheach iomlán don bhliain airgeadais | | - | - | (11) | 151,107 | 151,096 |
| Idirbhearta le scairshealbhóirí arna dtaifeadadh go díreach i gcothromas: | | | | | | |
| Díbhinní íoctha | 12 | - | - | - | (15,000) | (15,000) |
| Amhail an 31 Nollaig 2018 | | 795,060 | 6,145 | 371 | 458,804 | 1,260,380 |

# Nótaí a ghabhann leis na Ráitis Airgeadais

## 1. Faisnéis na Cuideachta

Bunaíodh Coillte CGA (Bord Foraoiseachta na hÉireann) faoin Acht Foraoiseachta, 1988.

Is cuideachta gníomhaíochta ainmnithe Coillte CGA faoi theorainn scaireanna, is é sin cuideachta phríobháideach faoi theorainn scaireanna atá cláraithe faoi Chuid 16 d'Acht na gCuideachtaí 2014. Tá sainchónaí ar Choillte CGA in Éirinn agus is é seoladh a oifig chláraithe Bóthar Bhaile Átha Cliath, Baile an Chinnéidigh, Co. Chill Mhantáin agus is í uimhir na cuideachta 138108.

## 2. Ráiteas ar Chomhlíontacht

Ullmhaíodh ráitis airgeadais Ghrúpa agus Chuideachta Choillte CGA (an Grúpa) i gcomhréir le Caighdeán Tuairiscithe Airgeadais 102 "An Caighdeán Tuairiscithe Airgeadais is infheidhme sa Ríocht Aontaithe agus i bPoblacht na hÉireann" ("FRS 102"), agus i gcomhréir le forálacha Acht na gCuideachtaí 2014.

## 3. Achoimre ar na beartais chuntasaíochta shuntasacha

Tá na beartais chuntasaíochta shuntasacha a cuireadh i bhfeidhm chun na ráitis airgeadais seo a ullmhú leagtha amach thíos. Cuireadh na beartais sin i bhfeidhm go comhsheasmhach leis na blianta airgeadais uile a chuirtear i láthair, mura bhfuil a mhalairt luaite.

### (a) Bonn an ullmhúcháin

Ullmhaítear na ráitis airgeadais ar bhonn gnóthais leantaigh, faoi choinbhinsiún an chostais stairiúil, arna mhionathrú ag an tomhas ar luach cóir na réadmhaoine infheistíochta agus sócmhainní agus dliteanais airgeadais áirithe lena n-áirítear ionstraimí airgeadais díorthacha.

Éilítear le hullmhúchán ráiteas airgeadais i gcomhréir le FRS 102 go n-úsáidtear meastacháin chuntasaíochta criticiúla áirithe. Éilítear ar an lucht bainistíochta leis freisin chun breithiúnas a úsáid sa phróiseas a bhaineann le beartais chuntasaíochta an Ghrúpa a chur i bhfeidhm. Déantar na réimsí a bhaineann le méid níos airde breithiúnais nó castachta, nó réimsí ina bhfuil boinn tuisceana agus meastacháin ábhartha go suntasach do na ráitis airgeadais a nochtadh i nóta 4.

### (b) Gnóthas Leantach

Tar éis fiosruithe a dhéanamh, tá ionchas réasúnta ag na Stiúrthóirí go bhfuil acmhainní imleora ag an nGrúpa agus ag an gCuideachta chun leanúint i mbun gnó go ceann i bhfad. Dá bhrí sin, leanann an Grúpa agus an Chuideachta chun an bonn gnóthais leantaigh a ghlacadh agus na ráitis airgeadais á n-ullmhú.

### (c) Díolúintí

De réir mar atá ceadaithe ag Alt 304 d'Acht na gCuideachtaí 2014, tá leas á bhaint ag an gCuideachta as an díolúine óna gcuntas brabúis agus caillteanais ar leith a chur i láthair sna ráitis airgeadais seo agus óna chomhdú le Cláraitheoir na gCuideachtaí. Ba é brabús na Cuideachta don bhliain airgeadais €45,438,000 (2018: €134,797,000).

### (d) Comhdhlúthú agus cuntasaíocht chothromais

Le ráitis airgeadais an Ghrúpa déantar ráitis airgeadais na Cuideachta agus na bhfochuideachtaí dá cuid a chomhdhlúthú.

# Nótaí a ghabhann leis na Ráitis Airgeadais

*(i) Infheistíochtaí i bhfochuideachtaí*

Déantar fochuideachtaí a chomhdhlúthú ó dháta a bhfála, is é sin an dáta ar a n-aimsíonn an Grúpa ceannas agus leantar lena gcomhdhlúthú go dtí an dáta a scortar den cheannas sin. Is é atá cuimsithe le ceannas ná an chumhacht chun beartais airgeadais agus oibriúcháin na hinstitiúide infheistiúcháin a rialú d'fhonn tairbhí a bhaint óna cuid gníomhaíochtaí. Déantar idirbhearta, comharduithe, ioncam agus speansais laistigh den ghrúpa a dhíothú ina n-iomláine tar éis an chomhdhlúthaithe.

I ráitis airgeadais aonair na Cuideachta, mínítear infheistíochtaí i bhfochuideachtaí mar chostas lúide laige. Aithnítear ioncam díbhinne nuair a bhunaítear an ceart chun íocaíocht a fháil.

*(ii) Infheistíochtaí i gcomhfhiontair*

Caitear le heintitis ina bhfuil leas ag an nGrúpa agus atá faoi cheannas an Ghrúpa agus comhfhiontair amháin eile nó níos mó i gcomhpháirt faoi shocrú conarthach mar chomhfhiontair.

I ráitis airgeadais an Ghrúpa, mínítear comhfhiontair agus modh an chothromais á úsáid. Aithnítear infheistíochtaí i gcomhfhiontair ar dtús sa chlár comhardaithe comhdhlúite ar phraghas an idirbhirt agus déantar iad a choigeartú ina dhiaidh sin chun sciar an Ghrúpa d'ioncam cuimsitheach agus cothromas iomlán an chomhfhiontair a léiriú, lúide aon laige. Cuirtear aon bharrachas ar chostas na fála thar sciar an Ghrúpa de ghlanluach cóir na sócmhainní, dliteanais agus dliteanais theagmhasacha in aitheanta an chomhfhiontair a aithnítear ag dáta na fála, cé go gcaitear leis mar cháilmheas, mar chuid den infheistíocht sa chomhfhiontar. Gearrtar amúchadh ionas go leithdháiltear costas an cháilmheasa thar a shaolré úsáideach mheasta, agus modh an mhéid chothroim á úsáid. Ní dhéantar caillteanais níos mó ná suim ghlanluacha infheistíochta i gcuideachta comhlach a thaifeadadh mar fhoráil ach amháin nuair a thabhaigh an Grúpa oibleagáidí dlíthiúla nó cuiditheacha nó nuair a rinne sé íocaíochtaí thar ceann na cuideachta comhlaí. Déantar gnóthachain neamhréadaithe a eascraíonn ó idirbhearta le comhfhiontair a dhíothú sa mhéid agus atá comhionann le leas an Ghrúpa san eintiteas. Déantar caillteanais neamhréadaithe a dhíothú ar an dóigh chéanna mar ghnóthachain neamhréadaithe, ach amháin sa mhéid agus nach bhfuil aon fhianaise ar laige.

I ráitis airgeadais aonair na Cuideachta, mínítear infheistíochtaí i gcomhfhiontair mar chostas lúide laige. Aithnítear ioncam díbhinne nuair a bhunaítear an ceart chun íocaíocht a fháil.

*(iii) Oibríochtaí faoi cheannas comhpháirteach*

Is é atá i gceist le hoibríochtaí faoi cheannas comhpháirteach ná úsáid sócmhainní agus acmhainní an Ghrúpa agus na gcomhfhiontar eile seachas eintiteas ar leith a bhunú nó struchtúr airgeadais a bhunú nach bhfuil baint aige leis an nGrúpa nó comhfhiontair eile. Úsáideann gach fiontraí (agus an Grúpa san áireamh) a chuid sócmhainní féin agus thabhaíonn sé a speansais agus dliteanais féin agus tiomsaíonn a chuid cistí féin.

Sna ráitis airgeadais, mínítear oibríochtaí faoi cheannas comhpháirteach trí aitheantas a thabhairt do na sócmhainní faoi cheannas an Ghrúpa, do na dliteanais a thabhaíonn sé, do na speansais a thabhaíonn sé agus dá sciar den ioncam a thuilleann sé ó dhíol earraí nó seirbhísí ag an gcomhfhiontar.

*(iv) Infheistíochtaí i gcuideachtaí comhlacha*

Caitear le heintitis ina bhfuil leas níos lú ná 50% ag an nGrúpa agus ar a n-imríonn sé tionscnamh suntasach soiléir mar chuideachtaí comhlacha.

# Nótaí a ghabhann leis na Ráitis Airgeadais

I ráitis airgeadais an Ghrúpa, mínítear cuideachtaí comhlacha agus modh an chothromais á úsáid. Aithnítear infheistíochtaí i gcuideachtaí comhlacha ar dtús sa chlár comhardaithe comhdhlúite ar phraghas an idirbhirt agus déantar iad a choigeartú ina dhiaidh sin chun sciar an Ghrúpa d'ioncam cuimsitheach agus cothromas iomlán na cuideachta comhlaí a léiriú, lúide aon laige. Cuirtear aon bharrachas ar chostas na fála thar sciar an Ghrúpa de ghlanluach cóir na sócmhainní, dliteanais agus dliteanais theagmhasacha inaitheanta de chuid na cuideachta comhlaí a aithnítear ag dáta na fála, cé go gcaitear leis mar cháilmheas, mar chuid den infheistíocht sa chuideachta chomhlach. Gearrtar amúchadh ionas go leithdháiltear costas an cháilmheasa thar a shaolré úsáideach mheasta, agus modh an mhéid chothroim á úsáid. Ní dhéantar caillteanais níos mó ná suim ghlanluacha infheistíochta i gcuideachta comhlach a thaifeadadh mar fhoráil ach amháin nuair a thabhaigh an Grúpa oibleagáidí dlíthiúla nó cuiditheacha nó nuair a rinne sé íocaíochtaí thar ceann na cuideachta comhlaí. Déantar gnóthachain neamhréadaithe a eascraíonn ó idirbhearta le cuideachtaí comhlacha a dhíothú sa mhéid agus atá comhionann le leas an Ghrúpa san eintiteas. Déantar caillteanais neamhréadaithe a dhíothú ar an dóigh chéanna mar ghnóthachain neamhréadaithe, ach amháin sa mhéid agus nach bhfuil aon fhianaise ar laige.

I ráitis airgeadais aonair na Cuideachta, mínítear infheistíochtaí i gcuideachtaí comhlacha mar chostas lúide laige. Aithnítear ioncam díbhinne nuair a bhunaítear an ceart chun íocaíocht a fháil.

### (e) Airgeadraí eachtracha

#### *(i) Airgeadra feidhmiúil agus tuairiscithe*

Is é airgeadra feidhmiúil agus tuairiscithe na Cuideachta agus airgeadra tuairiscithe an Ghrúpa an euro, arna ainmniú ag an tsiombail '€' agus, mura bhfuil a mhalairt luaite, cuireadh na ráitis airgeadais i láthair i mílte ('000').

#### *(ii) Idirbhearta agus comharduithe*

Déantar idirbhearta in airgeadra eachtrach a aistriú go euro agus na spotrátaí malairte á n-úsáid amhail dátaí na n-idirbheart. Déantar sócmhainní agus dliteanais airgeadaíochta atá ainmnithe in airgeadraí eachtracha a aistriú arís ag na rátaí malairte atá i réim ag dáta an tuairiscithe. Ní dhéantar míreanna neamhairgeadaíochta a dhéantar a thomhas i dtéarmaí an chostais stairiúil in airgeadra eachtrach a aistriú arís. Déantar míreanna neamhairgeadaíochta a dhéantar a thomhas ar luach cóir a thomhas agus an ráta malairte atá i réim nuair a cinneadh an luach cóir á úsáid.

Aithnítear gnóthachain agus caillteanais in airgeadra eachtrach atá ina dtoradh ar shocrú idirbheart agus ar aistriú ag rátaí malairte dheireadh na tréimhse sócmhainní agus dliteanas airgeadaíochta arna n-ainmniú in airgeadraí eachtracha sa chuntas brabúis agus caillteanais.

### (f) Aithint ioncaim

Déantar ioncam a thomhas ar luach cóir na comaoine a fuarthas nó atá infhála agus léirítear an méid infhála leis le haghaidh earraí a sholáthraítear nó le haghaidh seirbhísí arna gcur ar fáil, glan ó fháltais, lascainí agus aisíocaíochtaí arna gceadú ag an nGrúpa agus cánacha breisluacha.

Nuair a dhéantar an chomaoin atá infhála in airgead nó i gcoibhéisí airgid a iarchur, agus nuair is idirbheart airgeadais an socrú, déantar luach cóir na comaoine a thomhas mar luach reatha na bhfáltas todhchaíoch iomlán agus an ráta barúlach úis á úsáid.

Aithníonn an Grúpa ioncam sa mhéid go bhfuil ioncam agus na costais ghaolmhara a thabhaítear nó atá le tabhú faoi réir ag tomhas iontaofa, gur dhócha go mbeidh tairbhí eacnamaíocha ina dtoradh air don Ghrúpa agus go ndearnadh rioscaí suntasacha agus luachanna saothair na húinéireachta a aistriú don cheannaitheoir, nó i gcomhréir le téarmaí agus coinníollacha arna gcomhaontú leis an gceannaitheoir.

# Nótaí a ghabhann leis na Ráitis Airgeadais

*Díol earraí agus seirbhísí a sholáthar*

Aithnítear ioncam ó dhíol adhmaid sheasta i dtráthchodanna thar chúrsa an chonartha díolachán. Aithnítear ioncam ó dhíol adhmaid bhainte nuair a sheachadtar é go geata an mhuilinn. Aithnítear ioncam ó dhíol táirgí MEDITE SMARTPLY nuair a dhéantar na hearraí a sheachadadh. Aithnítear gach ioncam eile nuair a dhéantar na hearraí nó seirbhísí a sheachadadh.

## (g) Míreanna eisceachtúla

Déanann an Grúpa muirir nó creidmheasanna a bhfuil tionchar ábhartha acu ar thorthaí airgeadais an Ghrúpa a aicmiú mar 'mhíreanna eisceachtúla'. Déantar iad sin a nochtadh go leithleach chun tuiscint bhreise a sholáthar ar fheidhmíocht airgeadais an Ghrúpa. Baineann an Grúpa úsáid as breithiúnas chun na míreanna áirithe a mheasúnú, a dhéantar a nochtadh, de thairbhe a n-ábharthachta nó a nádúir nó an dá rud araon, i gcuntas brabúis agus caillteanais an Ghrúpa agus sna nótaí gaolmhara mar mhíreanna eisceachtúla. D'fhéadfadh costais athstruchtúraithe a bheith san áireamh lena leithéid de mhíreanna lena n-áirítear ciorrúcháin scéime pinsin le sochar sainithe nó costais/creidmheasanna seirbhíse roimhe seo, brabús nó caillteanas ar dhiúscairt oibríochtaí, lagú sócmhainní agus amúchadh luathaithe táillí bainc.

## (h) Sochair fostaithe

Soláthraíonn an Grúpa raon de shochair do na fostaithe, lena n-áirítear socruithe saoire íoctha agus pleananna pinsin le sochar sainithe agus le ranníocaíocht shainithe.

*(i) Sochair Ghearrthéarmacha*

Aithnítear sochair ghearrthéarmacha, lena n-áirítear pá saoire agus sochair neamhairgeadaíochta eile cosúla mar speansas sa tréimhse ina bhfaightear an tseirbhís.

*(ii) Pleananna pinsin le sochar sainithe*

Déantar teidlíochtaí pinsin mhórchuid na bhfostaithe i gCoillte CGA agus Medite Europe CGA (fochuideachta dá chuid), a mhaoiniú trí scéimeanna aoisliúntais le sochar sainithe a dhéantar a riar go leithleach. Le plean sochair shainithe déantar an sochar pinsin a gheobhaidh an fostaí ar scor a shainiú agus de ghnáth bíonn sé ag brath ar raon fachtóirí lena n-áirítear aois, fad na seirbhíse agus an luach saothair.

Is ionann an dliteanas atá aitheanta sa chlár comhardaithe maidir le pleananna le sochar sainithe an Grúpa agus luach reatha na hoibleagáide um shochar sainithe ag an dáta tuairiscithe lúide luach cóir shócmhainní na bpleananna ag an dáta tuairiscithe. Déantar an oibleagáid um shochar sainithe a ríomh agus modh na n-aonad réamh-mheasta creidmheasa á úsáid. Fostaíonn an Grúpa achtúirí neamhspleácha chun an oibleagáid a ríomh. Déantar luacháil achtúireach iomlán gach trí bliana airgeadais agus déantar í a nuashonrú chun dálaí reatha a léiriú sna tréimhsí eatramhacha. Déantar luach reatha dhliteanais na bpleananna a chinneadh trí na híocaíochtaí todhchaíocha measta a lascainiú agus toradh margadh ar bhannaí corparáideacha ardtoraidh á úsáid atá ainmnithe in euro agus lena mbaineann téarmaí lena dtugtar neasluach thréimhse mheasta na n-íocaíochtaí todhchaíocha ('ráta lascainithe'). Déantar luach cóir shócmhainní na bpleananna a thomhas i gcomhréir le hordlathas luacha chóir FRS 102, lena n-áirítear úsáid teicnící luachála iomchuí. Tá luach sócmhainne um ghlansochar pinsin teoranta don mhéid ar féidir é a aisghabháil trí ranníocaíochtaí laghdaithe nó trí aisíocaíochtaí aontaithe ón scéim.

# Nótaí a ghabhann leis na Ráitis Airgeadais

Aithnítear gnóthachain agus caillteanais achtúireacha a eascraíonn ó choigeartuithe ó thaithí agus ó bhoinn tuisceana achtúireacha sa ráiteas ar ioncam cuimsitheach eile. Nochtar na méideanna sin, mar aon leis an toradh ar shócmhainní na bpleananna, lúide méideanna atá san áireamh leis an ús glan, mar 'Thomhas an athuair ar ghlandliteanas sochair shainithe'. Ní dhéantar tomhais an athuair a athaicmiú don chuntas brabúis agus caillteanais i dtréimhsí ina dhiaidh sin.

Aithnítear costas na bpleananna le sochar sainithe sa chuntas brabúis agus caillteanais mar chostais fostaithe, ach amháin nuair a chuirtear san áireamh iad le costas sócmhainne. Cuimsítear leis an gcostas:
(a) an méadú ar dhliteanas sochair pinsin a eascraíonn ó sheirbhís fostaí le linn na tréimhse; agus
(b) an costas a bhaineann le tabhairt isteach pleananna, athruithe ar shochair, ciorrúcháin agus socraíochtaí.

Déantar costais an úis ghlain a ríomh tríd an ráta lascainithe a chur i bhfeidhm ar ghlan-iarmhéid na hoibleagáide um shochar sainithe agus luach cóir shócmhainní na bpleananna. Aithnítear an costas sin sa chuntas brabúis agus caillteanais mar 'Costas airgeadais'.

*(iii) Pleananna pinsin le ranníocaíocht shainithe*

Déantar teidlíochtaí pinsin fostaithe Smartply Europe CGA agus Medite Smartply UK Limited (Coillte Panel Products (UK) Limited roimhe seo) (fochuideachtaí an dá ghnóthas) a mhaoiniú trí scéim aoisliúntais le ranníocaíocht shainithe arna riar go leithleach. Déantar teidlíochtaí pinsin na bhfostaithe i gCoillte CGA agus Medite Europe CGA, nach bhfuil ina mbaill den scéim aoisliúntais le ranníocaíocht shainithe, a mhaoiniú trí scéimeanna le ranníocaíocht shainithe arna riar go leithleach. Aithnítear na ranníocaíochtaí mar speansas sa chuntas brabúis agus caillteanais de réir mar a sholáthraítear na seirbhísí.

**(i) Cánachas**

Cuimsítear le speansas cánachais cáin reatha agus cáin iarchurtha a aithnítear sa tréimhse tuairiscithe. Aithnítear cáin sa chuntas brabúis agus caillteanais, ach amháin sa mhéid go mbaineann sí le míreanna a aithnítear in ioncam cuimsitheach eile nó go díreach i gcothromas. Sa chás sin aithnítear cáin in ioncam cuimsitheach eile nó go díreach i gcothromas faoi seach.

*(i) Cáin reatha*

Is ionann cáin reatha agus méid na cánach ioncaim iníoctha maidir leis an mbrabús inchánach don bhliain airgeadais nó do bhlianta airgeadais roimhe sin. Déantar cáin a ríomh ar bhonn na rátaí agus dlíthe cánach a achtaíodh nó a achtaíodh go substaintiúil faoi dheireadh na tréimhse.

*(ii) Cáin iarchurtha*

Eascraíonn cáin iarchurtha ó dhifríochtaí uainithe a eascraíonn ó áireamh ioncaim agus speansas i measúnuithe cánach i dtréimhsí a dhifríonn ó na cinn atá aitheanta sna ráitis airgeadais.

Aithnítear cáin iarchurtha maidir le difríochtaí uainithe uile ag an dáta tuairiscithe ach amháin maidir le heisceachtaí áirithe. Ní aithnítear caillteanais cánach gan faoiseamh agus sócmhainní cánach iarchurtha eile ach amháin nuair a bhíonn sé dóchúil go ndéanfar iad a aisghabháil i gcoinne aisiompú dliteanas cánach iarchurtha nó i gcoinne brabúis inchánach sa todhchaí.

Déantar cáin iarchurtha a thomhas agus rátaí agus dlíthe cánach á n-úsáid a achtaíodh nó a achtaíodh go substaintiúil faoi dheireadh na tréimhse agus lena bhfuiltear ag súil go gcuirfear i bhfeidhm iad ar aisiompú na difríochta uainithe.

# Nótaí a ghabhann leis na Ráitis Airgeadais

### (j) Sócmhainní doláimhsithe

Déantar cáilmheas a eascraíonn ó aimsiú fochuideachtaí ag an nGrúpa a caipitliú agus a amúchadh chuig an gcuntas brabúis agus caillteanais thar a shaolré úsáideach mheasta. Measadh sin ag 10 mbliana tar éis nádúr na ngnólachtaí arna n-aimsiú agus an tionscal ina n-oibríonn siad a thabhairt san áireamh.

Luaitear bogearraí ríomhaireachta ag costas lúide amúchadh carntha agus caillteanais lagaithe charntha. Déantar bogearraí a amúchadh thar a saolré úsáideach mheasta, de thréimhse idir 2 bhliain agus 5 bliana airgeadais, de réir mhodh an mhéid chothroim.

Nuair a léirítear fachtóirí amhail forbairtí teicneolaíochta agus athruithe ar phraghas margaidh go bhfuil an tsaolré úsáideach athraithe, déantar an ráta amúchta a leasú go hionchasach chun na himthosca nua a léiriú.

Déantar na sócmhainní a athbhreithniú maidir le lagú má léirítear leis na fachtóirí thuas go bhféadfadh an tsuim ghlanluacha a bheith lagaithe.

### (k) Sócmhainní inláimhsithe

Luaitear sócmhainní inláimhsithe, seachas réadmhaoine infheistíochta, ag costas lúide dímheas carntha agus caillteanais lagaithe charntha. Áirítear le costas an praghas ceannaigh bunaidh, costais iasachta ghaolmhara, costais atá inchurtha go díreach i leith na sócmhainne a thabhairt go riocht oibre le haghaidh a húsáid bheartaithe, costais díchóimeála agus athchóirithe.

*(i) Dímheas*

Ní dhéantar talamh a dhímheas. Déantar dímheas ar shócmhainní eile a ríomh, agus modh an mhéid chothroim á úsáid, chun an costas a leithdháileadh thar a saolréanna úsáideacha measta, mar a leanas:

| | |
|---|---|
| • Foirgnimh ruílse | 20 go 50 bliain |
| • Droichid agus bóithre foraoise | 20 go 50 bliain |
| • Meaisínre agus trealamh | 3 bliana go 20 bliain |

Déantar foráil do dhímheas ar ghléasra agus ar shuiteálacha áirithe, atá san áireamh le gléasra agus meaisínre, ar bhonn aonaid táirgthe thar shaolréanna úsáideacha measta na sócmhainní. Bhí na rátaí a leanas á gcur i bhfeidhm ar na sócmhainní sin amhail an 31 Nollaig 2019:

| | |
|---|---|
| • Gléasra agus suiteálacha | 8.33% / 12 bhliain |

Déantar saolréanna úsáideacha na sócmhainní a athbhreithniú, agus déantar iad a choigeartú más cuí, ag deireadh gach tréimhse tuairiscithe. Mínítear an éifeacht a bhaineann le haon athrú go hionchasach.

*(ii) Breiseanna ina dhiaidh sin*

Ní chuirtear costais ina dhiaidh sin san áireamh le suim ghlanluacha sócmhainne nó ní aithnítear iad mar shócmhainn ar leith, mar is cuí, ach amháin nuair a bhíonn sé dóchúil go mbeidh na tairbhí eacnamaíocha a bhaineann leis an mír ina dtoradh don Ghrúpa agus nuair is féidir an costas sin a thomhas go hiontaofa. Aithnítear costais dheisithe, chothabhála agus mionscrúdaithe mar speansais de réir mar a thabhaítear iad.

*(iii) Sócmhainní i gcúrsa tógála*

Luaitear sócmhainní i gcúrsa tógála ar a gcostas. Ní dhéantar na sócmhainní sin a dhímheas go dtí go mbíonn siad ar fáil le húsáid.

# Nótaí a ghabhann leis na Ráitis Airgeadais

*(iv) Dí-aithint*

Dí-aithnítear sócmhainní inláimhsithe ar dhiúscairt nó nuair nach bhfuiltear ag súil le tairbhí eacnamaíocha ar bith sa todhchaí. Aithnítear ioncam ó dhíol sócmhainní inláimhsithe nuair atá conradh neamhchoinníollach sínithe. Aithnítear an difríocht idir na glanfháltais diúscartha agus an tsuim ghlanluacha sa chuntas brabúis agus caillteanais laistigh de 'Gnóthachain oibriúcháin eile'.

*(v) Aistrithe go stoc*

Déantar talamh a aithnítear le linn na tréimhse cuntasaíochta mar chuid de ghnó déileála agus forbartha talún an Ghrúpa a aistriú go stoc.

**(l) Réadmhaoine infheistíochta**

Déantar réadmhaoine infheistíochta a thomhas ar luach cóir agus aithnítear athruithe ar luach cóir sa chuntas brabúis agus caillteanais.

**(m) Sócmhainní bitheolaíocha**

Is é atá cuimsithe le sócmhainní bitheolaíocha plandálacha foraoise agus gléasraí plandlainne agus déantar iad a thomhas ar chostas lúide aon ídiú carntha agus aon caillteanais lagaithe charntha.

Luaitear sócmhainní bitheolaíocha a rinneadh a tháthcheangal ón Roinn Talmhaíochta, Bia agus Mara ar an Lá Dílsithe (an 1 Eanáir 1989) ar chostas bunaithe ar an méid iomlán a aontaíodh idir an Grúpa agus an tAire Talmhaíochta, Bia agus Mara. Luaitear breiseanna ina dhiaidh sin ar chostas.

Déanann an Grúpa na costais a chaipitliú a bhaineann le bunú agus cothabháil na bplandálacha foraoise dá chuid. Déantar costais dhíreacha a chaipitliú ar bhonn na n-oibríochtaí sainiúla a chuirtear i gcrích. Déantar costais neamhdhíreacha a chaipitliú faoi oibríocht trí thagairt do chion na gcostas díreach arna gcaipitliú as a bhfuil an fhoireann bainistíochta aonair freagrach. Tá plandálacha foraoise faoi úinéireacht an Ghrúpa ar thalamh léasaithe. Caitear le talamh ar cíos mar chostais dhíreacha agus déantar iad a chaipitliú. Nuair atá an cíos bliantúil a íoctar bunaithe ar bhrabúsacht thodhchaíoch mheasta na bplandálacha foraoise sin, déantar aon ioncam eatramhach ó ghníomhaíochtaí tanaithe a asbhaint ón méid arna chaipitliú.

Is ionann ídiú agus costais na bplandálacha foraoise glanleagtha agus déantar é a ríomh mar an comhréir idir an limistéar bainte agus limistéar iomlán plandálacha foraoise cosúla. Tá méid an ídithe a chuirtear chun dochair an chuntais brabúis agus caillteanais bunaithe ar chostas bunaidh na plandála foraoise ar an lá dílsithe nó, más é an cás gur bunaíodh an phlandáil foraoise tar éis an lae dhílsithe, na costais bunaithe bhunaidh, móide leithdháileadh na gcostas cothabhála arna gcaipitliú ón dáta sin.

Déantar adhmad bainte a thomhas ag pointe na bainte ar chostas nó ar an bpraghas díola measta lúide costais an díolacháin, cibé acu is ísle.

Déantar sócmhainní bitheolaíocha a aithnítear le linn na tréimhse cuntasaíochta mar chuid de ghnó déileála agus forbartha talún an Ghrúpa a aistriú go stoc.

# Nótaí a ghabhann leis na Ráitis Airgeadais

## (n) Costais iasachta

Déantar costais iasachta ghinearálta agus shainiúla atá inchurtha go díreach i leith sócmhainní cáilithe a fháil, a thógáil nó a tháirgeadh, is iad sin sócmhainní óna dteastaíonn tréimhse ama shuntasach de riachtanas chun iad a ullmhú le haghaidh úsáide nó díola, déantar iad a chur le costas na sócmhainní sin, go dtí go mbeidh na sócmhainní réidh ar bhonn substaintiúil dá n-úsáid bheartaithe nó do dhíol. Roghnaigh an Grúpa chun caitheamh le dáta an aistrithe go FRS 102 (1 Eanáir 2014) mar an dáta tosaithe do chaipitliú úis ar shócmhainní cáilithe.

Aithnítear na costais iasachta uile eile sa chuntas brabúis agus caillteanais sna ráitis airgeadais sa tréimhse ina dtabhaítear iad.

## (o) Sócmhainní léasaithe

Ar thionscnamh, déanann an Ghrúpa measúnú ar na comhaontuithe lena n-aistrítear an ceart úsáide maidir le sócmhainní. Sa mheasúnú déantar machnamh maidir le cibé acu arb ionann an socrú agus léasa, nó cibé acu an bhfuil léasa san áireamh leis, bunaithe ar shubstaint an tsocraithe.

### *(i) Sócmhainní léasa mhaoinithe*

Déantar léasanna sócmhainní lena ndéantar na rioscaí agus luachanna saothair a aistriú ar bhonn substaintiúil a bhaineann le húinéireacht a aicmiú mar léasanna maoinithe.

Déantar léasanna maoinithe a chaipitliú ag tús an léasa mar shócmhainní ar luach cóir na sócmhainne léasaithe nó, má tá sé níos ísle ná sin, ar luach reatha na n-íocaíochtaí léasa íosta arna ríomh agus an ráta úis atá intuigthe sa léasa á úsáid. Nuair nach féidir an ráta intuigthe a chinneadh úsáidtear ráta iasachta breisíoch an Ghrúpa. Tá costais dhíreacha bhreisíocha, a thabhaítear in idirbheartaíocht agus i socrú an léasa, san áireamh le costas na sócmhainne.

Déantar sócmhainní a dhímheas thar théarma an léasa nó thar shaolré úsáideach mheasta na sócmhainne, cibé acu is giorra. Déantar sócmhainní a mheasúnú maidir le lagú ag gach dáta tuairiscithe.

Taifeadtar sciar caipitiúil oibleagáidí an léasa mar dhliteanas ar thionscnamh an tsocraithe. Déantar íocaíochtaí léasa a chionroinn idir aisíocaíocht chaipitiúil agus muirear maoinithe, agus modh an ghlanráta úis á úsáid, chun ráta leanúnach a tháirgeadh ar iarmhéid na n-aisíocaíochtaí caipitiúla atá amuigh.

### *(ii) Sócmhainní léasa oibriúcháin*

Déantar léasanna nach ndéantar rioscaí agus luachanna saothair uile na húinéireachta a aistriú leo a aicmiú mar léasanna oibriúcháin. Cuirtear íocaíochtaí faoi léasanna oibriúcháin chun dochair an chuntais brabúis agus caillteanais ar bhonn an mhéid chothroim thar thréimhse an léasa.

## (p) Lagú sócmhainní neamhairgeadais

Ag gach dáta tuairiscithe déantar sócmhainní neamhairgeadais nach ndéantar a iompar ar luach cóir a mheasúnú chun cinneadh a dhéanamh má tá léiriú ann go bhféadfadh an tsócmhainn (nó aonad giniúna airgid na sócmhainne) a bheith lagaithe. Má tá léiriú dá leithéid ann cuirtear méid in-aisghabhála na sócmhainne (nó aonad giniúna airgid na sócmhainne) i gcomparáid le suim ghlanluacha na sócmhainne (nó le haonad giniúna airgid na sócmhainne).

Is ionann méid in-aisghabhála na sócmhainne (nó aonad giniúna airgid na sócmhainne) agus an luach cóir lúide costais an díolacháin nó an luach úsáide, cibé acu is ísle. Sainítear luach úsáide mar luach reatha na sreafaí airgid roimh cháin agus roimh ús sa todhchaí atá infhála mar thoradh ar úsáid leanúnach na sócmhainne (nó aonad giniúna airgid na sócmhainne). Déantar na sreafaí airgid roimh cháin agus roimh ús a lascainiú agus ráta lascaine roimh cháin á úsáid lena léirítear ráta saor ó riosca an mhargaidh reatha agus na rioscaí ó nádúr sa tsócmhainn.

# Nótaí a ghabhann leis na Ráitis Airgeadais

Má mheastar go bhfuil méid in-aisghabhála na sócmhainne (nó aonad giniúna airgid na sócmhainne) níos ísle ná an tsuim ghlanluacha, laghdaítear an tsuim ghlanluacha go dtí a méid in-aisghabhála. Aithnítear caillteanas lagaithe sa chuntas brabúis agus caillteanais.

Má dhéantar caillteanas lagaithe a aisiompú ina dhiaidh sin, méadaítear suim ghlanluacha na sócmhainne (nó aonad giniúna airgid na sócmhainne) go dtí meastachán athbhreithnithe a méid in-aisghabhála, ach sa mhéid amháin nach sáraíonn an tsuim ghlanluacha athbhreithnithe an tsuim ghlanluacha a dhéanfaí a chinneadh (iar-dhímheas) mura n-aithneofaí aon chaillteanas lagaithe sna tréimhsí roimhe sin. Aithnítear aisiompú caillteanais lagaithe sa chuntas brabúis agus caillteanais.

### (q) Stoic

Luaitear stoic ag an gcostas stairiúil nó ag an bpraghas díola measta lúide costais chun iad a chríochnú agus a dhíol, cibé acu is ísle. Aithnítear stoic a dhíoltar mar speansas sa tréimhse ina n-aithnítear an t-ioncam gaolmhar.

Déantar costas a chinneadh agus an modh is túisce isteach is túisce amach (TITA) nó foirmle an mheánchostais ualaithe á úsáid. Áirítear le costas an praghas ceannaigh, agus cánacha agus dleachtanna agus iompar agus láimhseáil san áireamh a bhaineann go díreach leis an stoc a thabhairt chuig a láthair agus riocht reatha. Áirítear le costas a bhaineann le hearraí déantúsaithe deiridh agus obair idir lámha costais dearaidh, amhábhair, saothar díreach agus costais dhíreacha eile agus forchostais táirgeachta ghaolmhara (bunaithe ar acmhainn oibriúcháin normálta). Déantar forail do mhíreanna as feidhm, a bhogann go mall nó fabhtacha nuair is cuí.

Áirítear páirteanna breise neamh-chriticiúla, a mheastar le bheith de nádúr intomhalta, laistigh de stoic agus caitear leo mar speansas ar a n-úsáid.

### (r) Airgead agus coibhéisí airgid

Áirítear le hairgead agus coibhéisí airgid airgead ar láimh, taiscí ar glao sna bainc, infheistíochtaí ard-leachtacha gearrthéarma eile le haibíochtaí tráth a n-eisiúna de thrí mhí nó níos lú agus rótharraingtí bainc. Taispeántar rótharraingtí bainc, nuair is infheidhme, laistigh d'iasachtaí i ndliteanais reatha.

### (s) Forálacha agus teagmhais

#### *(i) Forálacha*

Aithnítear forálacha nuair atá oibleagáid dhlíthiúil nó chuiditheach reatha ag an nGrúpa mar thoradh ar imeachtaí san am atá caite, nuair atá sé dóchúil go mbeidh eis-sreabhadh acmhainní de dhíth chun an oibleagáid a réiteach, agus nuair is féidir méid na hoibleagáide a mheas go hiontaofa.

Is ionann an méid a aithnítear mar fhoráil agus an meastachán is fearr ar an gcomaoin a theastaíonn chun an oibleagáid reatha a réiteach ag an dáta tuairiscithe, agus na rioscaí agus na neamhchinnteachtaí timpeall ar an oibleagáid á dtabhairt san áireamh. Nuair atá éifeacht amluach an airgid ábhartha, aithnítear an méid a bhfuiltear ag súil le bheith riachtanach chun an oibleagáid a réiteach ar luach reatha agus ráta lascaine roimh cháin á úsáid. Aithnítear leachtú na lascaine mar chostas maoinithe sa chuntas brabúis agus caillteanais sa tréimhse ina n-eascraíonn sé.

#### *(ii) Oibleagáid athphlandaithe*

D'aithin an Grúpa foráil (dliteanas) maidir leis an oibleagáid athphlandaithe a bhaineann le foraoisí glanleagtha agus d'aithin sé sócmhainn reatha, 'plandálacha foraoise atá le plandú', laistigh de féichiúnaithe. Caitear leis na costais ghaolmhara mar shócmhainn mar táthar ag súil go mbeidh tairbhí eacnamaíocha sa todhchaí ina dtoradh uirthi don Ghrúpa. Ós rud é nach gcomhlíonann an tsócmhainn an sainmhíniú de shócmhainní bitheolaíocha, caitear leo mar shócmhainn reatha 'plandálacha foraoise atá le plandú', laistigh de féichiúnaithe.

# Nótaí a ghabhann leis na Ráitis Airgeadais

*(iii) Teagmhais*

Ní aithnítear dliteanais theagmhasacha atá ina dtoradh ar imeachtaí san am atá caite nuair (i) nach bhfuil sé óchúil go mbeidh eis-sreabhadh sócmhainní ann nó nuair nach féidir an méid a thomhas go hiontaofa ag an dáta tuairiscithe nó (ii) nuair a dhéanfar an t-eiseadh a dhearbhú le tarlú nó neamhtharlú imeachtaí neamhchinnte sa todhchaí nach bhfuil faoi smacht an Ghrúpa go hiomlán. Nochtar dliteanais theagmhasacha sna ráitis airgeadais mura bhfuil an dóchúlacht d'eis-sreabhadh sócmhainní caol.

Ní aithnítear sócmhainní teagmhasacha. Nochtar sócmhainní teagmhasacha sna ráitis airgeadais nuair atá sé dóchúil go mbeidh insreabhadh tairbhí eacnamaíocha ann.

### (t) Deontais rialtais

Aithnítear deontais rialtais ar a luach cóir nuair atá sé réasúnta le bheith ag súil go bhfaighfear deontais agus go gcomhlíonfar coinníollacha gaolmhara uile, de ghnáth nuair a chuirtear éileamh bailí ar íocaíocht isteach.

Cuirtear deontais rialtais maidir le caiteachas caipitiúil chun sochair cuntais ioncaim iarchurtha. Scaoiltear na deontais rialtais sin leis an gcuntas brabúis agus caillteanais thar shaolréanna úsáideacha measta na sócmhainní ábhartha trí thráthchodanna bliantúla cothroma, ach amháin deontais foraoiseachta.

Scaoiltear deontais maidir le costais athfhoraoisithe a rinneadh a chaipitliú leis an gcuntas brabúis agus caillteanais nuair a dhéantar na plandálacha foraoise gaolmhara a ghlanleagan.

Déantar deontais rialtais de nádúr ioncaim a iarchur agus a chur chun sochair an chuntais brabúis agus caillteanais thar thréimhse atá riachtanach chun iad a mheaitseáil le costais a bhfuil siad beartaithe chun a chúiteamh.

### (u) Ionstraimí airgeadais

Roghnaigh an Grúpa chun Alt 11 agus Alt 12 de FRS 102 a ghlacadh maidir le hionstraimí airgeadais.

*(i) Sócmhainní airgeadais*

Aithnítear sócmhainní airgeadais bunúsacha, agus infháltais trádála, infháltais eile agus airgead agus iarmhéideanna bainc, ar phraghas an idirbhirt ar dtús, murab ionann an socrú agus idirbheart maoinithe, nuair a dhéantar an t-idirbheart a thomhas ar luach reatha na bhfáltas sa todhchaí arna lascainiú ag ráta margaidh úis. Déantar a leithéid de shócmhainní a iompar ag costas amúchta agus modh an ghlanráta úis á úsáid.

Ag deireadh gach tréimhse tuairiscithe déantar sócmhainní airgeadais arna dtomhas ag costas amúchta a mheasúnú maidir le fianaise oibiachtúil ar lagú. Má tá an tsócmhainn lagaithe is é an caillteanas lagaithe an difríocht idir an tsuim ghlanluacha agus luach reatha na sreafaí airgid measta arna lascainiú ag glanráta úis bunaidh na sócmhainne. Aithnítear an caillteanas lagaithe sa chuntas brabúis agus caillteanais.

Má tá laghdú ar an gcaillteanas lagaithe mar thoradh ar imeacht a tharla roimh aithint an lagaithe déantar an lagú a aisiompú. Déantar an t-aisiompú ar dhóigh nach sáraíonn an tsuim ghlanluacha reatha an méid a bheadh sa tsuim ghlanluacha dá mba rud é nach ndearnadh an lagú a aithint roimhe sin. Aithnítear an t-aisiompú lagaithe sa chuntas brabúis agus caillteanais.

Déantar sócmhainní airgeadais a dhí-aithint (a) nuair a théann na cearta conarthacha ar na sreafaí airgeadais as feidhm nó nuair a dhéantar iad a réiteach, nó (b) nuair a dhéantar na rioscaí agus luachanna saothair a bhaineann le húinéireacht na sócmhainne a aistriú ar bhonn substaintiúil go páirtí eile nó (c) nuair a rinneadh rialú na sócmhainne a aistriú go páirtí eile ag a bhfuil an cumas praiticiúil an tsócmhainn a dhíol ar bhonn aontaobhach le tríú páirtí neamhghaolmhar gan srianta breise a fhorchur.

# Nótaí a ghabhann leis na Ráitis Airgeadais

*(ii) Dliteanais airgeadais*

Aithnítear dliteanais airgeadais bunúsacha, agus suimeanna iníoctha trádála agus suimeanna iníoctha eile, iasachtaí bainc agus iasachtaí ó chomhchuideachtaí an ghrúpa, ar phraghas an idirbhirt ar dtús (agus costais an idirbhirt san áireamh), murab ionann an socrú agus idirbheart maoinithe, nuair a dhéantar an ionstraim fiachais a thomhas ar luach reatha na bhfáltas sa todhchaí arna lascainiú ag ráta margaidh úis.

Déantar ionstraimí fiachais a iompar ag costas amúchta agus modh an ghlanráta úis á úsáid. Aithnítear táillí a íoctar chun saoráidí iasachta a bhunú mar chostais idirbhirt na hiasachta sa mhéid go bhfuil sé dóchúil go ndéanfar cuid den tsaoráid nó an tsaoráid iomlán a tharraingt anuas. Sa chás sin, déantar an táille a iarchur go dtí go dtarlaíonn an tarraingt anuas. Sa mhéid nach bhfuil aon fhianaise ann go bhfuil sé dóchúil go ndéanfar cuid den tsaoráid nó an tsaoráid iomlán a tharraingt anuas, déantar an táille a chaipitliú mar réamhíocaíocht le haghaidh seirbhísí leachtachta agus déantar í a amúchadh thar thréimhse na saoráide lena mbaineann.

Is ionann suimeanna iníoctha trádála agus oibleagáidí chun íoc as earraí nó seirbhísí a rinneadh a aimsiú i ngnáthchúrsa an ghnó ó sholáthraithe. Déantar suimeanna iníoctha trádála a aicmiú mar dhliteanais reatha má tá íocaíocht dlite laistigh de bhliain airgeadais amháin nó níos lú. Mura bhfuil sin an cás, cuirtear i láthair iad mar dhliteanais neamhreatha. Aithnítear suimeanna iníoctha trádála ar dtús ar phraghas an idirbhirt agus déantar iad a thomhas ina dhiaidh sin ag costas amúchta agus modh an ghlanráta úis á úsáid.

Déantar dliteanais airgeadais a dhí-aithint nuair a chuirtear an dliteanas ar ceal, is é sin nuair a dhéantar an oibleagáid chonarthach a fhuascailt, a chealú nó nuair a théann sí as feidhm.

*(iii) Ionstraimí airgeadais díorthacha*

Úsáideann an Grúpa ionstraimí airgeadais díorthacha (babhtálacha ráta úis agus réamhchonarthaí in airgeadra eachtrach) chun a neamhchosaint ar rioscaí ráta úis agus airgeadra eachtraigh a fhálú a eascraíonn ó ghníomhaíochtaí oibriúcháin agus maoinithe.

Ní ionstraimí airgeadais bunúsacha iad ionstraimí airgeadais díorthacha, agus babhtálacha ráta úis agus réamhchonarthaí in airgeadra eachtrach san áireamh. Aithnítear ionstraimí airgeadais díorthacha ar dtús ar luach cóir ar an dáta a dhéantar conradh díorthach agus déantar iad a thomhas an athuair ar a luach cóir ina dhiaidh sin.

Tá an modh a bhaineann leis an gnóthachan nó caillteanas dá bharr sin a aithint ag brath ar cibé acu an ainmnítear nó nach n-ainmnítear an díorthach mar ionstraim fálaithe, agus má ainmnítear, nádúr na míre atá á fálú. Aithnítear athruithe ar luach cóir díorthach nár roghnaigh an Grúpa cuntasaíocht um fhálú a chur i bhfeidhm ina leith sa chuntas brabúis agus caillteanais i gcostais mhaoinithe nó ioncam de réir mar is cuí.

*(iv) Fálú*

Chun críocha cuntasaíochta um fhálú, ainmnítear fáluithe an Ghrúpa mar fháluithe ar an sreabhadh airgid (lena ndéantar neamhchosaintí a fhálú ar luaineachtaí i sreafaí airgid todhchaíocha a dhéantar a dhíorthú ó riosca áirithe a bhaineann le sócmhainní nó dliteanais aitheanta nó idirbhearta réamhaisnéise ard-dóchúla).

Déanann an Grúpa, ar thionscnamh na n-idirbheart, an caidreamh idir ionstraimí fálaithe agus míreanna arna bhfálú a dhoiciméadú, chomh maith lena chuspóirí agus a straitéis bainistíochta riosca le haghaidh idirbhearta fálaithe éagsúla a chur chun feidhme.

Nochtar luachanna córa na n-ionstraimí díorthacha éagsúla i nóta 23 agus taispeántar na gluaiseachtaí sa chúlchiste fálaithe um shreabhadh airgid i gcothromas sa ráiteas ar ioncam cuimsitheach eile. Déantar luach cóir iomlán díorthaigh a aicmiú mar shócmhainn neamhreatha nó mar dhliteanas neamhreatha má tá aibíocht an díorthaigh atá fágtha níos faide ná dhá mhí déag agus déantar é a aicmiú mar shócmhainn reatha nó dliteanas reatha má tá aibíocht an díorthaigh atá fágtha níos lú ná dhá mhí déag.

# Nótaí a ghabhann leis na Ráitis Airgeadais

### (v) Taighde agus forbairt

Déantar gach caiteachas maidir le taighde agus forbairt a dhíscríobh don chuntas brabúis agus caillteanais sa bhliain airgeadais ina dtabhaítear é.

### (w) Dáileacháin do scairshealbhóirí cothromais

Aithnítear díbhinní do scairshealbhóirí an Ghrúpa mar dhliteanas sna ráitis airgeadais sa tréimhse ina ndéantar na díbhinní a fhaomhadh ag scairshealbhóirí an Ghrúpa. Aithnítear na méideanna sin sa ráiteas ar athruithe ar chothromas.

### (x) Cearta astaíochtaí

Trí lamháltais astaíochtaí ligtear don Ghrúpa méid sainiúil de chomhdhúile carbóin a astú san atmaisféar, agus is féidir iad a cheannach má táthar ag súil go sáróidh astaíochtaí cuóta nó is féidir iad a dhíol mura mbaintear an cuóta amach. Sa mhéid go ndéantar cearta astaíochtaí iomarcacha a dhiúscairt le linn tréimhse airgeadais, aithnítear an brabús agus caillteanais ina leith láithreach laistigh de chostas díolachán sna ráitis airgeadais.

## 4. Breithiúnais cuntasaíochta criticiúla agus neamhchinnteacht meastachán

Déantar meastacháin agus breithiúnais a mheasúnú go leanúnach agus tá siad bunaithe ar thaithí stairiúil agus ar fhachtóirí eile, lena n-áirítear ionchas maidir le himeachtaí sa todhchaí a mheastar le bheith réasúnta faoi na himthosca. Áirítear leis na réimsí a bhaineann le méid níos airde breithiúnais nó castachta, nó réimsí ina bhfuil boinn tuisceana agus meastacháin ábhartha go suntasach do na ráitis airgeadais, na réimsí a leanas ach níl siad teoranta dóibh sin amháin:

### *(i) Athluacháil reádmhaoine infheistíochta*

Iompraíonn an Grúpa a réadmhaoine infheistíochta ar luach cóir, agus aithnítear athruithe ar luach cóir sa chuntas brabúis agus caillteanais. D'fhostaigh an Grúpa speisialtóirí athluachála neamhspleácha chun cuidiú le luach cóir a chinneadh amhail an 31 Nollaig 2018. Mar gheall ar nádúr na réadmhaoine agus easpa sonraí inchomparáide ar an margadh, tá modheolaíocht na hathluachála bunaithe ar mhodh an tsreafa airgid lascainithe. Tá luach cóir cinntithe na réadmhaoine thar a bheith íogair maidir leis an toradh measta agus an sreabhadh ioncaim cíosa sa todhchaí. Déantar na príomhbhoinn tuisceana a úsáidtear chun luach cóir na réadmhaoine infheistíochta a chinneadh a mhíniú a thuilleadh i nóta 16.

### *(ii) Lagú sócmhainní neamhairgeadais agus cáilmheasa*

Déantar sócmhainní neamhairgeadais nach ndéantar a iompar ar luach cóir a mheasúnú chun cinneadh a dhéanamh má tá léiriú ann go bhféadfadh an tsócmhainn (nó aonad giniúna airgid na sócmhainne) a bheith lagaithe. Má tá léiriú dá leithéid ann, cuirtear méid in-aisghabhála na sócmhainne (nó aonad giniúna airgid na sócmhainne) i gcomparáid le suim ghlanluacha na sócmhainne. Is ionann méid in-aisghabhála sócmhainne (nó aonad giniúna airgid sócmhainne) agus an luach cóir lúide costais an díolacháin nó an luach úsáide, cibé acu is ísle. Teastaíonn úsáid meastachán ó na ríomhanna sin. Is ríomhanna daorbhreithiúnacha iad ó nádúr na ríomhanna agus tá siad so-ghabhálach i leith athraithe ó thréimhse go tréimhse mar éilítear ar an Grúpa leo toimhdí a dhéanamh faoi sholáthar agus éileamh sa todhchaí, praghsanna díolachán sa todhchaí, coigilteas costais a bhaint amach, rátaí malairte infheidhme agus ráta lascaine iomchuí. Má theipeann ar an nGrúpa na leibhéil díolachán dá chuid a bhaint amach nó má theipeann air laghduithe réamh-mheasta ar chostas a bhaint amach, nó má tá dálaí eacnamaíocha laga i réim sna príomh-mhargaí dá chuid, is dócha go n-imreofar tionchar diúltach ar luach úsáide na sócmhainne (nó aonad giniúna airgid na sócmhainne).

# Nótaí a ghabhann leis na Ráitis Airgeadais

*(iii) Pinsin*

Tá oibleagáid ar an nGrúpa sochair pinsin a íoc le fostaithe áirithe. Tá costas na sochar sin agus luach reatha na hoibleagáide ag brath ar roinnt fachtóirí, lena n-áirítear; ionchas saoil, méaduithe ar íocaíochtaí tuarastail agus pinsin, luachálacha sócmhainní, boilsciú agus ráta lascaine ar bhannaí corparáideacha. Mar gheall ar chastacht na luachála, na boinn tuisceana bhunúsacha agus nádúr fadtéarma na bpleananna sin, tá a leithéid de mheastacháin faoi réir ag neamhchinnteacht shuntasach. Déanann an lucht bainistíochta na fachtóirí a mheas agus an oibleagáid pinsin ghlan á cinneadh ar an gclár comhardaithe. Léirítear leis na boinn tuisceana an taithí stairiúil agus na treochtaí reatha agus d'fhéadfadh siad a bheith éagsúil ó na sonraí iarbhír mar thoradh ar athruithe ar dhálaí margaidh agus eacnamaíocha. Féach nóta 14 le haghaidh nochtuithe a bhaineann leis an scéim pinsin le sochar sainithe.

*(iv) Saolréanna eacnamaíocha úsáideacha sócmhainní inláimhsithe*

Tá an muirear dímheasa bliantúil maidir le sócmhainní inláimhsithe íogair ó thaobh athruithe ar shaolréanna eacnamaíocha úsáideacha na sócmhainní. Déantar athbhreithniú bliantúil ar na saolréanna eacnamaíocha úsáideacha. Déantar iad a leasú nuair is gá chun meastacháin reatha a léiriú, bunaithe ar fhorbairt theicneolaíoch, infheistíochtaí todhchaíocha, úsáid eacnamaíoch agus riocht fisiceach na sócmhainní. Féach nóta 16 maidir le suim ghlanluacha shócmhainní inláimhsithe an Ghrúpa. Nochtar na saolréanna eacnamaíocha úsáideacha do gach aicme de shócmhainní sa bheartas cuntasaíochta atá leagtha amach i nóta 3.

*(v) Ídiú*

Is ionann ídiú agus costais na bplandálacha foraoise glanleagtha agus déantar é a ríomh mar an comhréir idir an limistéar bainte agus limistéar iomlán plandálacha foraoise cosúla. Tá méid an ídithe a chuirtear chun dochair an chuntais brabúis agus caillteanais bunaithe ar chostas bunaidh na plandála foraoise ar an lá dílsithe nó, más é an cás gur bunaíodh an phlandáil foraoise tar éis an lae dhílsithe, na costais bunaithe bhunaidh, móide leithdháileadh na gcostas cothabhála arna gcaipitliú ón dáta sin.

*(vi) Lagú féichiúnaithe*

Déanann an Grúpa meastachán ar an luach in-aisghabhála agus lagú féichiúnaithe trádála agus féichiúnaithe eile á measúnú aige. Déanann an lucht bainistíochta machnamh ar fhachtóirí lena n-áirítear an polasaí árachais atá i bhfeidhm, rátáil chreidmheasa reatha an fhéichiúnaí, próifíl aosaithe na bhféichiúnaithe agus taithí stairiúil. Féach nóta 20 maidir le suim ghlanluacha ghlan fhéichiúnaithe an Ghrúpa agus an fhoráil do lagú ghaolmhar.

*(vii) Forálacha do dhliteanais*

Baineann ardleibhéal breithiúnais le cinneadh fhorálacha an Ghrúpa do dhliteanais gan amhras. Nuair a mheastar go bhfuil forálacha riachtanach, déantar breithiúnais maidir le heis-sreafaí airgid sa todhchaí mar thoradh ar na forálacha arna ndéanamh. Baineann na príomhréimsí breithiúnais sa Ghrúpa le héilimh dhlíthiúla agus le hathstruchtúrú forálacha gaolmhara.  Déanann an lucht bainistíochta na forálacha sin a ríomh agus an fhaisnéis is fearr atá ar fáil á cur san áireamh agus déanann siad meastacháin bunaithe ar a mbreithiúnas.

# Nótaí a ghabhann leis na Ráitis Airgeadais

## 5. Lámhdeachas

### Anailís ar láimhdeachas

Tá an Grúpa eagraithe ina thrí rannán oibriúcháin: Foraois, Réitigh Talún & Dul i bhFiontar agus MEDITE SMARTPLY. Tá baint ag an rannán Foraoise le bainistíocht ghnó foraoiseachta an Ghrúpa, lena n-áirítear foraoisí a bhunú, a bhainistiú agus a chosaint. Tá Réitigh Talún & Dul i bhFiontar freagrach as acmhainn na talún a optamú, as Dúlra Choillte agus as infheistíochtaí straitéiseacha agus tionscnaimh bhreisluacha eile an Ghrúpa a bhainistiú. Is ceannródaí déantúsaíochta sa mhargadh MEDITE SMARTPLY agus is soláthraí é de phainéil SMD agus OSB nuálacha agus inbhuanaithe.

Tá rannán Fuinnimh In-athnuaite ag an nGrúpa freisin atá ina ghnólachta forbartha atá dírithe go príomha ar ghaoth ar tír.

Sa tábla thíos tá anailís ar láimhdeachas faoi rannán agus faoi thír.

| | Foraois | | Réitigh Talún & Dul i bhFiontar | | MEDITE SMARTPLY | | An Grúpa | |
|---|---|---|---|---|---|---|---|---|
| | **2019 €'000** | 2018 €'000 | **2019 €'000** | 2018 €'000 | **2019 €'000** | 2018 €'000 | **2019 €'000** | 2018 €'000 |
| **Láimhdeachas an Ghrúpa** | | | | | | | | |
| **Oibríochtaí leanúnacha:** | | | | | | | | |
| Poblacht na hÉireann | **131,964** | 132,927 | **4,107** | 3,731 | **26,101** | 27,784 | **162,172** | 162,442 |
| An Ríocht Aontaithe | **17,418** | 13,529 | **35** | 45 | **127,837** | 139,677 | **145,290** | 153,251 |
| An Chuid eile den Domhan | **77** | 2,146 | **-** | - | **53,476** | 45,887 | **53,553** | 48,033 |
| Díolacháin idir-dheighleoige* | **(33,580)** | (33,394) | **-** | - | **-** | - | **(33,580)** | (33,394) |
| **Díolacháin le tríú páirtithe** | **115,879** | 115,208 | **4,142** | 3,776 | **207,414** | 211,348 | **327,435** | 330,332 |

** Léirítear leis sin díolacháin ó rannán Foraoise an Ghrúpa lena rannán MEDITE SMARTPLY.*

# Nótaí a ghabhann leis na Ráitis Airgeadais

### 6. Brabús oibriúcháin

| | **2019 €'000** | 2018 €'000 |
|---|---|---|
| Thángthas ar bhrabús oibriúcháin tar éis na nithe a leanas a chur chun dochair/(chun sochair): | | |
| Dímheas (nóta 16) | **20,701** | 19,945 |
| Ídiú (nóta 17) | **15,210** | 13,019 |
| Amúchadh deontas (nóta 25) | **(1,822)** | (1,604) |
| Amúchadh sócmhainní doláimhsithe (nóta 15) | **2,042** | 1,768 |
| Muirir léasa oibriúcháin | **1,446** | 1,140 |
| Caiteachas Taighde agus Forbartha | **245** | 598 |
| Ioncam cíosa ar léasa oibriúcháin | **(2,630)** | (2,494) |
| Lagú/(aisiompú lagaithe) ar infháltais trádála agus ar infháltais eile | **1,983** | (153) |
| Fardal arna aithint mar speansas | **191,623** | 182,796 |
| Lagú fardail (san áireamh le 'costas díolachán') | **1,099** | 59 |
| Gnóthachan ar athluacháil reádmhaoine infheistíochta (nóta 16) | **-** | (5,221) |
| Míreanna eisceachtúla (nóta 9) | **-** | (86,106) |

Seo a leanas luach saothair (agus speansais san áireamh) don iniúchadh reachtúil ar na ráitis airgeadais agus do sheirbhísí eile arna gcur chun feidhme ag iniúchóirí an Ghrúpa agus na Cuideachta:

| | **An Grúpa** | | **An Chuideachta** | |
|---|---|---|---|---|
| | **2019 €'000** | 2018 €'000 | **2019 €'000** | 2018 €'000 |
| Iniúchadh ar na ráitis airgeadais | **225** | 211 | **179** | 159 |
| Seirbhísí dearbhaithe eile | **27** | 37 | **27** | 36 |
| Seirbhísí comhairle cánach | **103** | 153 | **88** | 150 |
| Seirbhísí neamh-iniúchta eile | **16** | 311 | **16** | 311 |
| | **371** | 712 | **310** | 656 |

# Nótaí a ghabhann leis na Ráitis Airgeadais

## 7. Luachanna Saothair Stiúrthóirí

| | 2019 €'000 | 2018 €'000 |
|---|---|---|
| Luachanna Saothair | **246** | 384 |
| Ranníocaíochtaí le scéimeanna sochair scoir | **28** | 59 |
| **Iomlán** | **274** | 443 |

Bhí sochair scoir ag fabhrú do chuid de 2019 do 2 (2018: 2) Stiúrthóirí, Stiúrthóir amháin faoi scéim sochair shainithe agus Stiúrthóir eile faoi scéim ranníocaíochta sainithe.

## 8. Fostaithe agus luach saothair

Ba ionann meánlíon na ndaoine a bhí fostaithe ag an nGrúpa (gan comhfhiontair agus gnóthais chomhlacha san áireamh) le linn na bliana agus 802 (2018: 806).

| | 2019 €'000 | 2018 €'000 |
|---|---|---|
| **Cuimsítear le costais na foirne:** | | |
| Pá agus tuarastail | **51,934** | 50,014 |
| Costais árachais shóisialta | **5,264** | 5,005 |
| Costais sochair scoir eile | **5,435** | 6,271 |
| | **62,633** | 61,290 |
| Lúide: Obair fhéin arna caipitliú | **(10,122)** | (9,914) |
| Chun dochair an chuntais brabúis agus caillteanais | **52,511** | 51,376 |
| **Cuimsítear le costais sochair scoir eile:** | | |
| Costais na scéime pinsin le ranníocaíocht shainithe (nóta 14) | **1,394** | 1,230 |
| Costais na scéime pinsin le sochar sainithe (nóta 14) | **4,041** | 5,041 |
| | **5,435** | 6,271 |

| **Pá agus tuarastail** | 2019 €'000 | 2018 €'000 |
|---|---|---|
| Cuimsítear le pá agus tuarastail: | | |
| Bunphá | **44,790** | 42,312 |
| Ragobair | **4,209** | 4,289 |
| Liúntais | **2,935** | 3,413 |
| | **51,934** | 50,014 |

# Nótaí a ghabhann leis na Ráitis Airgeadais

| Cúiteamh don phríomhphearsanra bainistíochta | **2019 €'000** | 2018 €'000 |
|---|---|---|
| Sochair Ghearrthéarmacha | **1,613** | 1,460 |
| Sochair iar-fhostaíochta | **86** | 113 |
| | **1,699** | 1,573 |

Léirítear leis na méideanna cúitimh don phríomhphearsanra bainistíochta atá nochta thuas cúiteamh do na daoine sin a bhfuil an t-údarás agus an fhreagracht acu as pleanáil, stiúradh agus rialú ghníomhaíochtaí an Ghrúpa agus na Cuideachta. San áireamh leo tá comhaltaí an Bhoird agus na feidhmeannaigh shinsearacha. Cuimsíodh leis na Feidhmeannaigh Shinsearacha an POF agus seisear eile le linn 2019 (2018: cúigear) (roinnt acu do chuid den bhliain).

I gcomhréir leis an gCód Cleachtais chun Comhlachtaí Stáit a Rialú, baineann sochair iar-fhostaíochta le híocaíochtaí i dtaca le scéimeanna le ranníocaíocht shainithe. Tá triúr den phríomhphearsanra bainistíochta ina mbaill de scéim le sochar sainithe Choillte CGA agus ní théann na teidlíochtaí dá gcuid níos faide ná téarmaí scéim pinsin eiseamláireach na seirbhíse poiblí.

| 9. Míreanna eisceachtúla | **2019 €'000** | 2018 €'000 |
|---|---|---|
| Arna aithint trí theacht ar bhrabús oibriúcháin: | | |
| Brabús ar dhiúscairt infheistíochtaí feirmeacha gaoithe (nóta A) | **-** | 92,912 |
| Costais ídithe agus costais ghaolmhara maidir le Dóiteáin Foraoise (nóta B) | **-** | (1,777) |
| Amúchadh luathaithe ar tháillí ECA (nóta C) | **-** | (1,279) |
| Aithint costas iarchurtha a bhaineann le tionscadail (nóta D) | **-** | (3,750) |
| | **-** | 86,106 |

# Nótaí a ghabhann leis na Ráitis Airgeadais

### A. Brabús ar dhiúscairt infheistíochtaí feirmeacha gaoithe

Le linn 2018, rinne an Grúpa a sciar 50% a dhiúscairt i Cloosh Valley Wind Farm Holdings DAC agus i Raheenleagh Power DAC in éineacht le sciar 12.5% i Sliabh Bawn Wind Holdings DAC chuig Greencoat Renewables PLC. Sa bhreis air sin, rinne an Grúpa a sciar 50% i Castlepook Power DAC a dhiúscairt chuig ESB Wind Development Limited. Ba ionann an brabús a bhaineann leis na diúscairtí sin agus €92.9m.

### B Costais ídithe & costais ghaolmhara maidir le dóiteáin foraoise

Le linn 2018, bhí roinnt dóiteán foraoise suntasach ann a chuaigh i bhfeidhm ar thart ar 600 heicteár de na foraoisí. Bhí méid iomlán de €1.8m sna costais ghaolmhara maidir le comhrac dóiteáin agus ídiú luathaithe na sócmhainní bitheolaíocha agus aithníodh iad sin mar chostais eisceachtúla in 2018.

### C. Amúchadh luathaithe costas beartaíochta bainc

Mar thoradh ar aisíoc luath na saoráide ECA i Nollaig 2018 rinneadh na costais bheartaíochta a bhí fágtha a bhaineann leis an tsaoráid sin (€1.3m) a dhí-scríobh a bhí á n-aithint thar shaolré na saoráide.

### D. Lagú sócmhainní na bhfeirmeacha gaoithe

Le linn 2018, mar thoradh ar dhá chinneadh dhiúltacha maidir le tionscadail feirmeacha gaoithe rinneadh costais de €3.75m a leagan anuas a bhí iarchurtha roimhe sin.

## 10. Gnóthachain oibriúcháin eile

Bhí méid iomlán de €12.2m (2018: €9.2m) sna gnóthachain oibriúcháin eile, agus baineann siad go léir le brabúis a réadaíodh ar dhiúscairt sócmhainní seasta.

# Nótaí a ghabhann leis na Ráitis Airgeadais

## 11. Ús iníoctha agus muirir chosúla

| | 2019 €'000 | 2018 €'000 |
|---|---|---|
| **Ús infhála agus ioncam cosúil** | | |
| Ús infhála | **(32)** | - |
| **Ús iníoctha agus muirir chosúla** | | |
| Ús ar rótharraingtí bainc agus ar iasachtaí, agus costais bainc ghaolmhara eile | **761** | 2,458 |
| Ús glan ar easnamh pinsin (nóta 14) | **1,060** | 1,480 |
| Leachtú lascaine (nóta 24) | **22** | 21 |
| Costais mhaoinithe eile | **1,082** | 1,501 |
| Ús iomlán iníoctha | **1,843** | 3,959 |
| **Speansas úis ghlain** | **1,811** | 3,959 |

## 12. Díbhinní

### Díbhinní cothromais dearbhaithe agus íoctha ar ghnáthscaireanna:

| | 2019 €'000 | 2018 €'000 |
|---|---|---|
| Díbhinn de €0.02060 in aghaidh na scaire don don bhliain airgeadais dar críoch an 31 Nollaig 2019 | **13,000** | - |
| Díbhinn de €0.02377 in aghaidh na scaire don bhliain airgeadais dar críoch an 31 Nollaig 2018 | **-** | 15,000 |
| | **13,000** | 15,000 |

D'fhaomh an Bord díbhinn de €0.02060 in aghaidh na scaire, €13.0m san iomlán, agus íocadh í i Nollaig 2019. Ba ionann na díbhinní iomlána a íocadh sa bhliain dar críoch an 31 Nollaig 2018 agus €15.0m.

# Nótaí a ghabhann leis na Ráitis Airgeadais

## 13. Cánachas

### (a) Speansas cánach san áireamh leis an gcuntas brabúis agus caillteanais:

| | 2019<br>€'000 | 2018<br>€'000 |
|---|---|---|
| **Cáin reatha:** | | |
| Cáin chorparáideach ag 12.5% | **7,010** | 6,864 |
| Lúide: Faoiseamh um choillte | **(5,174)** | (3,944) |
| Cáin chorparáideach in Éirinn | **1,836** | 2,920 |
| Cáin eachtrach | **23** | 23 |
| Coigeartú maidir le blianta airgeadais roimhe seo | **(1,066)** | (1,058) |
| Cáin ar dhiúscairt sócmhainní seasta ag 33% | **5,556** | 3,114 |
| Cáin reatha iomlán | **6,349** | 4,999 |
| **Cáin iarchurtha:** | | |
| Difríocht um uainiú pinsin | **31** | 144 |
| Athluacháil reádmhaoine infheistíochta | **-** | 1,723 |
| Sócmhainní cánacha iarchurtha nár aithníodh roimhe sin | **(2,557)** | - |
| Difríochtaí uainithe eile | **(917)** | (702) |
| Cáin iarchurtha iomlán | **(3,443)** | 1,165 |
| Cáin iomlán ar bhrabús ar ghníomhaíochtaí gnáthúla* | **2,906** | 6,164 |

# Nótaí a ghabhann leis na Ráitis Airgeadais

### (b) Cáin mar speansas/(ioncam) atá san áireamh leis an ráiteas ar ioncam cuimsitheach eile:

| | 2019 €'000 | 2018 €'000 |
|---|---|---|
| **Cáin reatha:** | - | - |
| **Cáin iarchurtha:** | | |
| Difríocht um uainiú pinsin | **281** | 1,333 |
| Difríochtaí uainithe eile | **(30)** | (48) |
| Muirear cánach iomlán atá san áireamh leis an ráiteas ar ioncam cuimsitheach eile | **251** | 1,285 |

### (c) Réiteach an mhuirir cánach

Tá an cháin arna measúnú don tréimhse níos lú ná ráta caighdeánach na cánach corparáidí i bPoblacht na hÉireann. Mínítear na difríochtaí thíos:

| | 2019 €'000 | 2018 €'000 |
|---|---|---|
| Brabús ar ghníomhaíochtaí gnáthúla roimh cháin | **61,474** | 162,567 |
| Brabús ar ghníomhaíochtaí gnáthúla arna iolrú faoi ráta caighdeánach na cánach i bPoblacht na hÉireann de 12.5% | **7,684** | 20,321 |
| Éifeachtaí: | | |
| Faoiseamh um choillte | **(5,174)** | (3,944) |
| Cáin ar ioncam díolmhaithe seachas brabús ar choillte | **-** | (11,931) |
| Úsáid caillteanas arna dtabhairt ar aghaidh | **-** | (159) |
| Speansais nach bhfuil in-asbhainte chun críocha cánach | **521** | 438 |
| Difríochtaí idir liúntais chaipitil agus dímheas | **3** | (480) |
| Rátaí cánach níos airde ar ghníomhaíochtaí áirithe | **4,050** | 3,482 |
| Cáin eachtrach | **36** | 21 |
| Cáin iarchurtha ar ráta níos airde | **(505)** | - |
| Sócmhainní cánacha iarchurtha nár aithníodh roimhe sin | **(2,557)** | - |
| Coigeartuithe maidir le blianta airgeadais roimhe seo | **(1,066)** | (1,058) |
| Eile | **(86)** | (526) |
| | **2,906** | 6,164 |

# Nótaí a ghabhann leis na Ráitis Airgeadais

## 14. Pinsin

### A. Scéim pinsin le sochar sainithe

Oibríonn an Grúpa scéimeanna pinsin le sochar sainithe i gCoillte CGA agus Medite Europe DAC do mhórchuid na bhfostaithe sna heintitis sin, agus sócmhainní arna gcoimeád i gcistí arna riar go leithleach.

Déantar na costais pinsin a bhaineann le scéimeanna le sochar sainithe an Ghrúpa a mheasúnú i gcomhréir leis an gcomhairle ó achtúirí cáilithe neamhspleácha. Bhí na luachálacha bunaithe ar an aois arna baint amach agus ar mhodh na n-aonad réamh-mheasta creidmheasa agus rinneadh na luachálacha deireanacha amhail an 1 Eanáir 2018 (Medite Europe DAC) agus an 31 Nollaig 2017 (Coillte CGA).

Is iad na toimhdí ag a bhfuil an éifeacht is mó ar thorthaí na luachálacha achtúireacha ná iad siúd a bhaineann leis an gcóimheas toraidh ar infheistíochtaí agus na rátaí méadaithe ar luachanna saothair agus ar phinsin. Glacadh leis go sáródh an cóimheas toraidh ar infheistíochtaí ar an meán na méaduithe ar luachanna saothair bliantúla faoi 1.25% (Coillte CGA) agus faoi 1.4% (Medite Europe DAC) sna luachálacha iomlána deireanacha agus go n-íocfadh Coillte CGA méaduithe ar phinsin de 1.75%. Ní dhearnadh aon fhoráil do mhéaduithe ar phinsin i Medite Europe DAC.

Ba ionann luach margaidh na sócmhainní i scéimeanna le sochar sainithe an Ghrúpa ag na dátaí faoi seach agus €271.1 milliún (Coillte CGA – 31 Nollaig 2017) agus €34.4 milliún (Medite Europe DAC – 1 Eanáir 2018) agus ba ionann na heasnaimh sna scéimeanna sin, agus Cúlchiste an Chaighdeáin Mhaoinithe san áireamh, ag na dátaí sin agus €23.7 milliún (Coillte CGA) agus €4.6 milliún (Medite Europe DAC).

Léiríodh leis na luachálacha go raibh luach achtúireach sócmhainní iomlána na scéime imleor chun 92% de na sochair a chlúdach a bhí fabhraithe do bhaill na scéime comhcheangailte, agus Cúlchiste an Chaighdeáin Mhaoinithe san áireamh, amhail dátaí na luachála. Déanann Coillte CGA agus Medite Europe DAC ranníocaíochtaí lena scéim faoi seach thar ceann na mball ag ráta 25% agus 15.4% faoi seach. Tá na tuarascálacha achtúireacha ar an dá scéim ar fáil do bhaill na scéime, ach ní le himscrúdú ag an bpobal.

Rinneadh íocaíocht teidlíochtaí pinsin roimh an Lá Dílsithe de chuid na bhfostaithe ag dul ar scor tar éis an Lae Dílsithe, rud atá faoi dhliteanas an Aire Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe, a tharmligean don Chuideachta ag an Aire Talmhaíochta, Bia agus Mara faoi alt 44 den Acht Foraoiseachta, 1988. Déanann an tAire Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe íocaíochtaí a dhéanann an Chuideachta i gcomhréir le tarmligean den sórt sin a aisíoc.

Rinne an tÚdarás Pinsean togra maoinithe a cheadú maidir le Scéim Choillte CGA in 2010. Is é cuspóir an togra maoinithe an scéim a thabhairt ar ais go sócmhainneacht iomlán ar bhonn Caighdeáin Mhaoinithe Íosta faoin 31 Nollaig 2020. Éilítear ar Choillte leis an togra maoinithe ranníocaíochtaí breise suntasacha a dhéanamh agus ar fhostaithe chun a ranníocaíochtaí a mhéadú. Aontaíodh comhaontú maoinithe lena ndéantar cuid de théarmaí an togra mhaoinithe a athrú leis na hIontaobhaithe i mí Iúil 2014. Cuirtear roinnt beart malartach i bhfeidhm leis an gcomhaontú sin maidir le haistriú sócmhainní neamhairgid, rud a bhí ina chuid den togra maoinithe bunaidh. San áireamh leis na bearta malartacha sin tá ranníocaíochtaí airgid breise ón gCuideachta thar an tréimhse leis an gciste pinsin. Thug an Chuideachta urrús do na hIontaobhaithe thar shócmhainní foraoiseachta de €20m a bheadh ar fáil do na hIontaobhaithe in imthosca áirithe. Is é atá i gceist leo siúd go ndéanfadh an Chuideachta a dliteanas i leith na scéime a fhoirceannadh nó nach ndéanfadh sí ranníocaíochtaí leis an scéim, foirceannadh na scéime nó scor na Cuideachta den ghnó. Sa bhreis air sin, tugtar faoi deara sa chomhaontú maoinithe go bhfui sé ar intinn ag an gCuideachta méaduithe ar phinsin atá á n-íoc a theorannú amach anseo do mhéaduithe ar an bPraghasinnéacs Tomhaltóirí. Chuir na hIontaobhaithe na hathruithe sin in iúl don Údarás Pinsean agus dhearbhaigh an tÚdarás Pinsean go bhfuil sé sásta leo.

# Nótaí a ghabhann leis na Ráitis Airgeadais

Rinne an tÚdarás Pinsean togra maoinithe a cheadú maidir le Scéim Medite Europe DAC i mí Iúil 2015. Is é cuspóir an togra sin an scéim a chur ar ais ar aon dul le sócmhainneacht iomlán ar bhonn Caighdeáin Mhaoinithe Íosta faoi 2023 agus is é atá i gceist leis ná ranníocaíochtaí airgid thirim breise suntasacha ón gcuideachta sin, ranníocaíochtaí breise ó na fostaithe agus athruithe ar shochair do na baill.

### Seo a leanas na méideanna a aithnítear sa chuntas brabúis agus caillteanais:

| | **2019 €'000** | 2018 €'000 |
|---|---|---|
| Costas reatha na seirbhíse | **4,041** | 5,041 |
| Lúide: Speansais chaipitlithe | **(1,007)** | (1,148) |
| Muirear iomlán sa bhrabús oibriúcháin | **3,034** | 3,893 |
| Speansas úis ghlain | **1,060** | 1,480 |
| Muirear iomlán an chuntais brabúis agus caillteanais | **4,094** | 5,373 |

### Seo a leanas na méideanna a aithnítear sa ráiteas ar ioncam cuimsitheach:

| | **2019 €'000** | 2018 €'000 |
|---|---|---|
| Fáltas ar shócmhainní na scéime gan ioncam úis san áireamh | **29,817** | (12,315) |
| (Caillteanais)/gnóthachain achtúireacha | **(27,590)** | 28,596 |
| Gnóthachain arna dtomhas an athuair a aithnítear sa ráiteas ar ioncam cuimsitheach eile | **2,227** | 16,281 |

Is ionann na ranníocaíochtaí lena bhfuiltear ag súil don bhliain airgeadais dar críoch an 31 Nollaig 2020 agus €8, 294,000.

# Nótaí a ghabhann leis na Ráitis Airgeadais

### Gluaiseachtaí i sócmhainní agus dliteanais na scéime

| | Sócmhainní pinsin €'000 | Dliteanais pinsin €'000 | Easnamh pinsin €'000 |
|---|---|---|---|
| **Amhail an 1 Eanáir 2019** | **299,576** | **(354,689)** | **(55,113)** |
| Sochair íoctha ó shócmhainní an phlean | **(11,027)** | **11,027** | **-** |
| Ranníocaíochtaí fostóra íoctha | **8,267** | **-** | **8,267** |
| Ranníocaíochtaí ó rannpháirtithe sa phlean | **1,087** | **(1,087)** | **-** |
| Costas reatha na seirbhíse | **-** | **(3,799)** | **(3,799)** |
| Speansais riaracháin | **(242)** | **-** | **(242)** |
| Ioncam/(speansas) úis | **6,205** | **(7,265)** | **(1,060)** |
| Gnóthachain/caillteanais arna dtomhas an athuair | | | |
| - Gnóthachain achtúireacha | **-** | **(27,590)** | **(27,590)** |
| - Fáltas ar shócmhainní an phlean gan ioncam úis san áireamh | **29,817** | **-** | **29,817** |
| **Amhail an 31 Nollaig 2019** | **333,683** | **(383,403)** | **(49,720)** |
| | | | |
| Amhail an 1 Eanáir 2018 | 306,228 | (382,575) | (76,347) |
| Sochair íoctha ó shócmhainní an phlean | (13,009) | 13,009 | - |
| Ranníocaíochtaí fostóra íoctha | 11,471 | - | 11,471 |
| Ranníocaíochtaí ó rannpháirtithe sa phlean | 1,190 | (1,190) | - |
| Costas reatha na seirbhíse | - | (4,704) | (4,704) |
| Speansais riaracháin | (334) | - | (334) |
| Ioncam/(speansas) úis | 6,345 | (7,825) | (1,480) |
| Gnóthachain arna dtomhas an athuair | | | |
| - Gnóthachain achtúireacha | - | 28,596 | 28,596 |
| - Fáltas ar shócmhainní an phlean gan ioncam úis san áireamh | (12,315) | - | (12,315) |
| Amhail an 31 Nollaig 2018 | 299,576 | (354,689) | (55,113) |

Chun críocha nochta rinneadh sócmhainní agus dliteanais scéimeanna le sochar sainithe Choillte CGA agus Medite Europe DAC a chomhcheangal. Amhail an 31 Nollaig 2019, ba é an t-easnamh i scéim Choillte CGA €49.5 milliún (2018: easnamh de €53.9 milliún) agus ba é an t-easnamh i scéim Medite Europe DAC €0.2 milliún (2018: easnamh de €1.2 milliún).

# Nótaí a ghabhann leis na Ráitis Airgeadais

**Ba é luach cóir shócmhainní an phlean:**

| | **2019** | 2018 |
|---|---|---|
| | **€'000** | €'000 |
| Cothromais | **105,074** | 86,360 |
| Bannaí | **150,752** | 135,935 |
| Réadmhaoin | **31,037** | 20,714 |
| Eile | **46,820** | 56,567 |
| Luach margaidh iomlán na sócmhainní | **333,683** | 299,576 |

**Ba é an fáltas iarbhír ar shócmhainní an phlean:**

| | **2019** | 2018 |
|---|---|---|
| | **€'000** | €'000 |
| Fáltas iarbhír ar shócmhainní an phlean | **36,022** | (5,970) |

**Príomh-thoimhdí achtúireacha ag dáta an chlár chomhardaithe:**

| | **2019** | 2018 |
|---|---|---|
| Ráta an mhéadaithe ar thuarastail | **1.80%** | 2.00% |
| Ráta an mhéadaithe ar íocaíochtaí pinsin | | |
| - Coillte CGA | **1.30%** | 1.50% |
| - Medite Europe DAC | **0.00%** | 0.00% |
| Ráta lascaine | **1.40%** | 2.10% |
| Boilsciú praghasanna | **1.30%** | 1.50% |
| Básmhaireacht iar-scoir* | | |
| Pinsinéirí reatha ag 65 - Fir | **22.5** | 22.4 |
| Pinsinéirí reatha ag 65 - Mná | **24.4** | 24.3 |
| Pinsinéirí sa todhchaí ag 65 - Fir | **24.2** | 24.1 |
| Pinsinéirí sa todhchaí ag 65 - Mná | **26.2** | 26.1 |

** Tá toimhdí maidir le básmhaireacht sa todhchaí bunaithe ar staitisticí foilsithe agus ar thaithí.*

**B. Scéim pinsin le ranníocaíocht shainithe**

Déanann an Grúpa ranníocaíochtaí freisin le roinnt scéimeanna pinsin le ranníocaíocht shainithe thar ceann fostaithe áirithe nach bhfuil ina mbaill de na scéimeanna le sochar sainithe. Déantar sócmhainní na scéimeanna sin a choimeád go leithleach ó scéimeanna an Ghrúpa nó na Cuideachta i scéimeanna arna riar go neamhspleách. Ba é an costais pinsin don tréimhse €1,394,000 (2018: €1,230,000) agus ní dhearnadh ranníocaíochtaí de €120,000 (2018: €66,000) a aistriú chuig na cistí go dtí deireadh na bliana airgeadais.

# Nótaí a ghabhann leis na Ráitis Airgeadais

### 15. Sócmhainní doláimhsithe

| **A. An Grúpa** | **Nótaí** | **Bogearraí €'000** | **Cáilmheas €'000** | **Iomlán €'000** |
|---|---|---|---|---|
| **Costas** | | | | |
| **Amhail an 1 Eanáir 2019** | | **20,250** | **1,176** | **21,426** |
| **Breiseanna** | | **2,202** | **-** | **2,202** |
| **Diúscairtí - costas** | | **(2,857)** | **-** | **(2,857)** |
| **Amhail an 31 Nollaig 2019** | | **19,595** | **1,176** | **20,771** |
| **Amúchadh carntha** | | | | |
| **Amhail an 1 Eanáir 2019** | | **(8,282)** | **(1,176)** | **(9,458)** |
| **Amúchadh** | | **(2,042)** | **-** | **(2,042)** |
| **Diúscairtí - amúchadh** | | **2,857** | **-** | **2,857** |
| **Amhail an 31 Nollaig 2019** | | **(7,467)** | **(1,176)** | **(8,643)** |
| **Glanmhéideanna de réir na leabhar** | | | | |
| **Amhail an 31 Nollaig 2019** | | **12,128** | **-** | **12,128** |
| **Amhail an 31 Nollaig 2018** | | **11,968** | **-** | **11,968** |
| Costas | | | | |
| Amhail an 1 Eanáir 2018 | | 20,041 | 1,176 | 21,217 |
| Breiseanna | | 2,927 | - | 2,927 |
| Diúscairtí - costas | | (2,718) | - | (2,718) |
| Amhail an 31 Nollaig 2018 | | 20,250 | 1,176 | 21,426 |
| Amúchadh carntha | | | | |
| Amhail an 1 Eanáir 2018 | | (9,232) | (1,176) | (10,408) |
| Amúchadh | | (1,768) | - | (1,768) |
| Diúscairtí - amúchadh | | 2,718 | - | 2,718 |
| Amhail an 31 Nollaig 2018 | | (8,282) | (1,176) | (9,458) |
| Glanmhéid de réir na leabhar | | | | |
| Amhail an 31 Nollaig 2018 | | 11,968 | - | 11,968 |
| Amhail an 31 Nollaig 2017 | | 10,809 | - | 10,809 |

# Nótaí a ghabhann leis na Ráitis Airgeadais

**B. An Chuideachta**

| | Bogearraí<br>€'000 |
|---|---|
| **Costas** | |
| **Amhail an 1 Eanáir 2019** | **18,787** |
| **Breiseanna** | **2,202** |
| **Diúscairtí - costas** | **(2,857)** |
| **Amhail an 31 Nollaig 2019** | **18,132** |
| **Amúchadh carntha** | |
| **Amhail an 1 Eanáir 2019** | **(6,948)** |
| **Amúchadh** | **(1,994)** |
| **Diúscairtí - amúchadh** | **2,857** |
| **Amhail an 31 Nollaig 2019** | **(6,085)** |
| **Glanmhéideanna de réir na leabhar amhail an 31 Nollaig 2019** | **12,047** |
| **Amhail an 31 Nollaig 2018** | **11,839** |
| Costas | |
| Amhail an 1 Eanáir 2018 | 18,710 |
| Breiseanna | 2,795 |
| Diúscairtí - costas | (2,718) |
| Amhail an 31 Nollaig 2018 | 18,787 |
| Amúchadh carntha | |
| Amhail an 1 Eanáir 2018 | (7,947) |
| Amúchadh | (1,719) |
| Diúscairtí - amúchadh | 2,718 |
| Amhail an 31 Nollaig 2018 | (6,948) |
| Glanmhéideanna de réir na leabhar Amhail an 31 Nollaig 2018 | 11,839 |
| Amhail an 31 Nollaig 2017 | 10,763 |

San áireamh le sócmhainní doláimhsithe tá costais bogearraí a tabhaíodh chun Córas Bainistíochta Foraoise an Ghrúpa a fhorbairt, le luach anonn de €9.7 milliún (2018: €7.7 milliún). Níl aon sócmhainn dholáimhsithe aonair ábhartha eile ann. Tá amúchadh sócmhainní doláimhsithe san áireamh le costas díolachán agus speansais riaracháin. Nochtar na saolréanna úsáideacha measta i nóta 3(j).

# Nótaí a ghabhann leis na Ráitis Airgeadais

## 16. Sócmhainní inláimhsithe

| A. An Grúpa | Notes | Talamh | Foirgnimh | Réadmhaoine infheistíochta | Droichid & bóithre foraoise | Meaisínre agus trealamh | Iomlán |
|---|---|---|---|---|---|---|---|
| | | €'000 | €'000 | €'000 | €'000 | €'000 | €'000 |
| **Costas** | | | | | | | |
| **Amhail an 1 Eanáir 2019** | (i) | **354,424** | **35,615** | **25,702** | **316,912** | **182,335** | **914,988** |
| **Diúscairtí** | | **2,456** | **765** | **-** | **8,468** | **13,045** | **24,734** |
| **Breiseanna** | | **(165)** | **(1,085)** | **-** | **-** | **(484)** | **(1,734)** |
| **Amhail an 31 Nollaig 2019** | | **356,715** | **35,295** | **25,702** | **325,380** | **194,896** | **937,988** |
| **Dímheas carntha** | | | | | | | |
| **Amhail an 1 Eanáir 2019** | | **-** | **(26,905)** | **-** | **(179,707)** | **(97,090)** | **(303,702)** |
| **Muirear ar Dhiúscairtí** | | **-** | **(1,216)** | **-** | **(8,135)** | **(11,350)** | **(20,701)** |
| **don bhliain airgeadais** | | **-** | **1,085** | **-** | **-** | **484** | **1,569** |
| **Amhail an 31 Nollaig 2019** | | **-** | **(27,036)** | **-** | **(187,842)** | **(107,956)** | **(322,834)** |
| **Glanmhéideanna de réir na Leabhar** | | | | | | | |
| **Amhail an 31 Nollaig 2019** | | **356,715** | **8,259** | **25,702** | **137,538** | **86,940** | **615,154** |
| **Amhail an 31 Nollaig 2018** | | **354,424** | **8,710** | **25,702** | **137,205** | **85,245** | **611,286** |
| Costas | | | | | | | |
| Amhail an 1 Eanáir 2018 | (i) | 352,751 | 33,488 | 20,481 | 308,528 | 175,614 | 890,862 |
| Breiseanna | | 1,898 | 2,827 | - | 8,384 | 7,715 | 20,824 |
| Diúscairtí | | (225) | (700) | - | - | (994) | (1,919) |
| Barrachas ar athluacháil | | - | - | 5,221 | - | - | 5,221 |
| Amhail an 31 Nollaig 2018 | | 354,424 | 35,615 | 25,702 | 316,912 | 182,335 | 914,988 |
| Dímheas carntha | | | | | | | |
| Amhail an 1 Eanáir 2018 | | - | (26,274) | - | (171,786) | (87,321) | (285,381) |
| Muirear ar Dhiúscairtí | | - | (1,192) | - | (7,921) | (10,832) | (19,945) |
| don bhliain airgeadais | | - | 561 | - | - | 1,063 | 1,624 |
| Amhail an 31 Nollaig 2018 | | - | (26,905) | - | (179,707) | (97,090) | (303,702) |
| Glanmhéideanna de réir na Leabhar | | | | | | | |
| Amhail an 31 Nollaig 2018 | | 354,424 | 8,710 | 25,702 | 137,205 | 85,245 | 611,286 |
| Amhail an 31 Nollaig 2017 | | 352,751 | 7,214 | 20,481 | 136,742 | 88,293 | 605,481 |

# Nótaí a ghabhann leis na Ráitis Airgeadais

| B. An Chuideachta | Notes | Talamh | Foirgnimh | Réadmhaoine infheistíochta | Droichid & bóithre foraoise | Meaisínre agus trealamh | Iomlán |
|---|---|---|---|---|---|---|---|
| | | €'000 | €'000 | €'000 | €'000 | €'000 | €'000 |
| **Costas** | | | | | | | |
| **Amhail an 1 Eanáir 2019** | (i) | **342,642** | **11,142** | **25,702** | **316,914** | **9,344** | **705,744** |
| **Diúscairtí** | | **2,456** | **399** | **-** | **8,466** | **931** | **12,252** |
| **Breiseanna** | | **(165)** | **-** | **-** | **-** | **(296)** | **(461)** |
| **Amhail an 31 Nollaig 2019** | | **344,933** | **11,541** | **25,702** | **325,380** | **9,979** | **717,535** |
| **Dímheas carntha** | | | | | | | |
| **Amhail an 1 Eanáir 2019** | | **-** | **(4,549)** | **-** | **(179,707)** | **(7,352)** | **(191,608)** |
| **Muirear ar Dhiúscairtí** | | **-** | **(243)** | **-** | **(8,135)** | **(820)** | **(9,198)** |
| **don bhliain airgeadais** | | **-** | **-** | **-** | **-** | **296** | **296** |
| **Amhail an 31 Nollaig 2019** | | **-** | **(4,792)** | **-** | **(187,842)** | **(7,876)** | **(200,510)** |
| **Glanmhéideanna de réir na Leabhar** | | | | | | | |
| **Amhail an 31 Nollaig 2019** | | **344,933** | **6,749** | **25,702** | **137,538** | **2,103** | **517,025** |
| **Amhail an 31 Nollaig 2018** | | **342,642** | **6,593** | **25,702** | **137,207** | **1,992** | **514,136** |
| Costas | | | | | | | |
| Amhail an 1 Eanáir 2018 | (i) | 340,969 | 11,750 | 20,481 | 308,528 | 9,728 | 691,456 |
| Breiseanna | | 1,898 | 92 | - | 8,386 | 149 | 10,525 |
| Diúscairtí | | (225) | (700) | - | - | (533) | (1,458) |
| Barrachas ar athluacháil | | - | - | 5,221 | - | - | 5,221 |
| Amhail an 31 Nollaig 2018 | | 342,642 | 11,142 | 25,702 | 316,914 | 9,344 | 705,744 |
| Dímheas carntha | | | | | | | |
| Amhail an 1 Eanáir 2018 | | - | (4,871) | - | (171,786) | (7,154) | (183,811) |
| Muirear ar Dhiúscairtí | | - | (239) | - | (7,921) | (867) | (9,027) |
| don bhliain airgeadais | | - | 561 | - | - | 669 | 1,230 |
| Amhail an 31 Nollaig 2018 | | - | (4,549) | - | (179,707) | (7,352) | (191,608) |
| Glanmhéideanna de réir na Leabhar | | | | | | | |
| Amhail an 31 Nollaig 2018 | | 342,642 | 6,593 | 25,702 | 137,207 | 1,992 | 514,136 |
| Amhail an 31 Nollaig 2017 | | 340,969 | 6,879 | 20,481 | 136,742 | 2,574 | 507,645 |

# Nótaí a ghabhann leis na Ráitis Airgeadais

(i) Luaitear sócmhainní inláimhsithe a rinneadh a tháthcheangal ón Roinn Talmhaíochta, Bia agus Mara ar an Lá Dílsithe (an 1 Eanáir 1989) ar chostas bunaithe ar an méid iomlán a aontaíodh idir an Grúpa agus an tAire Talmhaíochta, Bia agus Mara. Luaitear breiseanna ina dhiaidh sin ar chostas.

(ii) Amhail an 31 Nollaig 2019 bhí méid €1.1m (2018: €1.2m) de bhreiseanna iomlána neamhíoctha agus áiríodh iad laistigh de chreidiúnaithe dlite laistigh de bhliain airgeadais amháin.

### Cuimsítear le luach anonn na talún:

| | An Grúpa | | An Chuideachta | |
|---|---|---|---|---|
| | **2019 €'000** | 2018 €'000 | **2019 €'000** | 2018 €'000 |
| Réadmhaoine infheistíochta ar luach cóir | **25,702** | 25,702 | **25,702** | 25,702 |
| Talamh eile ar chostas | **359,578** | 354,424 | **347,796** | 342,642 |
| | **385,280** | 380,126 | **373,498** | 368,344 |

Cuimsítear go príomha le réadmhaoine infheistíochta an Ghrúpa talamh arna ligean ar cíos d'oibritheoirí feirmeacha gaoithe faoi chomhaontuithe léasa fadtéarma. Rinne CBRE luacháil neamhspleách ar réadmhaoine infheistíochta amhail an 31 Nollaig 2018 ar bhonn luachála margaidh oscailte i gcomhréir le Luacháil RICS - Caighdeáin Dhomhanda 2017 (Leabhar Dearg) arna fhoilsiú ag Institiúid Ríoga na Suirbhéirí Cairte. Thug an luachálaí faoi deara go mbíonn luachanna faoi réir ag athruithe mar gheall ar choigeartuithe an mhargaidh agus fachtóirí eile, agus go bhféadfadh luachanna sa todhchaí a bheith níos airde nó níos ísle ná mar a bhí siad ag dáta na luachála dá bhrí sin. Rinne na Stiúrthóirí luach cóir na réadmhaoine infheistíochta amhail an 31 Nollaig 2019 a chinneadh agus na toimhdí céanna á n-úsáid agus a chuir CBRE i bhfeidhm amhail an 31 Nollaig 2018. Ní dhearnadh athrú ar bith ar luach cóir na réadmhaoine infheistíochta sin amhail an 31 Nollaig 2019.

Áirítear leis na toimhdí suntasacha a bhaineann leis an luacháil:

- An sreabhadh ioncaim ó chíos sa todhchaí. Tá an t-ioncam ó chíos ag brath i bpáirt ar fheidhmíocht na feirme gaoithe.
- Cuireadh raon toraidh de 8.5% go 10.3% i bhfeidhm.

### Réadmhaoine infheistíochta: de chuid an Ghrúpa agus na Cuideachta

| | **2019 €'000** | 2018 €'000 |
|---|---|---|
| Amhail an 1 Eanáir | **25,702** | 20,481 |
| Barrachas ar athluacháil | **-** | 5,221 |
| Amhail an 31 Nollaig | **25,702** | 25,702 |

Ba é costas stairiúil na réadmhaoine infheistíochta amhail an 31 Nollaig 2019 €0.5m (2018: €0.5m).

# Nótaí a ghabhann leis na Ráitis Airgeadais

### 17. Sócmhainní bitheolaíocha

**An Grúpa agus an Chuideachta**

| | Nótaí | **2019 €'000** | 2018 €'000 |
|---|---|---|---|
| **Costas** | | | |
| Amhail an 1 Eanáir | (i)/(ii) | **892,801** | 878,586 |
| Breiseanna | | **33,828** | 28,478 |
| Ídiú | (iii) | **(15,210)** | (14,263) |
| **Amhail an 31 Nollaig** | | **911,419** | 892,801 |
| **Lagú carntha** | | | |
| Amhail an 1 Eanáir agus amhail an 31 Nollaig | | **(62,974)** | (62,974) |
| **Glanmhéideanna de réir na leabhar Amhail an 31 Nollaig** | | **848,445** | 829,827 |

(i) Tuairiscítear sócmhainní foraoise an Ghrúpa mar (a) sócmhainní bitheolaíocha, is é sin plandálacha foraoise seasta, agus mar (b) shócmhainní talún agus bóithre & droichid foraoise (féach nóta 16). Cuimsítear thart ar 359,000 heicteár de thalamh foraoise i bPoblacht na hÉireann le sealúchas foraoise an Ghrúpa mar aon le thart ar 15,300 heicteár de phlandálacha foraoise seasta ar thalamh léasaithe.

(ii) Tá urrús ag Iontaobhaithe na scéime pinsin aoisliúntais thar €20m de shócmhainní foraoise a bheadh ar fáil do na hIontaobhaithe in imthosca áirithe (féach nóta 14).

(iii) Le linn 2018, bhí roinnt dóiteán foraoise suntasach ann a chuaigh i bhfeidhm ar thart ar 600 heicteár de na foraoisí. Ba ionann na costais ídithe luathaithe ghaolmhara a bhaineann leis na sócmhainní bitheolaíocha damáistithe agus €1.2 milliún agus aithníodh iad mar chuid de na costais eisceachtúla sa bhliain sin.

# Nótaí a ghabhann leis na Ráitis Airgeadais

## 18. Infheistíochtaí

**Gnóthais fhochuideachta, chomhfhiontair agus chomhlacha**

**A. An Grúpa**

| | Nótaí | 2019 €'000 | 2018 €'000 |
|---|---|---|---|
| Gnóthais chomhfhiontair | (a) | - | - |
| Gnóthais chomhlacha | (b) | 11,330 | 10,709 |
| | | 11,330 | 10,709 |

**(a) Gnóthais chomhfhiontair**

| | Nótaí | 2019 €'000 | 2018 €'000 |
|---|---|---|---|
| Amhail an 1 Eanáir | | - | 4,983 |
| Athaicmiú na forála do dhliteanais | | - | (2,592) |
| Athaicmiú d'infheistíochtaí i ngnóthais chomhlacha | (iv) | - | 330 |
| Diúscairtí | (ii) | - | (9,121) |
| Sciar sa bhrabús ar chomhfhiontair | (i) | - | 4,034 |
| Sciar in ioncam cuimsitheach/(speansas) eile ó chomhfhiontair | (i) | - | 2,366 |
| **Amhail an 31 Nollaig** | | - | - |

**(b) Infheistíochtaí i ngnóthais chomhlacha**

| | Nótaí | 2019 €'000 | 2018 €'000 |
|---|---|---|---|
| Amhail an 1 Eanáir | | 10,709 | 11,071 |
| Breiseanna | (iii) | 984 | - |
| Sciar sa chaillteanas ó ghnóthais chomhlacha | (iv) | (26) | (362) |
| Sciar in ioncam cuimsitheach eile ó ghnóthais chomhlacha | (iv) | (110) | - |
| Athaicmiú ó chomhfhiontair | (v) | - | (330) |
| Athaicmiú gnóthas comhlach go forálacha (nóta 24) | (iv) | (227) | 330 |
| **Amhail an 31 Nollaig** | | 11,330 | 10,709 |

# Nótaí a ghabhann leis na Ráitis Airgeadais

(i) In 2018 thaifead an Grúpa a sciar 50% i mbrabúis na gcomhfhiontar dá chuid dar mhéid iomlán de €4,034,000. D'aithin an Grúpa a sciar 50% i ngluaiseacht cúlchistí um fhálú ar sreabhadh airgid na gcomhfhiontar dá chuid, arna tiomáint ag athruithe ar luach cóir ionstraimí airgeadais díorthacha na gcomhfhiontar arna n-úsáid chun a neamhchosaint ar riosca ráta úis a fhálú, mar ghnóthachan €2,366,000.

(ii) In 2018, rinne an Grúpa a scairsheilbh 50% a dhiúscairt i Cloosh Valley Wind Farm Holdings DAC agus i Raheenleagh Power DAC in éineacht lena scairsheilbh 25% i Sliabh Bawn Wind Holdings DAC.

(iii) I Nollaig 2019 d'infheistigh an Grúpa €984,000 breise sna hinfheistíochtaí comhcheangailte dá chuid i Tricoya Technologies Limited agus i Tricoya Ventures UK Limited.

(iv) Ba ionann sciar an Ghrúpa de chaillteanais a ghnóthas comhlach agus €26,000 (2018: €362,000) in 2019 agus ba ionann a sciar i speansais chuimsitheacha eile a ghnóthas comhlach agus €110,000 in 2019 (2018: €náid).

Nuair atá sciar na mbrabús de chuid an Ghrúpa i ngnóthas comhlach dearfach, aithnítear suim ghlanluacha infheistíocht an Ghrúpa sa ghnóthas comhlach sin sna hinfheistíochtaí. In 2019 bhí infheistíochtaí i ngnóthais chomhlacha lenar bhain luach infheistíochta dearfach comhionann le €11,330,000 (2018: €10,709,000).

Nuair a sháraíonn sciar na gcaillteanas de chuid an Ghrúpa infheistíocht an Ghrúpa sa ghnóthas comhlach, laghdaítear suim ghlanluacha infheistíocht an Ghrúpa sa ghnóthas comhlach sin go €náid agus aithnítear an t-iarmhéid atá fágtha i bhforálacha le haghaidh dliteanas. Amhail an 31 Nollaig 2019 ba ionann an méid a bhí san áireamh le forálacha do dhliteanais maidir le gnóthais chomhlacha agus €103,000 (2018: €330,000).

(v) Mar thoradh ar dhiúscairt an Ghrúpa de 25% dá scairsheilbh 50% i Sliabh Bawn Wind Holdings DAC in 2018, rinneadh infheistíochtaí an Ghrúpa i Sliabh Bawn Wind Holdings DAC a athaicmiú ó infheistíochtaí i gcomhfhiontair go hinfheistíochtaí i ngnóthais chomhlacha.

**B. An Chuideachta**

| | Nótaí | Gnóthais fhochuideachta €'000 | Gnóthais chomhlacha €'000 | Iomlán €'000 |
|---|---|---|---|---|
| **Scaireanna neamhliostaithe** | | | | |
| Amhail an 1 Eanáir 2019 agus amhail an 31 Nollaig 2019 | | **78,856** | **884** | **79,740** |
| Amhail an 1 Eanáir 2018 | | 78,856 | 2,929 | 81,785 |
| Diúscairtí | | - | (2,045) | (2,045) |
| Amhail an 31 Nollaig 2018 | | 78,856 | 884 | 79,740 |

# Nótaí a ghabhann leis na Ráitis Airgeadais

### Liosta de ghnóthais fhochuideachta, de chomhfhiontair agus de ghnóthais chomhlacha an Ghrúpa

| Gnóthais fhochuideachta | % i Seilbh | Príomhghníomhaíochtaí | Oifig Chláraithe agus Tír an Chorpraithe |
|---|---|---|---|
| Smartply Europe DAC | 100 | Déantúsaíocht cláir sliseog treoshuite (OSB) | Belview, Sliabh Rua, Co. Phort Láirge, Éire. |
| Medite Europe DAC | 100 | Déantúsaíocht cláir snáithínigh mheándhlúis (MDF) | Baile Mhic Réamainn, Cluain Meala, Co. Thiobraid Árann, Éire. |
| Medite Smartply UK Limited (formerly Coillte Panel Products (UK) Limited) | 100 | Margaíocht MEDITE SMARTPLY | Persimmon House, Anchor Boulevard, Crossways Business Park, Dartford, Kent, UK. |

| Gnóthais chomhfhiontair | % i Seilbh | Príomhghníomhaíochtaí | Oifig Chláraithe agus Tír an Chorpraithe |
|---|---|---|---|
| Moylurg Rockingham DAC | 50 | Áineas Foraoise | Páirc Foraoise agus Gníomhaíochta Loch Cé, Mainistir na Búille, Co. Ros Comáin, Éire. |

| Gnóthais chomhlacha | % i Seilbh | Príomhghníomhaíochtaí | Oifig Chláraithe agus Tír an Chorpraithe |
|---|---|---|---|
| Sliabh Bawn Wind Holdings DAC | 37.5 | Fuinneamh Gaoithe | Bóthar Bhaile Átha Cliath, Baile an Chinnéidigh, Co. Chill Mhantáin, Éire. |
| Tricoya Technologies Limited | 10 | Maoin intleachtúil a fhorbairt agus a cheadúnú | Brettenham House, 19 Lancaster Place, Londain, WC2E 7EN. |
| Tricoya Ventures UK Limited | 6 | Sliseanna adhmaid aicéitlithe a tháirgeadh agus a dhíol | Brettenham House, 19 Lancaster Place, Londain, WC2E 7EN. |

I gcomhréir le hAlt 357 Acht na Cuideachtaí 2014, rinne an Chuideachta dliteanais na bhfochuideachtaí faoina húinéireacht iomlán a ráthú agus, mar thoradh air sin, tá na fochuideachtaí sin díolmhaithe ó fhorálacha Alt 347 agus Alt 348 Acht na Cuideachtaí 2014.

# Nótaí a ghabhann leis na Ráitis Airgeadais

## 19. Stoic

| | An Grúpa | | An Chuideachta | |
|---|---|---|---|---|
| | **2019 €'000** | 2018 €'000 | **2019 €'000** | 2018 €'000 |
| Amhábhair agus tomhaltáin | **5,624** | 2,571 | **871** | 744 |
| Páirteanna breise | **4,999** | 5,122 | **-** | - |
| Earraí críochnaithe | **13,311** | 16,453 | **2,802** | 2,574 |
| | **23,934** | 24,146 | **3,673** | 3,318 |

Taispeántar luach an stoic glan ó aon fhorálacha do dhífheidhmeacht agus lagú. Ní dhifríonn costas athsholáthair stoc go hábhartha ón luacháil arna ríomh ar bhonn is túisce isteach is túisce amach.

## 20. Féichiúnaithe

| | An Grúpa | | An Chuideachta | |
|---|---|---|---|---|
| | **2019 €'000** | 2018 €'000 | **2019 €'000** | 2018 €'000 |
| Féichiúnaithe trádála | **42,319** | 43,720 | **20,011** | 22,108 |
| Méideanna dlite ó ghnóthais fhochuideachta | **-** | - | **70,312** | 69,852 |
| Méideanna dlite ó ghnóthais chomhfhiontair/chomhlacha | **397** | 1,297 | **13,837** | 14,737 |
| Plandálacha foraoise atá le plandú (nóta 24) | **37,478** | 42,449 | **37,478** | 42,449 |
| Cáin iarchurtha (nóta 24) | **4,474** | 1,759 | **2,221** | 1,603 |
| Ionstraimí airgeadais díorthacha (nóta 23) | **67** | 949 | **2** | 371 |
| Deontais infhála | **460** | 452 | **460** | 452 |
| Cáin Chorparáideach | **-** | 104 | **66** | 9 |
| Féichiúnaithe eile | **27,945** | 21,095 | **27,945** | 21,095 |
| Réamhíocaíochtaí | **1,812** | 3,257 | **949** | 1,689 |
| | **114,952** | 115,082 | **173,281** | 174,365 |

Luaitear féichiúnaithe trádála tar éis forálacha do lagú de €1,751,000 (2018: €1,029,000). Tá na méideanna atá dlite ó ghnóthais fhochuideachta, chomhfhiontair agus chomhlacha neamhurraithe, saor ó ús, agus níl aon dáta socraithe i gceist lena n-aisíocaíocht agus tá siad in-aisíoctha ar éileamh.

# Nótaí a ghabhann leis na Ráitis Airgeadais

## 21. Creidiúnaithe: méideanna atá dlite laistigh de bhliain airgeadais amháin

| | An Grúpa | | An Chuideachta | |
|---|---|---|---|---|
| | **2019 €'000** | 2018 €'000 | **2019 €'000** | 2018 €'000 |
| Creidiúnaithe trádála | **11,347** | 11,337 | **9,425** | 6,680 |
| Cáin agus árachas sóisialta | **3,730** | 2,031 | **1,456** | 1,869 |
| Fabhruithe | **46,954** | 42,479 | **28,446** | 26,981 |
| Ionstraimí airgeadais díorthacha (nóta 23) | **2,412** | 139 | **914** | - |
| Méideanna dlite do ghnóthais fhochuideachta | **-** | - | **69,372** | 69,481 |
| Méideanna atá dlite do gnóthais chomhfhiontair | **33** | 33 | **33** | 33 |
| | **64,476** | 56,019 | **109,646** | 105,044 |

| **Cuimsítear le cáin agus árachas sóisialta:** | **2019 €'000** | 2018 €'000 | **2019 €'000** | 2018 €'000 |
|---|---|---|---|---|
| ÍMAT/ÁSPC | **1,928** | 944 | **852** | 809 |
| CBL | **1,146** | 637 | **345** | 614 |
| Cáin chorparáideach agus cáin ghnóthachan caipitiúil | **375** | - | **-** | - |
| Eile | **281** | 450 | **259** | 446 |
| | **3,730** | 2,031 | **1,456** | 1,869 |

Tá creidiúnaithe trádála agus creidiúnaithe eile iníoctha ag dátaí éagsúla sna trí mhí le teacht tar éis dheireadh na bliana airgeadais, i gcomhréir le téarmaí creidmheasa gnáthúla agus gnácha na gcreidiúnaithe. Tá teideal forchoimeádta ag creidiúnaithe trádála dar luach €3,989,000 (2018: €4,133,000) ar earraí a soláthraíodh.

Tá creidiúnaithe maidir le cáin agus árachas sóisialta iníoctha sa fhráma ama atá leagtha síos sa reachtaíocht ábhartha.

Tá méideanna atá dlite do ghnóthais fhochuideachta agus do ghnóthais chomhfhiontair neamhurraithe, saor ó ús, agus níl aon dáta socraithe i gceist lena n-aisíocaíocht agus tá siad in-aisíoctha ar éileamh.

# Nótaí a ghabhann leis na Ráitis Airgeadais

### 22. Creidiúnaithe: méideanna atá dlite tar éis níos mó ná bliain airgeadais amháin

| Iasachtaí Bainc | An Grúpa | | An Chuideachta | |
|---|---|---|---|---|
| | **2019 €'000** | 2018 €'000 | **2019 €'000** | 2018 €'000 |
| Iasachtaí, agus iad uile in-aisíoctha tar éis níos mó ná 5 bliana | **89,536** | 89,292 | **89,536** | 89,292 |

| Cuimsítear le hiasachtaí agus fiachas eile: | An Grúpa | | An Chuideachta | |
|---|---|---|---|---|
| | **2019 €'000** | 2018 €'000 | **2019 €'000** | 2018 €'000 |
| **Sonraí na n-iasachtaí agus an fhiachais eile** | | | | |
| Saoráid BEI | **90,000** | 90,000 | **90,000** | 90,000 |
| Costais idirbheartaíochta | **(464)** | (708) | **(464)** | (708) |
| | **89,536** | 89,292 | **89,536** | 89,292 |

### Saoráidí an Ghrúpa

| | Saoráid ar Fáil €'m | Tarraingthe Anuas amhail an 31 Nollaig 2019 €'m |
|---|---|---|
| Tá saoráidí iomlána dar luach €185m ar fáil don Ghrúpa ag deireadh na bliana lena gcuimsítear: | | |
| • saoráid creidmheas imrothlaigh ('RCF') shindeacáitithe (i) | 90.0 | - |
| • saoráid rótharraingthe bainc | 5.0 | - |
| • saoráid ón mBanc Eorpach Infheistíochta (ii) | 90.0 | 90.0 |

(i) Rinneadh an RCF a idirbheartú ar dtús in 2016 agus baineann téarma sheacht mbliana léi go dtí 2023. Tabhaíonn tarraingtí ús ar chorrlach idir 1% agus 2.5%, ag brath ar fheidhmíocht an Ghrúpa sa tréimhse tuairiscithe roimhe sin. Tá an corrlach sa bhreis ar mhuirear comhlúthach Euribor, agus tá táille ceangaltais iníoctha ar aon chion neamhúsáidte den tsaoráid ar ráta 0.35% den chorrlach infheidhme.

(ii) I Nollaig 2016, rinne an Grúpa comhaontú saoráide 10 mbliana le haghaidh €90m leis an mBanc Eorpach Infheistíochta, ar a ndearnadh tarraingt i Eanáir 2017 ar ráta seasta 0.743% le haghaidh thréimhse sé bliana, agus ina dhiaidh sin agus is féidir leis an nGrúpa cinneadh a dhéanamh bonn ríofa seasta nó comhlúthach a ghlacadh do na ceithre bliana atá fágtha den chomhaontú.

Bhí saoráidí neamhtharraingthe de €95m (2018: €95m) ag an nGrúpa amhail an 31 Nollaig 2019.

# Nótaí a ghabhann leis na Ráitis Airgeadais

## 23. Ionstraimí airgeadais

| A. Financial assets and liabilities: | An Grúpa | | An Chuideachta | |
|---|---|---|---|---|
| | **2019 €'000** | 2018 €'000 | **2019 €'000** | 2018 €'000 |
| **Sócmhainní airgeadais arna dtomhas ar luach cóir trí bhrabús nó caillteanas:** | | | | |
| **Réamhchonarthaí airgeadra eachtraigh** | **67** | 949 | **2** | 371 |
| **Sócmhainní airgeadais atá ina n-ionstraimí fiachais arna dtomhas ar chostais amúchta:** | | | | |
| Féichiúnaithe trádála (nóta 20) | **42,319** | 43,720 | **20,011** | 22,108 |
| Méideanna dlite ó ghnóthais fhochuideachta (nóta 20) | **-** | - | **70,312** | 69,852 |
| Méideanna dlite ó ghnóthais chomhfhiontair/chomhlacha (nóta 20) | **397** | 1,297 | **13,837** | 14,737 |
| Féichiúnaithe eile (nóta 20) | **27,945** | 21,095 | **27,945** | 21,095 |
| Deontais infhála (nóta 20) | **460** | 452 | **460** | 452 |
| | **71,121** | 66,564 | **132,565** | 128,244 |
| **Dliteanais airgeadais arna dtomhas ar luach cóir trí bhrabús agus caillteanas:** | | | | |
| **Réamhchonarthaí airgeadra eachtraigh** | **(2,412)** | (139) | **(914)** | - |
| **Dliteanais airgeadais atá ina n-ionstraimí fiachais arna dtomhas ar chostais amúchta:** | | | | |
| Creidiúnaithe trádála (nóta 21) | **(11,347)** | (11,337) | **(9,425)** | (6,680) |
| Méideanna dlite do ghnóthais fhochuideachta (nóta 21) | **-** | - | **(69,372)** | (69,481) |
| Méideanna atá dlite do gnóthais chomhfhiontair (nóta 21) | **(33)** | (33) | **(33)** | (33) |
| Iasachtaí (nóta 22) | **(89,536)** | (89,292) | **(89,536)** | (89,292) |
| | **(100,916)** | (100,662) | **(168,366)** | (165,486) |

# Nótaí a ghabhann leis na Ráitis Airgeadais

**B. Ionstraimí airgeadais díorthacha:**

### An Grúpa

Úsáideann an Grúpa réamhchonarthaí airgeadra eachtraigh chun neamhchosaint ar airgeadra a fhálú maidir le hidirbhearta díolachán réamhaisnéisithe an-dóchúla. Roghnaigh an Grúpa chun cuntasaíocht um fhálú a chur i bhfeidhm.

### Réamhchonarthaí airgeadra eachtraigh

Úsáideann an Grúpa comhcheangal d'ionstraimí airgeadais, eadhon réamhchonarthaí gnáthúla agus réamhchonarthaí meánráta.

Amhail an 31 Nollaig 2019, tiocfaidh na réamhchonarthaí gnáthúla uile atá dlite in aibíocht laistigh de 12 mhí (2018: 12 mhí) ó dheireadh na bliana airgeadais, agus tá €61.3m le teacht in aibíocht in 2020. Tá an Grúpa conraithe chun Stg £53.6 milliún (2018: Stg £62.4 milliún) a dhíol agus gheobhaidh sé méid seasta in euro mar mhalairt air sin. Tá an Grúpa conraithe chun USD $Náid milliún (2018: USD $2.0 milliún) a cheannach agus íocfaidh sé méid seasta in euro mar mhalairt air sin.

Amhail an 31 Nollaig 2019 bhí réamhchonarthaí meánráta amuigh ag an nGrúpa dar mhéid barúlach £19.0 milliún (2018: £21.0 milliún), mar a íocfaidh an Grúpa an difríocht idir an meánráta malairte bunaithe ar bhreithnithe ar eolas agus an praghas ceangail.

Déantar na réamhchonarthaí airgeadra eachtraigh a thomhas ar luach cóir, rud a dhéantar a chinneadh agus teicnící éagsúla á n-úsáid a úsáideann ionchuir inbhraite. Is iad na príomhthoimhdí a úsáidtear chun na díorthaigh a luacháil ná na rátaí réamh-mhalairte do Euro /Stg£ agus Euro/US$. Amhail an 31 Nollaig 2019, baineann luach cóir diúltach leis na réamhchonarthaí airgeadra eachtraigh de €2,345,000 (2018: €810,000 dearfach). Le linn 2019, aithníodh caillteanas fálaithe de €2,604,000 (2018: €807,000 mar ghnóthachan) sa ráiteas ar ioncam cuimsitheach eile maidir leis na hathruithe ar luach cóir na réamhchonarthaí airgeadra eachtraigh agus rinneadh €398,000 (2018: €1,345,000) a athaicmiú ón gcúlchiste fálaithe chuig an gcuntas brabúis agus caillteanais.

### Babhtálacha ráta úis

Amhail an 31 Nollaig 2019 agus 2018, ní raibh aon bhabhtálacha ráta úis amuigh ag an nGrúpa.

### An Chuideachta

Úsáideann an Chuideachta réamhchonarthaí airgeadra eachtraigh chun neamhchosaint ar airgeadra a fhálú maidir le hidirbhearta díolachán réamhaisnéisithe an-dóchúla. Roghnaigh an Chuideachta chun cuntasaíocht um fhálú a chur i bhfeidhm.

### Réamhchonarthaí airgeadra eachtraigh

Amhail an 31 Nollaig 2019, tiocfaidh na réamhchonarthaí uile amuigh in aibíocht laistigh de 12 mhí ó dheireadh na bliana airgeadais. Rinne an Chuideachta réamhchonarthaí meánráta dar mhéid barúlach £19.0 milliún (2018: £21.0 milliún), mar a íocfaidh an Chuideachta an difríocht idir an meánráta malairte bunaithe ar bhreithnithe ar eolas agus an praghas ceangail. Amhail an 31 Nollaig 2019, baineann luach cóir diúltach leis na réamhchonarthaí airgeadra eachtraigh de €0.9 milliún (2018: €0.3 milliún dearfach).

### Babhtálacha ráta úis

Déantar neamhchosaint na Cuideachta ar ráta úis a bhainistiú tríd an tsaoráid €90.0m ón mBanc Eorpach Infheistíochta, ar a ndearnadh tarraingt go luath in 2017 ar ráta seasta 0.743% le haghaidh thréimhse sé bliana.

# Nótaí a ghabhann leis na Ráitis Airgeadais

## 24. Forálacha do dhliteanais

| A. An Grúpa | Foráil d'athphlandú plandálacha foraoise glanleagtha | Gnóthais chomhf hiontair | Gnóthais chomhlacha | Dlíthiúil agus eile forálacha | Iarchurtha cáin | Iomlán |
|---|---|---|---|---|---|---|
| | €'000 | €'000 | €'000 | €'000 | €'000 | €'000 |
| **Amhail an 1 Eanáir 2019** | **42,449** | **-** | **330** | **2,915** | **9,700** | **55,394** |
| **Breiseanna** | **-** | **-** | **-** | **1,088** | **-** | **1,088** |
| **Méideanna arna gcur chun dochair na forála** | **(4,971)** | **-** | **(227)** | **(284)** | **(476)** | **(5,958)** |
| **Méideanna neamhúsáidte aisiompaithe** | **-** | **-** | **-** | **(71)** | **-** | **(71)** |
| **Leachtú lascaine** | **-** | **-** | **-** | **22** | **-** | **22** |
| **Amhail an 31 Nollaig 2019** | **37,478** | **-** | **103** | **3,670** | **9,224** | **50,475** |

| | Foráil d'athphlandú plandálacha foraoise glanleagtha | Gnóthais chomhf hiontair | Gnóthais chomhlacha | Dlíthiúil agus eile forálacha | Iarchurtha cáin | Iomlán |
|---|---|---|---|---|---|---|
| | €'000 | €'000 | €'000 | €'000 | €'000 | €'000 |
| Amhail an 1 Eanáir 2018 | 44,193 | 2,592 | - | 2,778 | 8,728 | 58,291 |
| Breiseanna | - | - | - | 308 | 1,723 | 2,031 |
| Athaicmiú d'infheistíochtaí | - | (2,592) | - | - | - | (2,592) |
| Athaicmiú do ghnóthais chomhlacha | - | - | 330 | - | - | 330 |
| Méideanna arna gcur chun dochair na forála | (1,744) | - | - | (100) | (751) | (2,595) |
| Méideanna neamhúsáidte aisiompaithe | - | - | - | (92) | - | (92) |
| Leachtú lascaine | - | - | - | 21 | - | 21 |
| Amhail an 31 Nollaig 2018 | 42,449 | - | 330 | 2,915 | 9,700 | 55,394 |

| B. An Chuideachta | Foráil d'athphlandú plandálacha foraoise glanleagtha | Dlíthiúil agus eile forálacha | Iarchurtha cáin | Iomlán |
|---|---|---|---|---|
| | €'000 | €'000 | €'000 | €'000 |
| **Amhail an 1 Eanáir 2019** | **42,449** | **1,064** | **8,348** | **51,861** |
| **Breiseanna** | **-** | **220** | **-** | **220** |
| **Méideanna arna gcur chun dochair na forála** | **(4,971)** | **(128)** | **-** | **(5,099)** |
| **Amhail an 31 Nollaig 2019** | **37,478** | **1,156** | **8,348** | **46,982** |
| Amhail an 1 Eanáir 2018 | 44,193 | 1,081 | 6,625 | 51,899 |
| Breiseanna | - | 89 | 1,723 | 1,812 |
| Méideanna arna gcur chun dochair na forála | (1,744) | (106) | - | (1,850) |
| Amhail an 31 Nollaig 2018 | 42,449 | 1,064 | 8,348 | 51,861 |

# Nótaí a ghabhann leis na Ráitis Airgeadais

**Foráil d'athphlandú**
Déantar foráil in Alt 49(3) den Acht Foraoiseachta 1946 agus in Alt 17(4) den Acht Foraoiseachta 2014 d'oibleagáid athphlandaithe reachtúil maidir le ceadúnais leagain uile arna n-eisiúint don Ghrúpa. Aithníodh foráil le haghaidh foraoisí glanleagtha a athphlandú thar an dá bhliain airgeadais atá le teacht. Aithnítear na costais ghaolmhara mar shócmhainn reatha, 'plandálacha foraoise le hathphlandú', laistigh d'fhéichiúnaithe (nóta 20).

**Forálacha dlíthiúla agus forálacha eile**
Fostaíonn an Grúpa foireann intí chun na héilimh uile in éadan an Ghrúpa a bhainistiú. Bhunaigh sé Coiste Forálacha Dliteanas freisin a thagann le chéile ceithre huaire in aghaidh na bliana airgeadais chun na forálacha maidir le héilimh dhlíthiúla a mheasúnú arna moladh ag an bhfoireann intí. Tá an Coiste comhdhéanta den lucht bainistíochta sinsearaí agus ionadaí bhróicéirí árachais an Ghrúpa.

Tá úsáid na forála ag brath ar uainiú réiteach na n-éileamh amuigh.

**Cáin iarchurtha**
**Seo a leanas an cháin iarchurtha sa chlár comhardaithe:**

| | An Grúpa | | An Chuideachta | |
|---|---|---|---|---|
| | **2019 €'000** | 2018 €'000 | **2019 €'000** | 2018 €'000 |
| San áireamh le féichiúnaithe (nóta 20) | **4,474** | 1,759 | **2,221** | 1,603 |
| San áireamh le forálacha do dhliteanais (nóta 24) | **(9,224)** | (9,700) | **(8,348)** | (8,348) |
| | **(4,750)** | (7,941) | **(6,127)** | (6,745) |

**Cuimsítear le glandliteanas na cánach iarchurtha:**

| | An Grúpa | | An Chuideachta | |
|---|---|---|---|---|
| | **2019 €'000** | 2018 €'000 | **2019 €'000** | 2018 €'000 |
| Caillteanais tugtha ar aghaidh | **2,120** | - | **-** | - |
| Liúntais chaipitil luathaithe | **(1,010)** | (1,435) | **-** | - |
| Pinsean le sochar sainithe | **1,439** | 1,754 | **1,408** | 1,603 |
| Ionstraimí airgeadais díorthacha | **236** | 88 | **-** | - |
| Athluacháil reádmhaoine infheistíochta | **(8,348)** | (8,348) | **(8,348)** | (8,348) |
| Difríochtaí uainithe eile | **813** | - | **813** | - |
| | **(4,750)** | (7,941) | **(6,127)** | (6,745) |

In 2019, d'aithin an Grúpa sócmhainn cánach iarchurtha dar luach €2,557,000 mar thoradh ar chaillteanais tugtha ar aghaidh i gceann amháin de ghnóthais fhochuideachta an Ghrúpa. Níor aithníodh an tsócmhainn sin sna blianta roimhe mar gheall ar an timpeallacht trádála ag an am. Ba ionann luach na sócmhainne neamhaitheanta sin amhail an 31 Nollaig 2018 agus €2,669,000.

# Nótaí a ghabhann leis na Ráitis Airgeadais

## 25. Deontais rialtais iarchurtha

| An Grúpa & an Chuideachta | Foraoisiú €'000 | Bóithre foraoise €'000 | Eile €'000 | Iomlán €'000 |
|---|---|---|---|---|
| **Amhail an 1 Eanáir 2019** | **102,310** | **23,219** | **131** | **125,660** |
| **Faighte le linn na bliana** | **9** | **217** | **-** | **226** |
| | **102,319** | **23,436** | **131** | **125,886** |
| **Amúchta le linn na bliana** | **(757)** | **(1,059)** | **(6)** | **(1,822)** |
| **Amhail an 31 Nollaig 2019** | **101,562** | **22,377** | **125** | **124,064** |
| Amhail an 1 Eanáir 2018 | 102,819 | 23,769 | 201 | 126,789 |
| Breiseanna/diúscairtí le linn na bliana | (26) | 501 | - | 475 |
| | 102,793 | 24,270 | 201 | 127,264 |
| Amúchta le linn na bliana | (483) | (1,051) | (70) | (1,604) |
| Amhail an 31 Nollaig 2018 | 102,310 | 23,219 | 131 | 125,660 |

**Deontais rialtais foraoiseachta**
Fuair an Grúpa deontais caipitil rialtais le haghaidh foraoisithe agus le haghaidh bóithre foraoise a thógáil. Éiríonn deontais rialtais a fuarthas in-aisíoctha mura gcloítear le coinníollacha áirithe, de réir mar atá leagtha armach sna comhaontuithe. Baineann an ceann is suntasaí de na coinníollacha sin le deontais le haghaidh foraoisithe. Ní mór plandálacha a chothabháil agus a chosaint go himleor le haghaidh thréimhse deich mbliana nó fiche bliain tar éis dháta íocaíochta an deontais, agus má theiptear air sin d'fhéadfadh cistí uile an deontais nó cuid díobh a bheith in-aisíoctha.

## 26. Scairchaipiteal glaoite

| | **2019 €'000** | 2018 €'000 |
|---|---|---|
| Gnáthscaireanna €1.26 an ceann Údaraithe | **1,260,000** | 1,260,000 |
| Leithdháilte, eisithe agus íoctha go hiomlán – curtha i láthair mar chothromas | **795,060** | 795,060 |

Tá aicme amháin ann de ghnáthscaireanna. Níl aon srianta ar dháileadh díbhinní nó ar aisíocaíocht caipitil.

# Nótaí a ghabhann leis na Ráitis Airgeadais

## 27. Cúlchistí eile

### Caipiteal gan ainmniú

Le linn na bliana airgeadais dar críoch an 31 Nollaig 2001, i gcomhréir leis an Acht um Aontas Eacnamaíoch agus Airgeadaíochta, 1998, rinneadh an scairchaipiteal a athainmniú in Euro agus socraíodh luach ainmniúil nua dó ag €1.26. Mar thoradh air sin laghdaíodh an scairchaipiteal arna eisiúint agus arna íoc go hiomlán faoi €6,145,000 agus aistríodh an méid sin go dtí an gcúlchiste comhshóite caipitil.

### Cúlchiste um fhálú ar an sreabhadh airgid

Baintear úsáid as an gcúlchiste um fhálú ar an sreabhadh airgid chun idirbhearta a thaifeadadh a eascraíonn ó shocruithe um fhálú ar an sreabhadh airgid de chuid an Ghrúpa.

### Tuilleamh coinnithe

San áireamh le tuilleamh coinnithe an Ghrúpa agus na Cuideachta tá €16.9m de ghnóthachain neamhréadaithe arb ionann iad agus gnóthachan ar athluacháil réadmhaoine infheistíochta de €25.2m agus foráil cánach iarchurtha ghaolmhar de €8.3m. Go dtí go ndéanfar iad sin a réadú, ní féidir leis an gCuideachta na gnóthachain neamhréadaithe sin a dháileadh do na scairshealbhóirí.

## 28. Caiteachas caipitiúil todhchaíoch nach ndearnadh foráil do

| | **2019**<br>**€'000** | 2018<br>€'000 |
|---|---|---|
| Ar conradh | **3,154** | 4,864 |
| Údaraithe ag na Stiúrthóirí ach conradh ar bith ann ina leith | **103,139** | 78,779 |
| Amhail an 31 Nollaig | **106,293** | 83,643 |

# Nótaí a ghabhann leis na Ráitis Airgeadais

## 29. Léasanna

### Comhaontuithe léasanna oibriúcháin nuair is é an Grúpa an léasaí

Bhí na híocaíochtaí léasa íosta todhchaíocha a leanas ag an nGrúpa agus ag an gCuideachta faoi léasanna oibriúcháin dochealaithe maidir le gach ceann de na tréimhsí a leanas:

| | An Grúpa | | An Chuideachta | |
|---|---|---|---|---|
| | **2019 €'000** | 2018 €'000 | **2019 €'000** | 2018 €'000 |
| **Íocaíochtaí dlite:** | | | | |
| Laistigh de bhliain airgeadais amháin | **2,112** | 1,856 | **1,863** | 1,576 |
| Idir dhá bhliain airgeadais agus cúig bliana airgeadais | **6,341** | 5,298 | **5,655** | 4,542 |
| Níos mó ná cúig bliana airgeadais | **10,450** | 9,359 | **10,450** | 9,291 |
| | **18,903** | 16,513 | **17,968** | 15,409 |

San áireamh leis na ceangaltais, tá 60 acra léasaithe ag Smartply Europe DAC ar a bhfuil a shaoráid tógtha ó Choimisinéirí Chalafort Phort Láirge agus ó Chomhairle Contae Chill Chainnigh. Rachaidh an comhaontú léasa as feidhm in 2034, tá sé in-athnuaite ag idirthréimhsí chúig bliana airgeadais ina dhiaidh sin agus déantar foráil d'athbhreithnithe ar an gcíos gach cúig bliana. Tá rogha ag an gcuideachta an léasa a fhoirceannadh an 25 Iúil 2024. Tá ceangaltas ag an gcuideachta, faoi théarmaí an léasa, tonnáiste áirithe de tháirgí críochnaithe a sheoladh trí Chalafort Phort Láirge gach bliain airgeadais. Amhail an 31 Nollaig 2019 bhí ceangal ar an gcuideachta chun íocaíocht bhliantúil dar luach €112,000 (2018: €112,000) a dhéanamh maidir leis na hoibleagáidí léasa sin. Ar scor den léasa agus ar imeacht ón láithreán, éilítear ar an gcuideachta gléasra, trealamh, rothstoc agus fardal uile a bhaint uaidh agus chun seilbh shoiléir agus ghlan a thabhairt don léasóir ar an áitreabh, ar na bunsraitheanna agus ar na feistis. Rinneadh foráil don dliteanas díchoimisiúnaithe sin. Tá an fhoráil sin san áireamh leis na forálacha eile (féach nóta 24).

# Nótaí a ghabhann leis na Ráitis Airgeadais

### Comhaontuithe léasanna oibriúcháin nuair is é an Grúpa an léasóir

Tá talamh i seilbh ag an nGrúpa atá ligthe ar cíos d'oibritheoirí feirmeacha gaoithe mar réadmhaoine infheistíochta de réir mar atá nochta i nóta 16. Tá téarmaí de thimpeall ar 22 bliain airgeadais fágtha maidir le socruithe léasa suntasacha an Ghrúpa. Sa bhreis ar an gcíos íosta, is féidir leis an nGrúpa cíos teagmhasach a fháil bunaithe ar fheidhmíocht na bhfeirmeacha gaoithe aonair. Déantar an cíos íosta a choigeartú maidir le méaduithe ar an bPraghasinnéacs Tomhaltóirí gach bliain nó gach cúig bliana.

Seo a leanas cíosanna íosta todhchaíocha infhála an Ghrúpa agus na Cuideachta faoi léasanna oibriúcháin dochealaithe:

| | An Grúpa & an Chuideachta | |
|---|---|---|
| | **2019** | 2018 |
| | **€'000** | €'000 |
| **Fáltais dlite:** | | |
| Laistigh de bhliain airgeadais amháin | **2,467** | 2,566 |
| Idir dhá bhliain airgeadais agus cúig bliana airgeadais | **10,663** | 11,159 |
| Níos mó ná cúig bliana airgeadais | **46,684** | 51,643 |
| | **59,814** | 65,368 |

## 30. Teagmhasachtaí agus ceangaltais

### An Grúpa agus an Chuideachta

#### A. Iontaobhas Aonaid Foraoiseachta na hÉireann

Cuirtear ceangal ar an nGrúpa le gníomhas iontaobhais Iontaobhas Aonaid Foraoiseachta na hÉireann leachtacht a sholáthar don chiste más gá léi. Leis an gceangaltas sin éileofaí ar an nGrúpa chun foraoisí a cheannach ó Iontaobhas Aonaid Foraoiseachta na hÉireann lena léireofaí suas le 15% de luach an chiste. Tá sé sin faoi réir ag teorainn bhliantúil de 5% de luach an chiste nó €4,400,000. Is é an méid uasta ar féidir éileamh ar an nGrúpa é a cheannach ná €38,000,000.

#### B. Sócmhainn Foraoise Neamhaibí

Tá urrús ag Iontaobhaithe na scéime pinsin aoisliúntais thar €20m de shócmhainní foraoise a bheadh ar fáil do na hIontaobhaithe in imthosca áirithe (nóta 14).

# Nótaí a ghabhann leis na Ráitis Airgeadais

## 31. Nótaí le Ráiteas an Ghrúpa ar Shreafaí Airgid

### A. Réiteach brabúis go glansreabhadh airgid ó ghníomhaíochtaí oibriúcháin

| | Nótaí | 2019 €'000 | 2018 €'000 |
|---|---|---|---|
| **Brabús don bhliain airgeadais** | | **58,568** | 156,403 |
| Coigeartuithe i leith: | | | |
| Amúchadh sócmhainní doláimhsithe | 15 | **2,042** | 1,768 |
| Dímheas ar shócmhainní inláimhsithe | 16 | **20,701** | 19,945 |
| Brabús ó dhiúscairt sócmhainní inláimhsithe | | **(12,205)** | (9,177) |
| Brabús ó dhíolachán infheistíochtaí i gcomhfhiontair | 9 | **-** | (92,912) |
| Gnóthachan ar athluacháil reádmhaoine infheistíochta | 16 | **-** | (5,221) |
| Míreanna eisceachtúla eile | 9 | **-** | 6,806 |
| Ídiú sócmhainní bitheolaíocha | 17 | **15,210** | 13,019 |
| Amúchadh deontas | 25 | **(1,822)** | (1,604) |
| Sciar de bhrabúis ó chomhfhiontair | | **-** | (4,034) |
| Sciar de chaillteanais na ngnóthas comhlach | | **26** | 362 |
| Ús iníoctha | 11 | **761** | 2,458 |
| Ús infhála | 11 | **(32)** | - |
| Costais mhaoinithe eile | 11 | **1,082** | 1,501 |
| Cánachas | 13 | **2,906** | 6,164 |
| Gluaiseachtaí i bhforálacha do dhliteanais[1] | | **755** | 137 |
| An difríocht idir muirear pinsin agus ranníocaíochtaí airgid | | **(4,226)** | (6,433) |
| **Gluaiseachtaí i gcaipiteal oibre:** | | | |
| Laghdú/(méadú) ar stoc | | **212** | (732) |
| Méadú ar fhéichiúnaithe[2] | | **(4,004)** | (1,081) |
| Méadú/(laghdú) ar chreidiúnaithe[3] | | **5,423** | (1,665) |
| **Glan-insreabhadh airgid ó ghníomhaíochtaí oibriúcháin roimh íoc cánach** | | **85,397** | 85,704 |

*[1] Gan foráil d'athphlandú plandálacha foraoise glanleagtha, do ghnóthais chomhfhiontair agus chomhlacha agus foráil do cháin iarchurtha san áireamh.*

*[2] Gan deontais caipitil infhála, cáin chorparáideach, méideanna dlite ó ghnóthais chomhfhiontair/chomhlacha, plandálacha foraoise atá le plandú, sócmhainn cánach iarchurtha agus an t-athrú ar luach cóir na n-ionstraimí airgeadais díorthacha (sócmhainní) arna n-aithint sa ráiteas ar ioncam cuimsitheach eile san áireamh.*

*[3] Gan rótharraingtí agus iasachtaí, cáin chorparáideach, creidiúnaithe caipitil, léasanna, an t-athrú ar luach cóir na n-ionstraimí airgeadais díorthacha (dliteanais) arna n-aithint sa ráiteas ar ioncam cuimsitheach eile san áireamh.*

# Nótaí a ghabhann leis na Ráitis Airgeadais

### B. Ús glan íoctha

| | 2019 €'000 | 2018 €'000 |
|---|---|---|
| Ús iníoctha (nóta 11) | **761** | 2,458 |
| Ús infhála (nóta 11) | **(32)** | - |
| Gluaiseacht i bhfabhruithe úis | **(18)** | 216 |
| | **711** | 2,674 |

### C. Anailís ar ghluaiseachta i nglanfhiachas

| | Iarmhéid 1 Eanáir €'000 | Sreafaí Airgid €'000 | Iarmhéid 31 Nollaig €'000 |
|---|---|---|---|
| Airgead ag an mbanc | 75,217 | **18,300** | 93,517 |
| Iasachtaí | (89,292) | **(244)** | (89,536) |
| | **(14,075)** | **18,056** | **3,981** |

### D. Réiteach an ghlansreafa airgid le gluaiseacht i nglanfhiachas

| | 2019 €'000 | 2018 €'000 |
|---|---|---|
| Méadú ar airgead sa bhliain airgeadais | **18,300** | 66,785 |
| Insreabhadh/(eis-sreabhadh) airgid ar iasachtaí bainc | **(244)** | 72,742 |
| | **18,056** | 139,527 |
| Glanfhiachas ag tús na bliana airgeadais | **(14,075)** | (153,602) |
| **Airgead/(glanfhiachas) ag deireadh na bliana airgeadais** | **3,981** | (14,075) |

# Nótaí a ghabhann leis na Ráitis Airgeadais

## 32. Nóta le Ráiteas na Cuideachta ar Shreafaí Airgid

### A. Réiteach brabúis go glansreabhadh airgid ó ghníomhaíochtaí oibriúcháin

| | Nótaí | 2019<br>€'000 | 2018<br>€'000 |
|---|---|---|---|
| **Brabús don bhliain airgeadais** | | **45,438** | 134,797 |
| Coigeartuithe i leith: | | | |
| Amúchadh sócmhainní doláimhsithe | 15 | **1,994** | 1,719 |
| Dímheas ar shócmhainní inláimhsithe | 16 | **9,198** | 9,027 |
| Brabús ó dhiúscairt sócmhainní inláimhsithe | | **(12,137)** | (9,105) |
| Brabús ar dhíolachán infheistíochtaí i gcomhfhiontair | | **-** | (95,507) |
| Gnóthachan ar athluacháil reádmhaoine infheistíochta | 16 | **-** | (5,221) |
| Míreanna eisceachtúla eile | | **-** | 6,806 |
| Ídiú sócmhainní bitheolaíocha | 17 | **15,210** | 13,019 |
| Amúchadh deontas | 25 | **(1,822)** | (1,539) |
| Ús iníoctha | | **748** | 2,452 |
| Ús infhála | | **(20)** | - |
| Costais mhaoinithe eile | | **1,049** | 1,479 |
| Cánachas | | **3,776** | 4,370 |
| Gluaiseachtaí i bhforálacha do dhliteanais[1] | | **92** | (17) |
| An difríocht idir muirear pinsin agus ranníocaíochtaí airgid | | **(3,751)** | (5,299) |
| **Gluaiseachtaí i gcaipiteal oibre:** | | | |
| (Méadú)/laghdú ar stoc | | **(355)** | 635 |
| Méadú ar fhéichiúnaithe[2] | | **(4,013)** | (780) |
| Méadú/(laghdú) ar chreidiúnaithe[3] | | **3,047** | (3,115) |
| **Glan-insreabhadh airgid ó ghníomhaíochtaí oibriúcháin roimh íoc cánach** | | **58,454** | 53,721 |

*[1] Gan foráil d'athphlandú plandálacha foraoise glanleagtha, do ghnóthais chomhfhiontair agus chomhlacha agus foráil do cháin iarchurtha san áireamh.*

*[2] Gan deontais caipitil infhála, cáin chorparáideach, méideanna dlite ó ghnóthais chomhfhiontair/chomhlacha, plandálacha foraoise atá le plandú, sócmhainn cánach iarchurtha agus an t-athrú ar luach cóir na n-ionstraimí airgeadais díorthacha (sócmhainní) arna n-aithint sa ráiteas ar ioncam cuimsitheach eile san áireamh.*

*[3] Gan rótharraingtí agus iasachtaí, cáin chorparáideach, creidiúnaithe caipitil, léasanna, an t-athrú ar luach cóir na n-ionstraimí airgeadais díorthacha (dliteanais) arna n-aithint sa ráiteas ar ioncam cuimsitheach eile san áireamh.*

# Nótaí a ghabhann leis na Ráitis Airgeadais

## 33. Idirbhearta le Páirtithe Gaolmhara

**An Ghrúpa**

### A. Úinéireacht na Cuideachta

Tá gnáthscair amháin ag an Aire Talmhaíochta, Bia agus Mara agus tá an chuid eile den scairchaipiteal eisithe i seilbh an Aire Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe.

I gcomhréir le hAlt 33.11 de FRS 102, tá an Grúpa díolmhaithe ó idirbhearta le páirtithe gaolmhara a nochtadh d'eintiteas eile atá ina pháirtí gaolmhar mar tá rialú, rialú comhpháirteach nó tionchar suntasach ag Rialtas na hÉireann ar an nGrúpa agus ar an eintiteas sin araon.

### B. Cúiteamh don phríomhphearsanra bainistíochta

Tá an cúiteamh iomlán don phríomhphearsanra bainistíochta nochta i nóta 8.

**An Chuideachta**

Seachas na hidirbhearta atá nochta thuas, bhí idirbhearta eile na cuideachta le páirtithe gaolmhara le fochuideachtaí faoi úinéireacht iomlán agus dá bhrí sin ní dhearnadh iad a nochtadh.

## 34. Teagmhais Iarchláir Chomhardaithe

De réir mar a pléadh i Ráiteas an Chathaoirligh agus in athbhreithniú an Phríomhfheidhmeannaigh, tá an Grúpa ag dul i ngleic le hiarmhairt phaindéim Covid-19 ar oibríochtaí an Ghrúpa. Toisc gur teagmhas neamh-choigeartaithe tar éis an chláir chomhardaithe í an ráig, níl iarmhairt ar bith ar aithint agus ar thomhas shócmhainní agus dhliteanais an Ghrúpa amhail an 31 Nollaig 2019. Ní raibh aon teagmhais shuntasacha eile ann ó dheireadh na bliana airgeadais.

## 35. Faomhadh na Ráiteas Airgeadais

Rinne na Stiúrthóirí na ráitis airgeadais a fhaomhadh an 30 Márta 2020.

# Faisnéis Chorparáideach

### Oifig Chláraithe

Bóthar Bhaile Átha Cliath,
Baile an Chinnéidigh,
Co. Chill Mhantáin.

### Abhcóide Ghinearálta agus Rúnaí na Cuideachta

Grainne McLaughlin

### Iniúchóirí

KPMG
Cuntasóirí Cairte & Iniúchóirí Cláraithe

### Baincéirí

Banc na hÉireann
Banc Uladh
Banc-Aontas na hÉireann
Rabobank Ireland
Danske Bank
An Banc Eorpach Infheistíochta

### Bróicéirí Árachais

Marsh Ireland

### Dlíodóirí

Arthur Cox
Byrne Wallace
BLM
Eversheds Sutherland
McCann FitzGerald
McDowell Purcell
Mason Hayes & Curran
Matheson

### Ceannoifig Choillte

Bóthar Bhaile Átha Cliath,
Baile an Chinnéidigh,
Co. Chill Mhantáin.

Teil: 1890 367 378
Facs: +353 1 2011199

### Smartply Europe DAC

Belview,
Sliabh Rua,
Port Láirge.

Teil: +353 51 851233
Facs: +353 51851130

### Medite Europe DAC

Baile Mhic Réamainn,
Cluain Meala,
Co. Thiobraid Árann.

Teil: +353 52 6182300
Facs: +353 52 6121815

### Medite Smartply UK Ltd

Persimmon House,
Anchor Boulevard,
Crossways Business Park
Dartford,
Kent DA2 6QH,
England.

Teil: +44 1322 424900
Facs: +44 1322 424920



Grianghraf: Páirc Foraoise na Craobhaí, Ráth Droma, Co. Chill Mhantáin.




Grianghrafadóireacht

Joe Ladrigan

Ríomhphost: jlpireland@gmail.com

Instagram: @joe.ire

Dearadh

stephensmithdesign.com

Clóbhuáil

neogen.ie

*Clúda:*

*300gsm Edixion Neamhbhrata le*

*Bailchríoch Bloic de Scragall Airgid*

*Téacs:*

*140gsm Edixion Neamhbhrata*

*Tá Edixion deimhnithe de réir FSC®*

COILLTE
FÁS · BUNATHRAIGH · COTHAIGH

Le haghaidh a thuilleadh faisnéise a fháil
faoi Choillte, déan teagmháil linn ag:
Coillte,
Bóthar Bhaile Átha Cliath,
Baile an Chinnéidigh,
Co. Chill Mhantáin,
A63 DN25.

Teil: +353 1 201 1111
Rphost: info@coillte.ie
www.coillte.ie

FSC
www.fsc.org
FSC® C005714
The mark of responsible forestry

GREEN STAR SYSTEM